# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 97

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

28 Feabhra 2022

Clár

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Coiste na Réigiún**

**An 147ú seisiún iomlánach de CnaR (cruinniú hibrideach ar *Interactio*), 2021.12.1–2021.12.2**

2022/C 97/01 Rún maidir le Clár Oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh agus tosaíochtaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún do 2022 . . . 1

2022/C 97/02 Rún Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an togra le haghaidh Bhliain Eorpach na hÓige . . . 7

TUAIRIMÍ

**Coiste na Réigiún**

**An 147ú seisiún iomlánach de CnaR (cruinniú hibrideach ar *Interactio*), 2021.12.1–2021.12.2**

2022/C 97/03 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh . . . 10

2022/C 97/04 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Plean Sáraithe Ailse na hEorpa . . . 17

2022/C 97/05 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Cur Chun Feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta . . . 21

2022/C 97/06 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach . . . 26

2022/C 97/07 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach . . . 30

2022/C 97/08 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Geilleagar gorm inbhuanaithe agus an dobharshaothrú . . . 36

2022/C 97/09 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Straitéis nua tionsclaíochta 2020 a nuashonrú: margadh aonair níos láidre a thógáil ar mhaithe le téarnamh na hEorpa . . . 43

GA

2022/C 97/10 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach ar an mBeartas Iomaíochta 2020 . . . . . 50

2022/C 97/11 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Gné inscne chistí struchtúracha agus comhtháthaithe 2021-2027, ag díriú ar ullmhú na gclár oibríochtúil . . . . . 56


---

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

**Coiste na Réigiún**

**An 147ú seisiún iomlánach de CnaR (cruinniú hibrideach ar *Interactio*), 2021.12.1–2021.12.2**


2022/C 97/12 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Cur chuige Eorpach maidir leis an intleacht shaorga – Gníomh um an Intleacht Shaorga (tuairim athbhreithnithe) . . . . . 60

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

# RÚIN

# COISTE NA RÉIGIÚN

## AN 147ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR (CRUINNIÚ HIBRIDEACH AR *INTERACTIO*), 2021.12.1–2021.12.2

## Rún maidir le Clár Oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh agus tosaíochtaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún do 2022

(2022/C 97/01)

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN,

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

— Clár Oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh;

— an Prótacal maidir le Comhar leis an gCoimisiún Eorpach ó Fheabhra 2012;

— an Rún ó CnaR maidir lena thosaíochtaí do 2020-2025 [1];

— an Rún ó CnaR maidir lena thograí i bhfianaise Chlár Oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh [2] agus;

— an Rún ó CnaR maidir le Baraiméadar Bliantúil Réigiúnach agus Áitiúil an Aontais (2021) [3];

1. á iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na barúlacha agus na moltaí a chuirtear chun tosaigh sa rún seo a áireamh sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2022 agus tá sé faoi réir chun rannchuidiú lena chur chun feidhme;

2. á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún tiomanta d'obair leantach a dhéanamh ar thograí arna ndéanamh le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa; den bharúil go bhféadfadh an t-ardán digiteach ilteangach idirghníomhach agus na painéil saoránach a bheith mar ionstraim le haghaidh sásra uile-Aontais um idirphlé buan leis na saoránaigh agus tá sé ullamh chun páirt lárnach a imirt sa phróiseas sin;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gurb é 2022 Bliain Eorpach na hÓige agus tá sé tiomanta do bheith ag comhoibriú go dlúth le hinstitiúidí eile an Aontais agus leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn ar gach uile leibhéal;

**An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh**

4. ag athdhearbhú a achainí ar an gCoimisiún an ghné réigiúnach agus áitiúil a áireamh i raon feidhme na mbeart reachtach agus neamhreachtach a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach um an Daonlathas Eorpach agus cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé sláine na dtoghchán áitiúil agus réigiúnach a chosaint agus pobail áitiúla a chumhachtú sa chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe agus na bréagaisnéise;

5. á éileamh go dtabharfaí aird ar staid na meán áitiúil agus réigiúnach sa tionscnamh reachtach a bheidh ann amach anseo chun saoirse na meán a chosaint;

---

[1] COR-2020-01392-00-00-RES-TRA
[2] COR-2021-02507-00-00-RES-TRA
[3] COR-2021-03857-00-00-RES-TRA

6. i bhfách leis go bhfuil béim á cur ag an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm éifeachtach an smachta reachta a ráthú, lena n-áirítear an prionsabal maidir le tosaíocht dhlí an Aontais mar réamhriachtanas do chearta comhionanna agus do dheimhneacht dhlíthiúil, agus comhbheartais á bhfeidhmiú;

7. á thabhairt le fios gur gá leanúint de na hiarrachtaí atá ar bun chun Aontas an Chomhionannais a bhaint amach, lena n-áirítear trí bhearta nua a mholadh chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, agus tá sé ag súil leis, ar an gcúis sin, go mbeidh sé rannpháirteach i mbunú chomhlacht eitice nua idirinstitiúideach an Aontais;

8. lántiomanta don choincheap "coimhdeacht ghníomhach" a chur chun feidhme agus tá sé á iarraidh athuair go n-úsáidfí an Ghreille Mheastóireachta ar Choimhdeacht ar bhonn córasach i dtograí ón gCoimisiún;

9. ag tacú leis an rún chun an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a laghdú tríd an gcur chuige "ceann amháin isteach, ceann amháin amach"; ag dréim leis, ar a shon sin, go mbeidh an cleachtas sin i gcomhréir le caighdeáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an Aontais agus go mbeifear ag brath ar chur chuige fianaise-bhunaithe agus ar mheasúnú ar chostas na neamhghníomhaíochta;

10. ag athdhearbhú a achainí go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le rialáil níos fearr, maille leis na treoirlínte agus an bosca uirlisí maidir le rialáil níos fearr, agus an ghné il-leibhéil den phróiseas rialála Eorpach á n-ionchorprú iontu, faoi mar a mhol an Tascfhórsa um Choimhdeacht;

11. á chur in iúl gur geal leis, sa chomhthéacs sin, tiomantas an Choimisiúin do mheasúnuithe tionchair chríochaigh agus an cur chuige a bheidh chun leas na tuaithe a neartú i dtreo go gcuirfear san áireamh ar dhóigh níos fearr riachtanais agus sainiúlachtaí chríocha éagsúla an Aontais; á thabhairt le fios gur gá réigiúin teorann a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, iarrann CnaR ar an gCoimisiún a ráthú go n-áireofar sna measúnuithe ar thionchar tionscanta agus sna measúnuithe tionchair meastóireacht ar an tionchar éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ag gach tionscnamh reachtach ó thaobh críche de; ag tacú, ar a mhuin sin, le pleananna an Choimisiúin comhdháil mhórscála maidir le rialáil níos fearr a reáchtáil in 2022, agus aird faoi leith á tabhairt ar an ngné áitiúil agus réigiúnach, faoi mar a rinne sé i gcás an ardáin "Réidh don Todhchaí";

12. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an fhadbhreathnaitheacht mar uirlis pholaitiúil, murab ionann is riamh, chun dearcthaí fadtéarmacha fianaise-bhunaithe a fhorbairt i roinnt mhaith réimsí beartais ina bhfuil na príomhfhreagrachtaí ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, amhail tacaíocht eacnamaíoch, déimeagrafaíocht, bearta um maolú an athraithe aeráide agus bearta um oiriúnú don athrú aeráide, an t-oideachas, an tsláinte, scileanna nó bonneagar. ag athdhearbhú, ar an ábhar sin, go bhfuil sé tiomanta do thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus acmhainneacht fhadbhreathnaitheach na leibhéal áitiúil agus réigiúnach á mapáil aige chun taithí áitiúil agus réigiúnach a chur san áireamh, go háirithe an tuarascáil bhliantúil maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach;

**Pobail a bhfuil teacht aniar iontu a chothú**

13. á éileamh go n-eagrófaí ardáin agus idirphlé il-leibhéil ar bhonn córasach d'fhonn rannpháirtíocht struchtúrtha agus chuimsitheach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a áirithiú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme thionscnaimh an Chomhaonaithe Ghlais;

14. ag leagan béim ar na mórdhúshláin chríochacha a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear in earnáil an iompair, agus aithníonn sé cás sonrach réigiún ina bhfuil tábhacht faoi leith ag an tionscal gluaisteán agus iarrann sé go mbeidh idirphlé il-leibhéil ann maidir le haistriú cóir earnáil na ngluaisteán;

15. á chur in iúl go leanfaidh sé de bheith ag tacú le fís fhadtéarmach a chur chun feidhme do limistéir thuaithe agus leis an aistriú chuig talmhaíocht atá níos glaise, níos cliste agus níos inbhuanaithe. Ach Clár Oibre Tuaithe a bhunú, ba cheart go soláthrófaí an bonn le haghaidh sásra rialachais do limistéir thuaithe, agus féiniúlachtaí áitiúla agus sainiúlachtaí áitiúla á gcosaint san am céanna, mar aon le táscairí soiléire cainníochtúla le haghaidh gné thuaithe sa seimeastar Eorpach;

16. i bhfách leis go bhfuil tosaíocht á tabhairt don uaillmhian maidir le truailliú nialasach chun daoine agus éiceachórais a chosaint agus tá sé ag súil leis go gcuirfear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san áireamh sa phacáiste maidir le truailliú nialasach atá ar na bacáin, go háirithe trí ardán ábhartha geallsealbhóirí agus scórchlár réigiúin an Aontais a chur ar bun;

17. á iarraidh go gcuirfí san áireamh i dtograí atá le teacht maidir le plaistigh agus maidir leis an ngeilleagar ciorclach barúlacha a cuireadh in iúl cheana i dtuairimí ábhartha ó CnaR, lena n-áirítear béim ar inniúlachtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le dramhaíl a bhailiú agus a bhainistiú;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid na teicneolaíochta spáis agus infhaighteacht sonraí ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn tuilleadh ar mhaithe leis an athrú aeráide a chomhrac, an t-aistriú fuinnimh a chothú, an comhshaol a chosaint agus an Comhaontú Glas a chur chun feidhme;

19. ag tnúth leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh d'fhonn an Rabharta Athchóiriúcháin a chur chun feidhme ina iomláine agus iarrann sé ar an gCoimisiún cur leis an gcomhar feabhsaithe leanúnach le CnaR;

20. ag athdhearbhú gur gá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an Rialachán maidir le rialachas an aontais fuinnimh má tá rath le bheith ar an gComhaontú Glas don Eoraip, agus é á nascadh le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus le creat na SDGanna, maille le cur chun feidhme struchtúrach an rialachais il-leibhéil trí idirphlé córasach il-leibhéil maidir leis an gComhaontú Glas;

21. á chur in iúl gur cúis áthais dó an bosca uirlisí chun luaineachtaí praghsanna fuinnimh a bhainistiú agus iarrann sé go gcuirfí tús le gníomhaíocht threisithe chun comhrac a chur ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar leochaileacht i leith an athraithe aeráide;

22. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur aithníodh an nasc lárnach idir géarchéim na haeráide agus na bithéagsúlachta agus tá sé teann air nach mór don Choimisiún leanúint den rialachas il-leibhéil a chur chun cinn san Aontas agus níos faide i gcéin, ag cur le dearbhú Dhún Éideann, go háirithe le linn COP15 Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht agus COP27 UNFCCC atá ar na bacáin; á iarraidh Dlí Aigéin a thabhairt isteach lena dtabharfaí ról do na húdarais áitiúla agus réigiúnacha maidir le cosaint na muirthimpeallachta;

23. á iarraidh go dtreiseofaí cur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, ag tógáil ar an misean maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus ar Shaoráid Tacaíochta Beartais um oiriúnú don athrú aeráide;

24. á chur in iúl gur geal leis an uaillmhian atá ag an gCoimisiún na spriocanna a leagtar amach i gCompás Digiteach 2030 a bhaint amach agus iarrann sé go ndéanfaí an comhtháthú digiteach a ionchorprú i mbeartais an Aontais mar ghné chomhlántach don chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach;

25. á chur in iúl gur saoth leis an easpa táscairí ábhartha ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach trínar féidir faireachán a dhéanamh ar spriocanna Dheacáid Dhigiteach 2030; ag féachaint, ar an ábhar sin, le táscairí den chineál sin a fhorbairt;

26. á chur in iúl gur cúis áthais dó a thiomanta atá an Coimisiún Ionstraim Eorpach um Shliseanna a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar spleáchas ard an Aontais ar sholáthróirí teicneolaíochtaí úrscothacha tríú tíortha;

27. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tionscnamh dlí a fógraíodh le haghaidh Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go léireofar príomhról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa togra uaidh, go háirithe a mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar shuaitheadh sa Mhargadh Aonair i gcríocha a bhraitheann ar shlabhraí soláthair láidre trasteorann agus ar mhalartuithe láidre trasteorann;

28. á chur in iúl gur geal leis go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas iomaíochta an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór breithniú cúramach a dhéanamh in athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shainmhíniú an mhargaidh ar a mhéid a dhéanfaidh sé sin difear don chothromaíocht eacnamaíoch idir réigiúin éagsúla an Aontais, chomh maith le FBManna agus tomhaltóirí;

29. aiféalach faoi nach ndéantar foráil i gClár Oibre an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar na hathruithe bunúsacha a thiocfaidh as an gComhaontú Glas, an digiteáil agus an dícharbónú do thionscal na hEorpa; á mholadh, dá bhrí sin, go ndéanfadh an Coimisiún an beartas tionsclaíochta a bheidh aige amach anseo a nascadh le riachtanais a bheidh ann sa todhchaí agus ceachtanna ó éiceachórais réigiúnacha iomaíocha, tábhacht na bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte á gcur san áireamh san am céanna;

30. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta bunúsacha na saoránach a chosaint i rialacháin an Aontais amach anseo maidir leis an intleacht shaorga agus ceanglais eiticiúla a neartú chun teicneolaíochtaí intleachta saorga ardriosca a úsáid; á chur in iúl gur cúis áthais dó, sa chomhthéacs sin, comhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh faoi rialacha maidir le dliteanas sibhialta a chur in oiriúint do dhúshláin shonracha na ré digití agus na hintleachta saorga ([4]) [1] agus tá sé ag dréim leis go dtiocfaidh creat cothrom le dáta as sin a bheidh dírithe ar shásamh tomhaltóirí i leith damáiste a dhéantar le feidhmchláir intleachta saorga a áirithiú;

31. tiomanta d'obair a dhéanamh chun Aontas Sláinte Eorpach lánfheidhme a bhunú lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta agus iarrann sé go mbeadh ról níos soiléire ag Parlaimint na hEorpa agus ag réigiúin maidir leis an Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte a bheidh ann amach anseo, maille leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte; á éileamh go sainráite go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme i gcás éigeandálaí sláinte, mar chuid den togra maidir leis an Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), agus faoin dréacht-rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte;

---

([4]) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12979-Civil-liability-adapting-liability-rules-to-the-digital-age-and-artificial-intelligence/public-consultation_ga.

32. á iarraidh ar an gCoimisiún ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le hailse a chosc a chur san áireamh; ullamh chun comhairle a thabhairt i ndáil leis an moladh maidir le scagthástáil atá le teacht agus chun bheith páirteach sa phróiseas cur chun feidhme;

33. ag athdhearbhú na moltaí atá sa tuairim uaidh maidir leis an *Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann*. Ní féidir comhbheartas imirce a bhaint amach a bheidh bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus a áiritheoidh go ndéanfar sreabha imirce a bhainistiú go héifeachtúil faoi mar a cheanglaítear leis na Conarthaí ach amháin le rannpháirtíocht gach leibhéil rialachais, lena n-áirítear an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach;

34. ag athdhearbhú go bhfuil gá le limistéar Schengen feidhmiúil gan teorainneacha inmheánacha; ag tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint agus, san am céanna, an smacht reachta agus cearta an duine á n-urramú;

35. á iarraidh ar institiúidí an Aontais tacaíocht airgeadais a thabhairt do na Ballstáit sin a n-éiríonn leo teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint;

36. á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhordú, comhar agus malartú faisnéise níos láidre idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na Ballstáit agus na húdaráis forfheidhmithe dlí chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar choireanna trasteorann agus go háirithe an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe;

37. ag súil leis go ndéanfaidh an Coimisiún obair leantach maidir leis an iarraidh ó CnaR féachaint chuige go mbeidh an caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas níos doimhne ar bhonn críochach. Rannchuideoidh CnaR le comhar críochach a éascú agus a fhorbairt leis na náisiúin dhíláraithe agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear thar chreat institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair;

38. á iarraidh go mbunódh an Coimisiún tacaíocht leanúnach agus struchtúrtha don phiarchomhar idir údaráis áitiúla sna Balcáin Thiar agus a gcomhpháirtithe san Aontas agus go ndéanfaí an méid sin go háirithe trína Chomhchoistí Comhairliúcháin le Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia, chomh maith le meitheal CnaR do na Balcáin Thiar; á chur in iúl gur geal leis athsheoladh an treoirthionscadail atá dírithe ar thacaíocht straitéiseach (TAIEX) a thabhairt do na húdaráis áitiúla sna Balcáin Thiar;

39. á chur in iúl gur cúis áthais dó tiomantas leanúnach an Choimisiúin do Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe tríd an togra ó CnaR a ghlacadh chun Acadamh Chomhpháirtíocht an Oirthir um Riarachán Poiblí a sheoladh;

40. ag athdhearbhú, laistigh den chomhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt, gur cheart d'institiúidí uile an Aontais na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a mheas mar phríomh-chomhpháirithe don fhorbairt inbhuanaithe d'fhonn dinimic nua a chruthú d'athchóirithe díláraithe;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún aitheantas a thabhairt don ról a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun cur leis an tsíocháin agus leis an rathúnas i dtríú tíortha le tionscnaimh amhail Tionscnamh na Niocóise, ar sampla nithiúil é den phiarchomhar;

42. á iarraidh go mbeadh plean soiléir ann maidir le tiomantas fadtéarmach agus atreisiú airgeadais an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus na n-ionstraimí lena ngabhann, ó thaobh tubaistí a chosc agus ullmhacht do thubaistí, chomh maith leis an acmhainneacht chomhchoiteann Eorpach phráinnfhreagartha. ag tathant ar an gCoimisiún taithí réigiúnach agus áitiúil maidir le bainistiú tubaistí a áireamh sa Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta a bunaíodh le déanaí;

**Comhtháthú, an bunluach seo againne**

43. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe agus éilíonn sé, dá bhrí sin, go dtabharfaí deis do na cathracha agus na réigiúin an leas is fearr is féidir a bhaint as an ionstraim théarnaimh *Next Generation EU*, d'fhonn infheistíochtaí fadtéarmacha agus inbhuanaithe atá á bpleanáil acu faoin mbeartas comhtháthaithe a chomhdhlúthú;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt ar ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil i gcéim chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (NRRPanna) ina "Tuarascáil Athbhreithnithe" maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), atá le cur i láthair faoi mhí Iúil 2022 (Airteagal 16 de Rialachán RRF); á iarraidh go n-urramófaí go hiomlán prionsabal na comhpháirtíochta agus a chur chun feidhme sa Chiste um Aistriú Cóir agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus go ndéanfaí na NRRPanna uile a fhormheas go pras;

45. á chur in iúl gur díol sásaimh dó athsheoladh an athbhreithnithe ar rialachas eacnamaíoch ag an gCoimisiún agus creideann sé gur mithid athmhachnamh a dhéanamh ar chreat fioscach an Aontais ionas nach mbeidh an infheistíocht phoiblí agus na seirbhísí poiblí ina n-athróg um choigeartú athuair;

46. á chur in iúl gurb oth leis nár chuimnigh an Coimisiún ar shíneadh bliana breise a chur leis an ráta cómhaoinithe 100 % agus ar an tairseach *de minimis* a mhéadú laistigh den Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus, agus na srianta buiséadacha atá fós os comhair na n-údarás réigiúnach agus áitiúil á gcur san áireamh;

47. á chur in iúl gur geal leis an cinneadh comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais leis na réigiúin is forimeallaí a athnuachan d'fhonn tionchar ráig COVID-19 a mheas mar is ceart agus tacaíocht an Aontais a choigeartú;

48. á chur in iúl gur cúis bhuartha dó go bhfuil na Comhaontuithe Comhpháirtíochta á bhformheas go mall sna Ballstáit, maidir le hionsú íseal na gcistí struchtúracha atá ar fáil agus molann sé go mbeadh dlúthchomhar idir na réigiúin agus institiúidí an Aontais chun dlús a chur leis an ráta formheasa, lena n-áirítear i gcás na gclár oibríochtúla;

49. á iarraidh ar an gCoimisiún, de bhreis ar an suíomh gréasáin atá ann faoi láthair le haghaidh caidreamh infheisteoirí, tairseach gréasáin tiomnaithe a chruthú le haghaidh saincheisteanna maidir le bannaí Eorpacha ina mbeidh na sonraí comhiomlánaithe iomlána le haghaidh na mbannaí agus na mbillí uile a cuireadh ar an margadh faoi chuimsiú na hionstraime téarnaimh *Next Generation EU* agus faoi chuimsiú Bhannaí Glasa na hionstraime téarnaimh *Next Generation EU*;

50. ag leagan béim air go bhfuil gá le creat beartais AE i dtreo gur féidir seirbhísí poiblí trasteorann a bhunú agus a bhainistiú go héifeachtúil; á iarraidh freisin go mbeadh creat dlíthiúil níos láidre ann lena áirithiú go dtabharfar tacaíocht don chomhar idir gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla i réigiúin teorann an Aontais, lena ráthófar caighdeáin íosta don chomhar trasteorann i gcás géarchéimeanna chun leibhéal leordhóthanach seirbhísí poiblí a choinneáil;

51. á chur in iúl gur saoth leis nach léirítear roinnt beart faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste atá beartaithe do 2022 i gClár Oibre an Choimisiúin, go háirithe i ndáil le hiompar comhcheangailte, seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus éifeachtúlacht an iompair ar iarnród idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis áthais dó, áfach, go n-áirítear "seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódúla" sa Chlár Oibre agus cuireann sé i bhfios go láidir nach mór iompar poiblí comhchoiteann, ar minic a eagraíonn na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla é mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, a bheith i gcroílár an tionscnaimh seo;

52. ag athdhearbhú nach mór Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme go pras, maille le táscairí a bhfuil níos mó i gceist leo ná OTI chun dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a thomhas lena n-éascófar an t-aistriú chuig geilleagar na dea-bhaile atá inbhuanaithe;

53. ag fuireachas leis an moladh maidir le hioncam íosta, mar chéim i dtreo deireadh a chur leis an mbochtaineacht san Aontas agus mar bheart leantach a bhfuil géarghá leis i ndáil leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach;

54. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur bunaíodh an tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac. Is é an chéad chéim é lena léirítear na héilimh a rinne CnaR thar na blianta go mbeadh beartas níos éifeachtúla ann i leith na heaspa dídine;

55. ag tathant ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar an obair a rinne CnaR le déanaí maidir le hoibrithe cúraim agus seirbhísí cúraim ina Straitéis Eorpach Cúraim atá le teacht;

56. ag tnúth leis an bPacáiste Oideachais ón gCoimisiún agus cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé sineirgí agus comhleanúnachas a áirithiú leis na tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun scileanna digiteacha a fheabhsú;

57. á chur in iúl gur geal leis an clár ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) atá beartaithe agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbeidh na hacmhainní a leithdháilfear ar an gclár ag teacht leis an líon suntasach daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) san Aontas;

58. á chur i bhfios go láidir gur gá Limistéar Eorpach Taighde a chur i gcrích trí thacaíocht a thabhairt d'éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha trí chur chuige straitéiseach comhordaithe ar gach leibhéal rialtais agus tá sé ag tnúth leis an gcoincheap líonra mhoil réigiúnacha an Limistéir Eorpaigh Taighde (moil LET) a fhorbairt i gcomhpháirt leis an gCoimisiún;

59. ag tacú le cur chun feidhme na misean faoin gclár Fís Eorpach mar chéimeanna móra chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha ach leagann sé béim freisin ar an ngá atá le córas éifeachtach rialachais il-leibhéil lena gcomhcheanglaítear na misin le straitéisí forbartha áitiúla agus réigiúnacha, le bearta téarnaimh COVID-19 agus le cistiú nuálaíochta trí na cistí struchtúracha;

60. á chur in iúl gurb oth leis nach luaitear speisialtóireacht chliste sa Chlár Oibre mar phríomhchoincheap chun scaipeadh clár agus beartas éagsúil a shárú d'fhonn an nuálaíocht a chur chun cinn;

61. á chur in iúl gur saoth leis nach luaitear a thogra le haghaidh straitéis nua do thurasóireacht na hEorpa 2030/2050 i gclár oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún fís uaillmhianach nua don turasóireacht inbhuanaithe a chur i láthair, agus tionchar COVID-19 agus téarnamh glas agus digiteach á gcur san áireamh;

62. á threorú dá Uachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Slóivéine, Uachtaránacht na Fraince agus Uachtaránacht na Seicia ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

**Rún Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an togra le haghaidh Bhliain Eorpach na hÓige**

**Arna cur isteach ag na grúpaí seo a leanas: PPE, PSE, Renew Europe, ECR, an Chomhghuaillíocht Eorpach (EA) agus na Glasaigh**

(2022/C 97/02)

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 ([1])

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an togra ón gCoimisiún Eorpach chun 2022 a ainmniú mar "Bliain Eorpach na hÓige", agus tacaíonn sé le cuspóirí foriomlána an togra, lena ndírítear ar rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach agus sibhialta a spreagadh agus ar thacú le forbairt tallann agus forbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil daoine óga in Aontas atá níos glaise, níos digití agus níos cuimsithí;

2. á chur i dtábhacht gur cheart leas a bhaint as Bliain Eorpach na hÓige 2022 chun rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach a spreagadh d'fhonn daonlathas rannpháirtíochta agus ionadaíoch araon a neartú, ní hamháin trí na daoine óga a chur ar an eolas faoi bheartais a dhéanann difear dóibh ach trí iad a rannpháirtiú freisin i gceapadh, i mbainistiú agus i gcur chun feidhme na mbeartas sin;

3. á chur i dtábhacht, chuige sin, nach mór daoine óga a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear i dtaca le beartais a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, ina bhfuil éagsúlachtaí ó ghlúin go glúin le feiceáil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tsíleáil ghloine lena gcuirtear cosc ar dhaoine óga páirt shuntasach a ghlacadh sa saol polaitiúil. Sa chomhthéacs sin, cuireann sé i bhfáth an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le rannpháirtíocht na n-óg a chur chun cinn sa daonlathas áitiúil nó trí thacú le heagraíochtaí áitiúla don óige, le comhairlí óige agus le parlaimintí óige;

4. á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa mar mhodh chun féiniúlacht agus saoránacht Eorpach a chothú atá bunaithe ar luachanna coiteanna agus chun an t-easnamh daonlathais san Aontas a laghdú. Iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go gcuirfear san áireamh go hiomlán an t-ionchur a chuireann daoine óga ar fáil trí bhealaí éagsúla, amhail an Cruinniú Eorpach um an Óige (EYE2021);

5. den tuairim gur cheart cuspóir breise a bheith ag Bliain Eorpach na hÓige chun oidhreacht fhadmharthanach na bliana sin a áirithiú agus mar aitheantas ar chineál trasearnála bheartas na hóige, is é sin, dearcadh na hóige a phríomhshruthú i réimsí beartais uile an Aontais ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

6. réidh chun Clár na bPolaiteoirí Tofa Óga a neartú a thuilleadh ina chuid oibre féin, agus na samplaí is fearr den chlár sin a roinnt le geallsealbhóirí eile. I ndáil leis an méid sin, cuireann sé in iúl gur uirlis éifeachtach é idirphlé áitiúil CnaR chun feabhas a chur ar chumarsáid oscailte sa dá threo leis na saoránaigh, go háirithe le daoine óga, ar chlár oibre polaitiúil an Aontais Eorpaigh, agus chun a dtuairimí a chur in iúl do chinnteoirí an Aontais;

7. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tábhacht a leagtar ar an gcuimsitheacht agus aithníonn sé nach féidir cuspóirí Bhliain Eorpach na hÓige a chomhlíonadh ach amháin trí riachtanais agus mianta na ndaoine óga uile, dá éagsúla le chéile iad uaireanta, a chur san áireamh, agus d'fhonn comhdheiseanna a áirithiú. Áirítear leis sin daoine óga ó réigiúin thuaithe, fhorimeallacha agus bheagfhorbartha, chomh maith le grúpaí atá éagsúil go sóisialta nó grúpaí leochaileacha, bíodh sin ar bhonn cúlra socheacnamaíoch, inscne, cine, reiligiúin, gnéaschlaonta, bunaidh nó míchumais;

8. á chreidiúint nár cheart Bliain Eorpach na hÓige a bheith teoranta do dhaoine óga ó 27 mBallstát an Aontais, ach gur cheart imircigh óga agus daoine óga ó thíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha a bheith rannpháirteach inti freisin;

9. den tuairim gur cheart don Bhliain Eorpach dlús a chur le neartú na dlúthpháirtíochta idirghlúine le haghaidh comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach níos fearr, agus sochaithe níos cuimsithí. Chuige sin, leagann sé béim ar na hathruithe déimeagrafacha atá ag dul i méid, agus a bhfuil éagsúlachtaí láidre críochacha ag baint leo, mar gheall ar imirce daoine oilte agus inimirce daoine oilte, i measc nithe eile. Le linn na bliana Eorpaí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar thionchar suntasach na n-athruithe sin ar dhaoine óga ó thaobh na dlúthpháirtíochta idirghlúine agus an tsaoil oibre de, chomh maith leis an deighilt uirbeach-tuaithe;

([1]) COM(2021) 634 final.

10. á chur in iúl gur buaileadh buille mór ar dhaoine óga ó thaobh oideachais, fostaíochta, meabhairshláinte agus ioncam airgeadais de dheasca ghéarchéim COVID-19. Tá sé ag iarraidh go ndéanfar iarrachtaí a threisiú le linn na Bliana Eorpaí chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige agus le dálaí oibre forbhásacha do dhaoine óga, lena n-áirítear intéirneachtaí gan phá, chomh maith le rochtain ar thithíocht, agus poist chuibhiúla nua a chruthú dóibh, agus aghaidh á tabhairt san am céanna ar shaincheist ríthábhachtach na scileanna a sheasfaidh an aimsir;

11. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus comhlachtaí sa tríú hearnáil, rannpháirteach i mbearta a chur i gcrích chun lánpháirtiú daoine óga i margadh an tsaothair a áirithiú. Creideann sé gur cheart do na córais oideachais agus oiliúna inniúlachtaí daoine óga a chur in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos fusa do dhaoine óga na scileanna agus na hacmhainní is gá a fháil chun iad a chumhachtú agus chun iad a rannpháirtiú sa phróiseas sin. Cuireann sé i dtábhacht nach mór an méid sin a áirithiú do limistéir trasteorann go háirithe;

12. á iarraidh go dtabharfar aird ar leith ar fhiontraíocht na n-óg trí thacú le fiontraithe óga, lena n-áirítear trí rochtain ar mhaoiniú a éascú, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar ghnólachtaí nuathionscanta, mar is minic a bhíonn deacrachtaí acu i ndáil leis sin. Iarrann sé freisin go gcuirfear bearta chun cinn lena spreagfar gnólachtaí chun daoine óga a earcú. Meabhraíonn sé a thábhachtaí atá sé oideachas a chur ar fáil ó aois óg i dtaca leis an bhfiontraíocht, an nuálaíocht, an smaointeoireacht chriticiúil, an chinnteoireacht, an chaoinfhulaingt ar an éiginnteacht, an cheannaireacht, comhoibriú, agus glacadh le rathúlacht agus cliseadh, i measc luachanna agus scileanna eile;

13. ag súil go mbeidh an Bhliain Eorpach ina garsprioc chun an sprioc a leagtar amach i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, is é sin líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a laghdú faoi chúig mhilliún faoi 2030, agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go rathúil. Ráthófar leis sin, i ngach Ballstát, rochtain éifeachtach agus saor ar oideachas agus ar chúram luath-óige, ar an oideachas agus ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe, ar bhéile sláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile, ar chúram sláinte, agus ar chothú sláintiúil agus tithíocht leordhóthanach;

14. á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá infheistíocht na hEorpa san oideachas, sa chultúr, san oideachas sibhialta agus i litearthacht sna meáin, rud atá an-tábhachtach chun daoine óga a chumasú a mbealach a dhéanamh go sábháilte tríd an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar na meáin shóisialta, agus ní hamháin sin, ach gan géilleadh don bhréagaisnéis. Ar an gcaoi chéanna, ní mór freisin infheistíocht a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach sa taighde eolaíoch arna dhéanamh ag daoine óga;

15. á athdhearbhú, mar obair leantach ar Bhliain Eorpach an Iarnróid, go n-oibreoidh sé leis an gCoimisiún Eorpach d'fhonn an tionscnamh DiscoverEU a fhorbairt a thuilleadh agus é a dhéanamh níos cuimsithí ó thaobh na geografaíochta de, chun tacú le scéimeanna réigiúnacha arna spreagadh ag DiscoverEU, agus chun é sin a nascadh le himeachtaí cultúrtha agus deiseanna cultúrtha atá ar fáil i gcathracha agus i réigiúin na hEorpa;

16. á chur in iúl gur díol sásaimh dó tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh dul i mbun staidéir agus taighde ar staid na ndaoine óga san Aontas. Cuireann sé i dtábhacht gur cheart sna hiarrachtaí sin dul i ngleic leis an easpa sonraí atá ar fáil maidir le daoine óga ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach, ar dúshlán tábhachtach é maidir le cumas na n-údarás réigiúnach agus áitiúil beartais éifeachtacha don óige a cheapadh agus a chur chun feidhme i gceart, ar beartais iad atá saincheaptha agus áitbhunaithe;

17. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an moladh go mbunófaí cruinnithe de chomhordaitheoirí náisiúnta arna gceapadh ag na Ballstáit chun reáchtáil Bhliain Eorpach na hÓige a eagrú, agus molann sé go gcuirfí Coiste na Réigiún san áireamh, mar bhreathnóir, i gcruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta.

18. á chur in iúl gur díol sásaimh dó na moltaí a d'ullmhaigh Polaiteoirí Tofa Óga Choiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige, agus iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach iad sin a chur san áireamh a mhéid is féidir agus céimeanna deartha agus cur chun feidhme ghníomhaíochtaí agus thionscnaimh Bhliain Eorpach na hÓige á gcur san áireamh;

19. á aithint gur tionscnamh é an gradam do Phríomhchathair Óige na hEorpa lena gcuirtear ar chumas daoine óga, lena dtugtar aitheantas iomlán don ról atá acu, agus lena n-ardaítear feasacht faoina riachtanais agus a mianta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal áitiúil. Dá bhrí sin, measann sé gur cheart comhlántachtaí a lorg idir Príomhchathair Óige na hEorpa agus Bliain Eorpach na hÓige chun a n-éifeachtacht fhrithpháirteach agus a bhfor-rochtain a threisiú;

20. á chur i dtábhacht gur cheart ranníocaíocht shuntasach ó chláir AE lasmuigh de Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áireamh i leithdháileadh buiséid an Choimisiúin Eorpaigh ar Bhliain Eorpach na hÓige 2022, gan cur isteach ar chur i gcrích na dtionscadal atá ann cheana. Thairis sin, ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar dheiseanna cistiúcháin le haghaidh tionscadail atá dírithe ar thacú le tionscnaimh áitiúla don aos óg le linn 2022 agus ina dhiaidh sin;

21. ag áitiú ar Pharlaimint na hEorpa agus ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh teacht ar chomhaontú go pras maidir le Bliain Eorpach na hÓige, chun go bhféadfar tús a chur le gníomhaíochtaí ó mhí Eanáir 2022 i leith;

22. á threorú dá Uachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Slóivéine, Uachtaránacht na Fraince agus Uachtaránacht na Seicia ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

# TUAIRIMÍ

# COISTE NA RÉIGIÚN

**AN 147ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR (CRUINNIÚ HIBRIDEACH AR *INTERACTIO*), 2021.12.1–2021.12.2**

## Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh

(2022/C 97/03)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Piero Mauro ZANIN (IT/EPP), Uachtarán agus Comhalta de Chomhairle Réigiúnach Friuli-Venezia Giulia |
| **Doiciméad tagartha:** | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Better regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh] (níl leagan Gaeilge ann).<br>An Bhruiséil, 29.4.2021<br>COM(2021) 219 final |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

### Rialáil níos fearr chun tacú le téarnamh an Aontais

1. á chur in iúl go láidir go measann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) go bhfuil córas rialála níos fearr an Aontais ar cheann de na córais rialála is forbartha ar domhan, atá in ann rialáil ar ardchaighdeán a chur ar fáil a bheidh oiriúnach don todhchaí agus atá ag teacht leis na mórdhúshláin chomhshaoil, dhigiteacha agus shóisialta atá le sárú ag an Aontas Eorpach;

2. á chur in iúl nach mór do dhlíthe an Aontais breisluach a chruthú, an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus i gcomhréir le cuspóirí an rialacháin ábhartha, agus a bheith soiléir agus trédhearcach, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chomhlíonadh;

3. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfear an rialachas il-leibhéil san Aontas san áireamh le córas rialála níos fearr an Aontais, ós rud é go gcuireann na Ballstáit, na réigiúin agus na húdaráis áitiúla an reachtaíocht Eorpach chun feidhme: tá rannpháirtíocht na leibhéil rialtais atá freagrach as reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme ina réamhriachtanas do reachtaíocht ardcháilíochta atá in ann oibriú i dtreo spriocanna comhchoiteanna. Dá bhrí sin, molann sé don Choimisiún tús áite a thabhairt don chomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe iad siúd a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu, le linn an timthrialla beartais, bunaithe ar mhodh oibre rialachais il-leibhéil;

4. á thabhairt dá aire go bhfuil tionchar teoranta fós ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a thoghtar go daonlathach ar mhúnlú reachtaíocht an Aontais a cheanglaítear orthu a chur chun feidhme: ní mór ról níos mó a thabhairt do na húdaráis sin agus do CnaR (a n-ionadaí institiúideach ar leibhéal an Aontais) sa chóras rialachais Eorpach;

5. á chur in iúl gur mór aige iarrachtaí an Choimisiúin a ról mar chaomhnóir na gConarthaí a neartú, díriú ar rialáil an Aontais a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí, agus dá réir sin, níos mó a dhéanamh chun é sin a áirithiú, agus a thacaíocht do na Ballstáit, do na réigiúin agus do na bardais a neartú chun dlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach agus go cuí. Ina theannta sin, cuirfidh leibhéal níos mó cur chun feidhme agus cur chun feidhme níos éifeachtaí leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr;

6. ag iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun páirt níos dlúithe a thabhairt do pharlaimintí réigiúnacha i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais, trí leas a bhaint as an sásra luathrabhaidh dá bhforáiltear sna Conarthaí, chun a áirithiú gur féidir leo rannchuidiú go dearfach le forbairt na coimhdeachta gníomhaí ([1]);

7. á cheapadh gur mithid teacht le chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh, trí chur chuige ón mbun aníos a ghlacadh, trí uirlisí na rialála níos fearr a fheabhsú agus a chomhfhogasú (a mbaineann na réigiúin an-chuid úsáide astu) chun a áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach, agus chun dea-chleachtais agus sonraí atá ar fáil a chomhroinnt;

8. ag tacú leis an rún atá ag an gCoimisiún ról níos mó a thabhairt do mhuintir na hEorpa sa phróiseas chun beartais Eorpacha a mhúnlú trí chomhairliúcháin; ag tathant ar an gCoimisiún, áfach, tógáil ar chumas na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus CnaR chun imní na saoránach a ghabháil, a idirghabháil agus a chur ar aghaidh, d'fhonn an méid sin a bhaint amach;

9. á chur in iúl go n-aontaíonn sé nach mór gníomhaíocht pholaitiúil a bhunú ar mhionanailísí agus ar fhianaise eolaíoch, ionas gur féidir an tionchar eacnamaíoch, sóisialta, inscne agus comhshaoil, i measc nithe eile, a mheas go córasach;

10. ag tacú leis an rún atá ag an gCoimisiún na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a phríomhshruthú i bpróiseas cinnteoireachta agus i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar anailísiú agus ar thuairisciú na dtograí maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Cuireann sé in iúl go láidir nár cheart don ualach riaracháin agus rialála an bonn a bhaint de chur chun feidhme na SFInna agus nach mór an aird chéanna a thabhairt ar na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, inscne agus comhshaoil a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe. Áitíonn sé ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha déanamh amhlaidh;

11. ag aontú leis gur cheart an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur i bhfeidhm i ngach réimse beartais, i gcomhréir le straitéis fhadtéarmach 2050 an Aontais ([2]) agus le Clár Oibre 2030 ([3]); á iarraidh go mbeadh baint ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le pleanáil agus bainistiú acmhainní, ós rud é go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le beartais chomhshaoil, aeráide, shóisialta agus fuinnimh a chur chun feidhme; ag tagairt do thuairim CnaR *An Dlí Aeráide Eorpach* ([4]) agus á mholadh go ndéanfaí na costais a bhaineann le neamhghníomhaíocht a mheas, costais a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha fadtéarmacha a bheith ag baint leo nach bhfuil follasach ar an gcéad amharc;

12. ag iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rialacha comhoiriúnacha a bhunú lena bhféadfaí deireadh a chur le bacainní agus rómhaorlathas, dhá ghné a bhaineann an bonn d'fholláine daoine trí mhoill a chur ar an téarnamh; ag iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do na réigiúin, go háirithe do na réigiúin trasteorann agus do na réigiúin bheagfhorbartha, trí reachtaíocht choiteann a chur chun cinn, agus leas á bhaint as na tionscnaimh chomhair atá i bhfeidhm cheana féin i limistéir teorann agus i limistéir leochaileacha, amhail na grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (EGTC);

13. ag iarraidh ar institiúidí an Aontais, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha díriú ar mholtaí an Tascfhórsa um Choimhdeacht, Comhréireacht agus "Níos lú a dhéanamh ar Bhealach níos éifeachtúla" ([5]) a chur chun feidhme. Iarrann sé go dtabharfaí na moltaí sin cothrom le dáta i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim, chuspóirí an aistrithe ghlais, dhigitigh agus shóisialta, agus i bhfianaise geilleagair agus sochaithe níos cothroime agus níos athléimní a thógáil faoi chuimsiú Next Generation EU (NGEU);

14. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le rialáil níos fearr, maille leis na treoirlínte agus an bosca uirlisí maidir le rialáil níos fearr, agus an ghné il-leibhéil den phróiseas rialála Eorpach á n-ionchorprú iontu, mar a mhol an Tascfhórsa um Choimhdeacht ([6]). Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé gníomhú chun an leibhéal feasachta maidir le huirlisí na rialála níos fearr agus maidir le húsáid a bhaint astu a mhéadú i measc na mBallstát agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, go háirithe iad siúd a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu. Iarrann sé go ndéanfaí gach iarracht feabhas a chur ar ghné na teanga, comhroinnt na téarmaíochta agus an t-aistriúchán cuí, mar go bhfuil na gnéithe sin ríthábhachtach chun cuspóirí comhchoiteanna na rialála níos fearr a bhaint amach ar gach leibhéal rialachais;

---

([1]) Tuairim ó CnaR *Rialáil Níos Fearr: ár dtiomantas a mheas agus a chothú* (níl leagan Gaeilge ann), CDR 2579/2019.
([2]) https://ec.europa.eu/clima/policies/strategies/2050_en
([3]) https://ec.europa.eu/international-partnerships/sustainable-development-goals_en
([4]) https://cor.europa.eu/ga/our-work/Pages/OpinionTimeline.aspx?opId=CDR-1361-2020
([5]) Tuarascáil an Tascfhórsa um Choimhdeacht agus Comhréireacht agus "Níos lú a dhéanamh ar Bhealach níos Éifeachtúla" https://ec.europa.eu/info/files/report-task-force-subsidiarity-proportionality-and-doing-less-more-efficiently_en
([6]) Moladh 8.

**Tiomantas coiteann**

15. á chur in iúl go n-aontaíonn sé nach féidir reachtaíocht ardcháilíochta a chur ar fáil gan torthaí na reachtaíochta a bhí ann roimhe a chur san áireamh. Cuireann sé in iúl go bhfuil clásail mheastóireachta curtha lena ndlíthe ag roinnt mhaith réigiún d'fhonn a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil maidir leis an tionchar a bhíonn ag an reachtaíocht. Aithníonn sé gurb iad na hinstitiúidí ar gach leibhéal – ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil – atá freagrach as na sonraí a bhailítear a roinnt i gclár fianaise comónta;

16. á thabhairt dá aire go mbeadh sé úsáideach tairseach chomhpháirteach reachtach a bhunú agus molann sé go n-eagrófaí feachtais chumarsáide sna Ballstáit uile chun feasacht a mhúscailt ina leith;

17. á cheapadh go bhféadfadh suíomhanna gréasáin institiúideacha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach cuidiú le comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin a phoibliú ar bhonn níos forleithne, trí ghlaonna ar ranníocaíochtaí a chur ar aghaidh agus, i gcás inarb iomchuí, trí líonraí buana teagmhálaithe a chur chun cinn, d'fhonn iarrataí agus ionchur ó úsáideoirí deiridh a bhailiú, a bhfuil a n-aiseolas ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí fáis agus forbartha;

**Cumarsáid fheabhsaithe leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne**

18. á chur in iúl gur mór aige go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na comhairliúcháin a fheabhsú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos spriocdhírithe, níos soiléire agus níos soláimhsithe don úsáideoir, e.g. trí cheistneoirí níos cothroime agus níos struchtúrtha a chur ar fáil nach bhfuil chomh teicniúil agus atá níos éasca a thuiscint. Is díol sásaimh dó go gcuirfear comhairliúcháin phoiblí agus treochláir le chéile faoi "glao ar fhianaise" amháin ar an tairseach "Cloisimis uait!". Cuireann sé i bhfios go láidir gur gá ceistneoirí a aistriú go teangacha uile an Aontais chun go mbeidh páirtithe leasmhara in ann páirt a ghlacadh, i ngach áit agus ar gach leibhéal;

19. á mholadh, i bhfianaise na sainiúlachtaí a bhaineann leo, gur cheart na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith faoi réir comhairliúcháin spriocdhírithe níos minice. Molann sé go rachadh an Coimisiún i gcomhairle le CnaR maidir le comhairliúcháin oscailte agus treochláir a fhorbairt le haghaidh tograí a bhfuil tionchar suntasach acu ar leibhéil fhonáisiúnta rialtais, agus go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach trí CnaR i bhfeachtas faisnéise díláraithe córasach maidir le cláir oibre bhliantúla an Choimisiúin;

20. den tuairim go gcuirtear deis iontach ar fáil leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun díospóireacht a dhéanamh leis na saoránaigh; ag tagairt do thuairim CnaR *Údaráis áitiúla agus réigiúnacha san idirphlé buan leis na saoránaigh* agus á athdhearbhú gur cheart breathnú ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa mar dheis chun athmhachnamh agus athchóiriú a dhéanamh ar an mbealach a bhfeidhmíonn an tAontas agus ar an dearcadh atá ag a shaoránaigh ina leith ([7]); á chur in iúl arís nach mór ról lárnach a bheith ag CnaR sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, nach mór ról níos láidre a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe iad siúd a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu, i bhfeidhmiú daonlathach an Aontais, agus nach mór an ghné chríochach de bheartais an Aontais a neartú;

21. ag leagan béim ar an ngá atá ann rannpháirtíocht an phobail i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais a chur chun cinn. Dá réir sin, déanann sé tagairt don mholadh ó CnaR go mbunófaí líonra uile-AE le haghaidh idirphlé a bheadh bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach na saoránach (CitizEN). Dá ndéanfaí tástáil ar an rannpháirtíocht sin le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'fhéadfaí sásra struchtúrach a thabhairt isteach chun na saoránaigh a chur ar an eolas agus iad a spreagadh páirt a ghlacadh, rud a chuirfeadh lena rannpháirtíocht pholaitiúil san fhadtéarma;

**Trédhearcacht fheabhsaithe**

22. á mholadh go n-áiritheofaí go mbeidh an próiseas reachtach chomh trédhearcach agus is féidir, ionas go mbeidh rochtain gan srian ag daoine den phobal ar na sonraí go léir atá ar fáil agus ar an ionchur, na staidéir agus na meastóireachtaí uile atá ann cheana i ndáil le gach togra reachtach;

23. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh rochtain ag CnaR ar dhoiciméid cruinnithe tríthaobhacha, ar an gcoinníoll go bhfuil tuairim eisithe aige cheana nó go bhfuil tuairim á dréachtú aige, faoi Airteagal 307 CFAE, ar thogra a pléadh sna cruinnithe sin, chun a mheas an bhfuil na hathruithe a pléadh ábhartha ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil agus an bhfuil gá le tuairim nua ina leith. Chuirfeadh an rochtain sin ar chumas CnaR a ról mar chomhlacht comhairleach a chomhlíonadh agus d'áiritheofaí leis sin éifeachtacht nó "*effet utile*" fhorálacha na gConarthaí a bhaineann le CnaR;

24. ag iarraidh ar an gCoimisiún bunachair sonraí, cláir, cartlanna agus tairseacha a nascadh, lena n-áirítear MIDAS. Trí ghníomhaíochtaí sonracha cumarsáide agus oiliúna, ba cheart do CnaR, do chomhlachais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus don Choimisiún an cur amach atá ag daoine den phobal ar na foinsí faisnéise sin a fheabhsú;

([7]) Tuairim CnaR *Údaráis áitiúla agus réigiúnacha san idirphlé buan leis na saoránaigh*, (níl leagan Gaeilge ann) https://cor.europa.eu/ga/our-work/Pages/OpinionTimeline.aspx?opId=CDR-4989-2019

25. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar an gcomhairliúchán poiblí agus ar an gcaoi a ndéantar aiseolas a phróiseáil. Níl sé soiléir faoi láthair conas a mheasann an Coimisiún rannchuidithe aonair, cé go bhfuil an méid sin ríthábhachtach chun trédhearcacht dhaonlathach a chinntiú. In aon chás, nuair atá a thograí reachtacha á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar na ranníocaíochtaí ó riaracháin phoiblí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí acu sna réimsí atá faoi réir an chomhairliúcháin;

**Uirlisí nua chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú tuilleadh**

26. á chur in iúl go n-aontaíonn sé gur mithid díriú níos mó ar thionchar na reachtaíochta a mhéid a bhaineann le costas airgeadais agus an rómhaorlathas atá ag dul i méid i gcónaí d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do dhaoine, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe FBManna, ar cnámh droma gheilleagar an Aontais iad;

27. ag iarraidh ar an gCoimisiún, agus an cur chuige "ceann amháin isteach, ceann amháin amach" á chur i bhfeidhm aige, cur chuige lena bhfuil sé mar aidhm aige ualaí nua a eascraíonn as tograí reachtacha a fhritháireamh trí laghdú coibhéiseach a dhéanamh ar an rómhaorlathas atá ann cheana san earnáil chéanna, a ráthú go n-áireofar sna measúnuithe ar thionchar tionscanta agus sna measúnuithe tionchair meastóireacht ar an tionchar éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ag gach tionscnamh reachtach ó thaobh críche de. ag súil go gcaomhnófar, le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin, cuspóirí reachtacha agus ardchaighdeáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an Aontais. Ina theannta sin, tá sé ag súil go mbeidh na modheolaíochtaí a úsáidtear chun ualaí a thomhas agus a laghdú ag brath ar chur chuige fianaise-bhunaithe maidir le hualaí riaracháin a fhritháireamh agus ar chostas na neamhghníomhaíochta, ionas gur féidir iad a bheith ina ngnáthchleachtas oibriúcháin níos déanaí do chinnteoirí ar gach leibhéal agus ionas go mbeidh siad ag gabháil le tograí sa timthriall reachtach, go dtí go gcuirfear chun feidhme iad ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

28. á chur in iúl go láidir gur cheart do na tionscnaimh reachtacha Eorpacha nua breisluach AE a ghiniúint. Ina theannta sin, creideann sé go mbeidh sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh na bearta agus na hoibleagáidí a mholtar simplí agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil d'fhonn na haidhmeanna beartais a comhaontaíodh a bhaint amach; á iarraidh go méadófaí an trédhearcacht agus an chuntasacht agus go laghdófaí an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí, go háirithe ar FBManna; á chur in iúl go láidir gur cheart don Aontas sprioc a ghlacadh chun ualach rialála foriomlán an Aontais ar ghnólachtaí a laghdú;

29. á chur in iúl gur chuir roinnt tíortha agus réigiún modheolaíochtaí i bhfeidhm tar éis ghlacadh an Achta um Ghnólachtaí Beaga chun measúnú a dhéanamh ar an ualach a fhorchuireann an reachtaíocht ar ghnólachtaí; á mholadh go ndéanfaí dea-chleachtais maidir le conas ualaí a fhritháireamh a mhalartú, chomh maith leis na hionstraimí, na modheolaíochtaí agus na sonraí a bhailítear;

30. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i leathadh na réiteach digiteach lenar féidir córais riaracháin phoiblí a nuachóiriú trína gcur i gcomhréir le luas agus riachtanais na hearnála tionsclaíochta, d'fhonn an rómhaorlathas a laghdú agus nósanna imeachta a shruthlíniú;

31. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le gnólachtaí, go háirithe FBManna, nuair a dhéanann siad na hinfheistíochtaí is gá chun oiriúnú do na caighdeáin a cheanglaítear faoi reachtaíocht earnálach ábhartha an Aontais, lena n-áirítear maidir le hoiliúint, uas-sciliú agus athsciliú;

32. ag aithint gur gá an reachtaíocht a athbhreithniú agus a shimpliú d'fhonn bacainní ar a cur chun feidhme a bhaint, lena n-áirítear thar theorainneacha, agus d'fhonn dlíthe a dhéanamh níos éifeachtaí, níos trédhearcaí agus níos intuigthe d'úsáideoirí deiridh, bídís ina ndaoine aonair nó ina ngnólachtaí. Dá réir sin, is díol sásaimh dó an méid a baineadh amach le Suirbhé Bliantúil Ualaigh 2020 ina dtuairiscítear, i gcomhréir le comhaontú idirinstitiúideach 2016 maidir le rialáil níos fearr, na bearta a glacadh chun ualaí a laghdú agus reachtaíocht a shimpliú;

33. á chur in iúl go bhformhuiníonn sé cuspóir an chláir um oiriúnacht agus feidhmíocht rialála (REFIT) atá treisithe anois trí bhunú an ardáin "Réidh don Todhchaí" (F4F); á chur in iúl gur díol sásaimh dó an ról feabhsaithe atá ag CnaR san ardán sin. Déanann triúr ionadaithe ionadaíocht thar a cheann i ngrúpa rialtais an Ardáin, grúpa a thugann aghaidh i bpáirt ar na hábhair imní atá ag CnaR maidir le rialachas agus éifeachtacht an Ardáin REFIT a bhí ann roimhe seo, agus le RegHub (Líonra na Mol Réigiúnach le haghaidh Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Bheartais an Aontais); á athdhearbhú go dtacaíonn sé leis an Ardán F4F agus a thiomanta atá sé dlús a chur leis an gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach; á chur i bhfios go bhfuil CnaR in ann ionchur a bhailiú go córasach ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, trína chuid comhaltaí, líonraí agus tionscnaimh spriocdhírithe eile amhail RegHub ([8]);

([8]) Líonra na Mol Réigiúnach le haghaidh Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Bheartais an Aontais https://cor.europa.eu/ga/engage/Pages/network-regional-hubs-implementation-assessment.aspx

34. ag leagan béim ar an mbreisluach a chuireann RegHub ar fáil, trí chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí, chun bunachar sonraí Eorpach a fhorbairt maidir leis an tionchar a bheadh ag cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais; á chur in iúl go dtacaíonn RegHub freisin le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais trí fhaisnéis a scaipeadh agus timpeallacht a chruthú chun dea-chleachtais a mhalartú agus chun dul chun cinn agus torthaí a mheas; á thabhairt dá aire go bhféadfadh sé a bheith úsáideach, d’fhonn a áirithiú go mbeidh próiseas an tsimplithe bunaithe ar an leanúnachas agus ar an gcomhsheasmhacht, RegHub a ghníomhachtú le haghaidh treoracha agus rialacháin ar eagraíodh comhairliúcháin agus athbhreithnithe ina leith chun tacú le cur chun feidhme na dtéacsanna sin; ag iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar thacaíocht airgeadais fhadtéarmach d’fhorbairt agus do chomhdhlúthú RegHub mar ionstraim le haghaidh rialáil níos fearr;

35. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach dlús a chur le rannpháirtíocht na réigiún, na gcúigí agus na gcathracha in RegHub a mhéid is féidir, agus iarrann sé freisin ar na Ballstáit leas a bhaint as an líonra d’fhonn córais a chur chun feidhme chun sonraí agus faisnéis a bhailiú ar an leibhéal áitiúil;

**Feabhas a chur ar ár n-uirlisí**

36. den tuairim gur ceacht amháin a foghlamaíodh ón bpaindéim is ea a ríthábhachtaí atá sé na comharthaí go dtarlóidh imeacht dá leithéid sin a thabhairt faoi deara a luaithe is féidir, ionas gur féidir gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh go pras chun na héifeachtaí is measa a mhaolú ar a laghad; á thabhairt dá aire go bhfuil sonraí eolaíocha atá cuimsitheach agus cothrom le dáta de dhíth ar lucht ceaptha beartas chun straitéisí a mhúnlú a bheidh in ann dul i ngleic leis na dúshláin; á chur in iúl go bhfuil gá le dlúthchomhar leanúnach leis an gcomhphobal eolaíoch agus taighde;

37. ag súil go leagfar amach an mhodheolaíocht chun fadbhreathnaitheacht straitéiseach a ionchorprú sa phróiseas chun beartais a mhúnlú sa phacáiste maidir le rialáil níos fearr, agus aird chuí á tabhairt ar an dearcadh áitiúil agus réigiúnach; á thabhairt le fios gur maith atá na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus CnaR in ann rannchuidiú le fadbhreathnaitheacht straitéiseach;

38. ag iarraidh ar an gCoimisiún ionchur CnaR a chur san áireamh agus an tairseach chomhpháirteach reachtach á bunú, lena n-áirítear tuairimí, measúnuithe tionchair chríochaigh, tuarascálacha RegHub, staidéir agus doiciméid maidir le tograí agus athbhreithnithe reachtacha. á iarraidh go mbeidh sé in ann cur leis na feabhsuithe teicniúla ar an tairseach “Cloisimis uait!” d’fhonn tuiscint níos fearr ar thréithe sonracha áitiúla a chur chun cinn agus rochtain do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a éascú;

39. ag súil go ndéanfaidh an Coimisiún tionchar áitiúil agus réigiúnach na mbeartas a shoiléiriú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr agus tríd an mbosca uirlisí a thabhairt cothrom le dáta maidir le huirlisí agus modheolaíochtaí a úsáidtear go háirithe chun an tionchar ginearálta agus measúnuithe tionchair chríochaigh a shainaithint, ionas go mbeidh siad solúbtha go leor le húsáid i raon cásanna agus ar gach leibhéal;

40. á thabhairt le fios go dtagann coincheapa amhail meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar limistéir thuaithe, measúnuithe tionchair uirbeacha agus measúnuithe tionchair trasteorann faoi scáth choincheap na measúnuithe tionchair chríochaigh agus nár cheart an bonn a bhaint den chuspóir a bhaineann le ceapadh beartas áitbhunaithe agus fianaise-bhunaithe trí na coincheapa sin a chatagóiriú;

41. á chur in iúl gur díol sásaimh dó iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin (go sonrach i ndáil leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde agus Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh) agus clár EGTC an Ghréasáin Faire Eorpaigh um Fhorbairt Chríochach agus um Chomhtháthú Críochach (ESPON) chun na huirlisí a mhionchoigeartú chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar críochach; á mholadh, fiú nuair nach bhfuil measúnú iomlán tionchair chríochaigh indéanta nó nach meastar é a bheith ábhartha, gur cheart cineálacha eile measúnaithe tionchair a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na sonraí críochacha is mionsonraithe a chuirtear ar fáil leis na sonraí staidrimh atá ann cheana;

42. á chur in iúl go bhfuil iarmhairtí díobhálacha ag “daille chríochach” ar cháilíocht an cheaptha beartas. Mura bhfuil dóthain sonraí fonáisiúnta i roinnt mhaith innéacsanna agus scórchláir thábhachtacha [amhail DESI (an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach), an Scórchlár Sóisialta agus na SFInna] nó mura bhfuil dóthain anailís fhonáisiúnta ann i ngníomhaíochtaí fadbhreathnaitheacha na n-institiúidí Eorpacha, nó mura bhfuil caighdeán na hanailíse sin ard go leor, d’fhéadfadh tionchar diúltach marthanach a bheith aige sin ar an Aontas ina iomláine, ar mheon an chomhtháthaithe idir críocha agus ar shaol daoine aonair. Dá bhrí sin, leis na treoirlínte agus leis an mbosca uirlisí maidir le rialáil níos fearr, ní mór comharthaí soiléire a thabhairt agus ní mór uirlisí úsáideacha a chur ar fáil chun gur féidir measúnuithe tionchair chríochaigh a úsáid ar bhonn níos leithne ar fud an timthrialla ceaptha beartais, lena ráthaítear go ndéanfar cineálacha eile measúnuithe tionchair (sóisialta, eacnamaíoch, comhshaoil nó eile) ar an leibhéal fonáisiúnta freisin;

43. á iarraidh go mbeadh ról níos mó ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, chun sonraí agus faisnéis a chur ar fáil le haghaidh measúnuithe tionchair chríochaigh a mbeadh deacracht ag comhlachtaí ar an leibhéal Eorpach rochtain a fháil orthu; ag iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar aghaidh chuig na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha trí CnaR agus trí RegHub maidir le conas úsáid a bhaint as na samhlacha éagsúla arna bhforbairt ag ESPON chun measúnuithe tionchair chríochaigh a dhéanamh; Cothófar leis an méid sin measúnuithe agus ceapadh beartas áitbhunaithe agus fianaise-bhunaithe, lena n-áirítear nuair a thrasuitear reachtaíocht agus nuair a chuirtear chun feidhme í, bunaithe ar mhodh oibre rialachais il-leibhéil;

44. ag leagan béim ar an ngá atá ann a mhíniú cén fáth nach ndéantar aon mheasúnú tionchair maidir le togra reachtach ar leith, go háirithe i gcás tograí ar dócha go mbeidh tionchar críochach acu;

45. ag aontú le moltaí an tascfhórsa ([9]) maidir le coimhdeacht ghníomhach, ós rud é go gcuirtear le hinfheictheacht na mbeart agus le dlisteanacht dhaonlathach an Aontais nuair a dhéantar cinntí ar leibhéal chomh gar agus is féidir do shaoránaigh na hEorpa; ag iarraidh ar an gCoimisiún na cineálacha díláraithe atá i bhfeidhm cheana ar fud an Aontais a chur san áireamh, lena n-áirítear i réimse an chánachais nuair a dhéantar coimhdeacht a mheas, i bhfianaise nach mór an cleachtadh faireacháin sin a bheith bunaithe ar dháileadh na gcumhachtaí idir na leibhéil éagsúla rialtais;

46. ag iarraidh ar na comhreachtóirí agus ar na Ballstáit úsáid chórasach a bhaint as an ngreille mheastóireachta ar choimhdeacht; ag áitiú ar pharlaimintí réigiúnacha an ghreille sin a úsáid agus iad ag fíorú go gcomhlíonann tograí reachtacha an Aontais prionsabal na coimhdeachta, de réir bhrí Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann le CFAE;

47. d'fhonn cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a bhaint amach, iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit páirt a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i ngach céim den phróiseas cinnteoireachta, ar an leibhéal Eorpach (le linn comhairliúchán agus measúnuithe *ex ante* agus *ex post*) agus ar an leibhéal náisiúnta (agus beartais á múnlú, e.g. a mhéid a bhaineann leis an reachtaíocht, pleananna, cláir agus ionstraimí beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme a bhfuil an tionchar is mó acu ar chathracha agus ar réigiúin) chun comhsheasmhacht a áirithiú. I gcomhréir le moltaí an tascfhórsa ([10]), molann sé nuashonrú a dhéanamh ar na bealaí ina dtugann tíortha ról dá réigiúin i gcur chun feidhme na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta agus chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, bunaithe ar mhodh oibre rialachais il-leibhéil, d'fhonn an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus aistriú atá cothrom go sóisialta a bhaint amach;

48. á chur in iúl gur mór aige na hiarrachtaí chun cáilíocht na measúnuithe a mhéadú trí ghrinnscrúdú neamhspleách agus tacaíonn sé le bunú an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála ([11]);, ós rud é go dtugann cineál buan agus comhdhéanamh an bhoird nua, agus a shainordú leathnaithe, aghaidh i bpáirt ar ábhair imní CnaR maidir lena éifeachtacht; á iarraidh an athuair go mbeadh comhalta buan arna ainmniú ag CnaR ar an mBord; ag iarraidh ar an gCoimisiún dréacht-mheastóireachtaí agus measúnuithe tionchair a chuirtear faoi bhráid an bhoird a chur ar fáil ionas gur féidir rannchuidiú CnaR le rialáil níos fearr a mheas agus a spriocdhíriú ar bhealach níos éifeachtaí; á iarraidh ar an mbord féachaint ar leas a bhaint as na tuarascálacha ar chur chun feidhme RegHub mar uirlis chun scrúdú a dhéanamh ar na tograí reachtacha, agus cuireann sé in iúl go bhfuil CnaR toilteanach dlús a chur lena chomhar leis an mbord;

**Ról lárnach an chur i bhfeidhm**

49. á gheallúint go gcuirfí sé a uirlisí agus a mhodheolaíochtaí go léir ar fáil chun sonraí críochacha a bhailiú agus a anailísiú in aon phacáiste rialála níos fearr amháin, chun comhairliúcháin RegHub a chur san áireamh, agus, ar an gcaoi sin, naisc níos láidre a chruthú le bosca uirlisí an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr agus leis na huirlisí a d'fhorbair Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa; ag moladh don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar na tionscnaimh atá beartaithe acu maidir le tacaíocht a thabhairt i ndáil le treoracha a thrasuí, rialacháin a chur chun feidhme agus rialacha AE a achtú i gceart;

50. i gcomhréir leis na moltaí ón Tascfhórsa um Choimhdeacht ([12]), molann sé go n-oibreodh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcomhar le chéile agus pleananna náisiúnta cur chun feidhme á n-ullmhú acu, ar pleananna iad lena bhféadfar breisluach a chur ar fáil i gcomparáid leis na pleananna arna bhforbairt ag an gCoimisiún;

([9]) Tuarascáil an Tascfhórsa um Choimhdeacht agus Comhréireacht agus "Níos lú a dhéanamh ar Bhealach níos Éifeachtúla", https://ec.europa.eu/info/files/report-task-force-subsidiarity-proportionality-and-doing-less-more-efficiently_en
([10]) Moladh 4.
([11]) Tuairim *Clár oibre an Aontais Eorpaigh maidir le rialáil níos fearr* (níl leagan Gaeilge ann), https://cor.europa.eu/ga/our-work/Pages/OpinionTimeline.aspx?opId=CDR-4129-2015
([12]) Moladh 5 ón Tascfhórsa um Choimhdeacht, Comhréireacht agus "Níos lú a dhéanamh ar Bhealach níos éifeachtúla".

51. ag aontú leis an gCoimisiún gur gá na Ballstáit agus na réigiúin a chur ar an eolas faoi choincheap na rórialála. Má mheastar go bhfuil gá le rialacha breise ar an leibhéal náisiúnta agus reachtaíocht Eorpach á cur chun feidhme, molann sé go sainaithneofaí é sin tríd an ngníomh trasuite nó trí dhoiciméid ghaolmhara, i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe idirinstitiúidigh maidir le rialáil níos fearr [13]. Molann sé freisin an rórialáil a sheachaint, go háirithe agus cláir faoi bhainistíocht chomhroinnte á gcur chun feidhme agus i gcás rialacha náisiúnta soláthair.

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

---

(13) Pointe 43 den chomhaontú.

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Plean Sáraithe Ailse na hEorpa**

(2022/C 97/04)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Birgitta SACRÉDEUS (SE/PPE), Comhalta de Chomhairle Contae Dalarna |
| **Doiciméad tagartha:** | COM(2021) 44 final<br>(níl leagan Gaeilge ann) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – *Europe's Beating Cancer Plan* [Plean Sáraithe Ailse na hEorpa] |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. ag déanamh tagairt dá chuspóir fhógartha tús áite a thabhairt don tsláinte ar an leibhéal Eorpach agus tacaíocht a thabhairt do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla sa chomhrac i gcoinne na hailse agus eipidéimí galar trí mheán an chomhair sláinte trasteorann agus nuachóiriú na gcóras sláinte ([1]);

2. á thábhairt dá aire, cé gurb iad na Ballstáit is mó atá freagrach as an mbeartas sláinte, gur féidir leis an Aontas tacú leis na beartais náisiúnta agus iad a chomhlánú agus reachtaíocht a rith i réimsí áirithe, ach prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chomhlíonadh i gcónaí agus na struchtúir shláinte dhifriúla atá ann cheana féin agus an claonadh difriúil a bhíonn ann ó Bhallstát go Ballstát a chur san áireamh freisin;

3. á chur i bhfáth gur freagracht de chuid an Bhallstáit, den chuid is mó, an beartas sláinte. Ba cheart, mar sin féin, réimsí a bhaineann leis an tsláinte a chur san áireamh sna díospóireachtaí a reáchtálfar mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa;

4. á iarraidh ar institiúidí an Aontais a áirithiú go gcuirfear san áireamh i gcreat dlíthiúil an Aontais Sláinte Eorpaigh atá beartaithe freagracht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach as an tsláinte phoiblí, ós rud é gur roghnaigh 19 gcinn de na 27 mBallstát an phríomhfhreagracht as an gcúram sláinte a bhronnadh ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha, cé gur gá, mar sin féin, riachtanais ar leith na réigiún a léiriú i straitéisí sláinte na mBallstát agus tacaíocht a thabhairt iontu d'iarrachtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach an cúram sláinte a fheabhsú;

5. á thabhairt dá aire gur baol ollmhór do shaoránaigh agus do chórais sláinte an Aontais an ailse, gan aon agó, i bhfianaise an 2,7 milliún duine ar diagnóisíodh go raibh ailse orthu agus an 1,3 milliún duine a fuair bás dá deasca in 2020 (meastacháin an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, 2020). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, thar aon rud eile, an ráta dá réir a bhfuiltear ag súil leis go rachaidh daonra an Aontais in aois agus, dá bhrí sin, a oiread agus a rachaidh líon na n-othar a ndiagnóiseofar go bhfuil ailse orthu i méid, ós rud é gur forleithne í i measc daoine scothaosta;

6. á chur in iúl an baol atá ann go mbeidh géarchéim ailse ann i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, ós rud é gur laghdaíodh go suntasach an méid scagthástáil, diagnóis agus cóireáil ailse a rinneadh in 2020 dá deasca, rud a d'fhág gur measa an riocht a bhfuil an-chuid daoine ann agus gur cruthaíodh riaráiste ó thaobh diagnóisithe de, rud a fhágann gur ann do bharraíocht mhór cásanna ailse ar gá dul i ngleic léi go ceann fada. De réir an tsuirbhé a rinne Eagraíocht Ailse na hEorpa, is lú an chóireáil a cuireadh ar 1,5 milliún othar ailse agus bhí 100 milliún scagthástáil ailse nach ndearnadh mar gheall ar an bpaindéim. Bhí tuairim is milliún othar ailse nár éirigh leo diagnóis a fháil agus ní bhfuair duine as gach beirt othar ailse san Eoraip an obráid nó an cheimiteiripe ba ghá. Tá duine as gach cúigear acu ag fanacht leis an gcóireáil sin go fóill;

7. á iarraidh go reáchtálfar díospóireacht faoin gcaoi ar féidir feasacht sláinte an phobail a fheabhsú ionas gur féidir leis na hothair deireadh a chur lena neamhchosaint ar thosca riosca nó an neamhchosaint sin a laghdú, na roghanna is fearr a dhéanamh ó thaobh coisc, diagnóisithe agus cóireála de, rannchuidiú lena gcúram sláinte féin agus cur lena gcumas saol níos neamhspleáiche a chaitheamh; á mheas gur tábhachtach an rud é na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach sa díospóireacht sin má táthar le feabhas a chur ar fheasacht sláinte shaoránaigh an Aontais;

([1]) IO C 440, 18.12.2020, lch. 131

**Plean Sáraithe Ailse na hEorpa**

8. ag tacú go láidir leis an gcur chuige a ghlac an Coimisiún Eorpach i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa, arb é is aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an gconair bainistithe galar ina hiomláine, ón gcosc, an luathbhrath, an diagnóisiú agus an chóireáil – agus béim ar leith á leagan ar dhaoine leochaileacha, amhail daoine scothaosta – go cáilíocht saoil na n-othar ailse agus na ndaoine a thagann tríthi;

9. ag léiriú a thábhachtaí atá an Plean Sáraithe Ailse mar straitéis chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann leis an méadú ar líon na gcásanna ailse agus chun cosc a chur chun feidhme agus a chur ar fáil, lena ndíreofar ar dhochar a dhíothú nó a mhaolú, ar an luathbhrath, an diagnóisiú agus an chóireáil, agus ar cháilíocht saoil na ndaoine a bhfuil ailse orthu agus a gcleithiúnaithe a fheabhsú;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh dó aidhm Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna sonraí leighis agus eolaíocha agus digitiú a chomhroinnt; á chur in iúl gur díol sásaimh dó freisin go bhfágfaidh an Spás Eorpach Sonraí Sláinte atá beartaithe go mbeidh othair ailse agus soláthróirí cúraim sláinte araon in ann sonraí sláinte leictreonacha a aisghabháil agus a chomhroinnt go sábháilte chun críoch coisc agus cóireála thar theorainneacha san Aontas; Ní mór do na Ballstáit a ráthú freisin go mbeidh na sonraí sin ar fáil ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;

11. á chur i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé Straitéis Cúraim Mhaolaithigh a chur chun cinn, lena bhforálfar do chúram ildisciplíneach, lena n-áirítear tacaíocht agus cúram ní hamháin dóibh siúd a bhfuil ailse orthu ach do na cúramóirí nó do na daoine muinteartha dóibh a chónaíonn leo freisin. I gcás leanaí a ndiagnóisítear go bhfuil ailse orthu agus inar fhorbair an tinneas atá orthu an oiread sin go mbaintear dá gcáilíocht saoil agus dá n-ionchas saoil, caithfidh sé gur gairmithe a bhfuil sainoiliúint orthu a chuirfidh cúram ar fáil dóibh;

12. ag tacú leis an tionscnamh ón gCoimisiún i dtaca le lárionad eolais maidir le hailse a chur ar bun chun comhordú tionscnamh eolaíoch agus teicneolaíoch i gcoinne an ghalair ar leibhéal an Aontais a éascú, amhail sonraí a bhailiú trí chlárlanna náisiúnta ailse, an deis a bheith ag othair ailse teacht ar a gcuid sonraí sláinte agus na sonraí sin a aistriú, agus an intleacht shaorga (IS) a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht na scagthástála ailse;

13. á mheas gur fiú go mór tionscnamh an lárionaid eolais, cé gur cheart cur leis chun teiripí nach teiripí coitianta iad agus cóireáil ar chineálacha neamhchoitianta ailse a chomhordú, agus chun an chóireáil a chur in oiriúint do dhaoine aosta a bhfuil ailse orthu trí straitéis cúraim sláinte shainoiriúnaithe a chuirtear in oiriúint ní hamháin do shaintréithe an tsiada ach don duine ar leith lena mbaineann freisin;

14. á chur i bhfáth gur gá an scagthástáil agus an diagnóisiú ailse a bheith i gcroílár Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, ós rud é, de réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, go bhféadfaí idir 30 % agus 50 % de líon na gcásanna ailse agus an-chuid básanna a chosc ach diagnóisiú ní ba luaithe a dhéanamh agus cúram ní b'fhearr a thabhairt d'othair ailse;

15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá bearta chun aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le stíl mhaireachtála shláintiúil agus chun dul i ngleic le príomhthosca riosca amhail tobac a chaitheamh, alcól a ól ar bhonn díobhálach, murtall agus neamhghníomhaíocht choirp, truailliú, agus neamhchosaint ar shubstaintí carcanaigineacha, radaíocht agus ionfhabhtuithe éagsúla. Tacaíonn sé freisin le bearta chun béim a leagan ar bhuntáistí an choisc agus an laghdúcháin díobhála;

16. á chur in iúl go gcreideann sé gur cheart go mbeadh bearta arb é is aidhm leo eolas faoi neamhchosaint ar thruailliú an chomhshaoil agus substaintí ailseacha a chur chun cinn a bheith ag teacht le *Pathway to a Healthy Planet for All – EU Action Plan: "Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil"* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách – Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir saor ó Thruailliú] (COM(2021) 400 final) agus le *Chemicals Strategy for Sustainability. Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Inbhuanaitheachta maidir le Ceimiceáin: I dtreo Comhshaol saor ó Thocsain] (COM(2020) 667 final) chun sineirgí a chruthú ó thaobh cuspóirí Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a bhaint amach;

17. á chur in iúl go gcreideann sé go bhfuil ról tábhachtach ag earnáil an ghnó, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ó thaobh stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn agus neamhchosaint ar thruailliú agus ar charcanaiginí a laghdú;

18. á chur in iúl gur díol sásaimh dó bearta an Choimisiúin maidir le glúin saor ó thobac a chotú agus, ar an ábhar sin, go bhfuil a macasamhail de chuspóirí á hiarraidh aige chun ól alcóil a laghdú; ag tacú leis an togra le haghaidh lipéid éigeantacha ar tháirgí tomhaltais agus rabhaidh ar na lipéid ar dheochanna alcólacha;

19. á iarraidh go mbeidh a thuilleadh comhair idir na seirbhísí sláinte agus sóisialta, go háirithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, chun feasacht an phobail a mhúscailt ar stíleanna maireachtála sláintiúla agus chun faisnéis a chur ar fáil dó maidir leis an gcaoi le baol na hailse a laghdú. Ní chaitear ach 3 % de na buiséid sláinte, i láthair na huaire, ar chur chun cinn na sláinte agus ar ghalair a chosc;

20. á chur in iúl gur díol sásaimh dó feachtas HealthyLife4All a seoladh in 2021. Cuirtear an ghníomhaíocht choirp agus aistí bia folláine chun cinn leis agus beidh sé ina chabhair ó thaobh spriocanna an chláir ailse agus straitéis na Náisiún Aontaithe maidir le Deich mBliana an Dul in Aois Sláintiúil, atá ar bun faoi láthair, a bhaint amach;

21. á chur in iúl gur díol sásaimh dó aidhm an Choimisiúin dlús a chur le feachtais vacsaíniúcháin na gcailíní agus na mbuachaillí i gcoinne an phapillomavíris dhaonna trína thuilleadh iarrachtaí feasacht a mhúscailt. Moltar ann freisin gur cheart go mbeadh sé éigeantach vacsaíniú papalómaivíris dhaonna a thairiscint do chailíní agus do bhuachaillí araon, ós rud é gur féidir leis sin ráta tarlaithe na hailse ceirbheacs agus cineálacha áirithe ailse béil, scornaí agus laraingí a laghdú go mór;

22. á chur in iúl gur díol molta dó an sacgtheastáil spriocdhírithe le haghaidh na hailse brollaigh, stéigí agus ceirbheacsaí. I gcás inar gá, mar sin féin, i bhfianaise na fianaise eolaíochta agus an mheasúnaithe costais is tairbhe, ba cheart cuimhneamh a luaithe ab fhéidir ar chur leis an scagthástáil spriocdhírithe sin chun cineálacha eile ailse a chur san áireamh, amhail an ailse phróstataigh agus ailse na scamhóg. Tá sé tábhachtach leis sin, ní hamháin an ailse a dhiagnóisiú a luaithe is féidir ach bonneagar agus slabhra soláthair éifeachtach a fhorbairt freisin;

23. ag tarraingt aird ar na difríochtaí móra ó thaobh ráta tarlaithe na gcásanna ailse agus an ráta báis lena mbaineann ó Bhallstát go Ballstát agus lasitigh de na Ballstáit féin agus tá sé ag cur i bhfáth gur cheart go mbeadh an ceart céanna ag cách, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu, chun sainchúraim, diagnóisithe agus córála agus go mbeadh an rochtain chomhionann ag cách ar chógais leighis;

24. ag cáineadh a laghad sonraí atá ar fáil atá imdhealaithe de réir réigiún maidir le ráta tarlaithe na gcásanna ailse agus an ráta báis lena mbaineanna, ar rudaí iad a bhfuil gá leo chun treochtaí a shainaithint agus/nó aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sa scagthástáil agus an chóireáil ailse; á iarraidh ar an gCoimisiún Clárlann na Neamhionannas Alise atá beartaithe chun feabhas a chur ar chosc agus coireáil ailse a chur ar bun a luaithe is féidir;

25. á iarraidh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóireáil ailse sna córais cúraim sláinte atá acu chun neamhionannais a laghdú ó thaobh rochtana, chumhdach na gcostas, aisíocaíochtaí, ranníocaíochtaí árachais sláinte agus táillí breise de;

26. ag tarraingt aird ar chóras "na cóireála caighdeánaithe" ar dea-chleachtas é a tugadh isteach i roinnt Ballstát (e.g. an tSualainn agus an Danmhairg) chun dlús a chur leis an diagnóisiú agus le tús na cóireála;

27. á chur in iul gur díol sásaimh dó an bhéim ghéar a leagadh ar thaighde ar an ailse agus an nasc idir an straitéis agus an misean taighde maidir leis an ailse faoi scáth Fís Eorpach. Chuige sin, ba cheart sochar a bhaint as acmhainneacht na digiteála agus uirlisí nua, amhail an Tionscnamh Eorpach um Íomháú Ailse agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis maidir le hAilse na hEorpa ar cuireadh leis, chun beatha daoine a shábháil;

28. ag tarraingt aird ar acmhainneacht an chógais leighis phearsantaithe, ag díriú ní hamháin ar shaintréithe móilíneacha an tsiada ach freisin ar shaintréithe an duine ag a bhfuil an siada, ach dul chun cinn gasta a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht lena n-éascaítear diagnóisiú agus cóireáil nuálach shaincheaptha agus straitéisí um chosc na hailse a chuirtear in oiriúint níos fearr d'othair aonair agus do chineálacha ailse ar leith;

29. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur bunaíodh líonra ionad barr feabhais san Aontas lena n-éascaítear an comhar trasteorann agus soghluaisteacht na n-othar, lena gcuirtear feabhas ar an rochtain ar dhiagnóisiú agus cóireáil ar cháilíocht dhearbhaithe agus lena n-éascaítear oiliúint, taighde agus trialacha cliniciúla;

30. á iarraidh ar na Ballstáit creidiúnú ionaid ailse amháin ar a laghadh a mholadh in aghaidh an Bhallstáit i gcomhréir le caighdeán Eagraíocht Institiúidí Ailse na hEorpa (OECI);

31. á mholadh gur cheart go bhforálfaí leis an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann caighdeáin le haghaidh na scagthátála trasteorann, an íomháithe trasteorann agus na cóireála ailse trasteorann i mBallstát nach é tír chónaithe an duine é;

32. á chur i bhfáth gur fadhb sheanbhunaithe sa chúraim sláinte a chuaigh in olcas le linn phandéim COVID-19 é ganntanas na gcógas leighis; á chur i bhfios, ó thaobh cógais riachtanacha nó cógais nuálacha a sholáthar, go bhfuil géarghá le bearta chun fáil na gcógas cineálach agus bithchosúil a chur chun cinn ([2]);

33. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an togra chun féachaint an féidir cuspóir cógas a athrú, ach á chur i bhfáth, ina thaobh sin, gur gá fianaise chliniciúil leordhóthanach a áirithiú maidir le héifeachtúlacht na gcógas leighis agus sábháilteacht na n-othar, agus torthaí ábhartha nach iad an ráta marthanais amháin iad á gcur san áireamh i gcás na n-othar aosta. Tá an méid sin tábhachtach, ní hamháin le haghaidh na n-othar ach le haghaidh na hearnála cúraim slainte agus na solathróirí airgeadais freisin ionas gur féidir leo teacht ar thuairim maidir le córacha leighis nua a úsáid; á thabhairt dá aire gur réamhriachtanas é praghsanna inacmhainne a bheith ar chógais leighis má tá othair le bheith in ann na cógais a theastaíonn uathu a fháil agus má tá na córais cúraim sláinte le bheith inbhuanaithe;

34. á mholadh go scrúdófaí an rogha córas comhsholáthair an Aontais a leathnú amach, caibidlíocht chomhpháirteach a dhéanamh maidir le praghsanna agus stoc straitéiseach cógas ailse a chruthú. Leis sin, ba cheart riachtanais éagsúla na mBallstát, na réigiún, agus na gcúinsí socheacnamaíocha éagsúla a chur san áireamh;

([2]) https://webapi2016.COR.europa.eu/v1/documents/cor-2020-05525-00-00-ac-tra-en.docx/content.

35. á iarraidh “an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad” a ionchorprú i reachtaíocht na hEorpa. Níor cheart do bhainc ná comhlachtaí árachais stair leighis na n-othar ailse agus na ndaoine a thagann tríthi a chlárú, ionas nach gcuirfí isteach ar rochtain chothrom an dá dhream ar sheirbhísí airgeadais;

36. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an togra le haghaidh cárta cliste leictreonach dóibh siúd a thagann tríd an ailse, agus le haghaidh líonraí éifeachtacha do dhaoine aosta a thagann tríthi, arb é is aidhm leis feabhas a chur ar chumarsáid agus/nó ar chomhordú idir na foirne leighis agus na hothair, go háirithe ó thaobh thaithí na n-othar de;

37. á chur i bhfios go mbíonn fadhbanna coirp agus meabhairshláinte ag an-chuid daoine, go háirithe an meathlú feidhme agus cognaíochta is féidir a bheith ag baint do dhaoine aosta a bhfuil ailse orthu de dheasca na cóireála, ar feadh i bhfad i ndiaidh dhiagnóisiú na hailse agus na cóireála tosaigh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, tuiscint a fháil ar mar a théann an chóireáil i bhfeidhm ar dhaoine aonair de réir a leochailí atá siad agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, samhlacha cúraim a fhorbairt do dhaoine aosta a bhfuil ailse orthu chun measúnú cuimsitheach ar a gcás agus úsáid uirlisí chun measunú a dhéanamh ar a gcuid inniúlachtaí a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach freisin tuiscint a fháil ar mar a théann teiripe i bhfeidhm ar an meabhairshláinte, ionas gur féidir an cúram sláinte agus an t-athshlánú a dhéanamh níos éifeachtaí agus a chur in oiriuint don fhaisnéis sin i ngach réimse;

38. á chur i bhfáth a riachtanaí atá an tacaíocht agus an cúram a fhaigheann othair ailse ó chúramóirí neamhfoirmiúla, amhail tuismitheoirí agus daoine muinteartha dóibh, ach freisin gur ualach trom é orthu siúd a thugann an cúram. Ba cheart foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, maidir le bearta tacaíochta sóisialta ar an leibhéal áitiúil chun cothromaíocht oibre is saoil na gcúramóirí sin a fheabhsú;

39. á iarraidh go gcuimseofaí freisin i ngach tionscnamh a dhíreofaí ar na gaolta, go háirithe ar dhaoine den teaghlach, ábhair imní na leanaí agus go gcuirfí san áireamh cás agus riachtansais speisialta na siblíní, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;

40. is díol sásaimh dó béim an Choimisiúin ar an ailse i measc na leanaí, agus tá sé á chur i bhfáth nach mór dó díriú freisin ar an ailse i measc na ndaoine scothaosta, a mbaineann tréithe ar leith léi, mar is amhlaidh i gcás na hailse i measc na leanaí. Caithfear an Plean Sáraithe Ailse a threisiú, mar sin féin, le tionscnaimh lena gcuirfear chun cinn forbairt na gclár leantach ar cháilíocht dhearbhaithe i mBallstáit an Aontais. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú gur féidir le rialtóirí amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) sonraí a aisghabháil i gcónaí maidir le héifeachtúlacht agus fo-iarsmaí cógas;

41. den tuairim gur cheart go sainaithneofaí sa staidéar atá beartaithe ar dhaoine fásta a thagann tríd an ailse na cúinsí agus na constaicí a bhaineann le daoine óga a thagann tríd an ailse agus a fhilleann ar an scoil, ar an ollscoil agus a ghlacann páirt i margadh an tsaothair. Ba cheart freastal freisin leis na tionscnaimh a bhaineann leis an bhfilleadh ar mhargadh an tsaothair ar dhaoine óga a thagann tríd an ailse;

42. ag iarraidh straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na feasachta sláinte, go háirithe maidir leis an ailse agus na tosca riosca a bhaineann léi, ós rud é go mbeidh an t-athrú déimeagrafach ar cheann de na tosca a chuirfidh le ráta a tarlaithe. D’fhéadfadh cineálacha difriúla cuir chuige a bheith i gceist leis na straitéisí, amhail timpeallachtaí folláine a chruthú nó a bheith i do dhea-fhostóir agus cur chuige nua, bealaí nua comhoibre, modhanna agus teicneolaíochtaí nua oibre agus dálaí oibre inbhuanaithe a aimsiú.

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Cur Chun Feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**

(2022/C 97/05)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir** | Rob JONKMAN (NL/ECR), Leasmhéara Bhardas Opsterland |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Barúlacha ginearálta**

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (dá ngairfear "an tSaoráid" anseo feasta) mar uirlis uaillmhianach, thráthúil chun go mbeidh an tAontas níos treise agus é ag teacht as géarchéim COVID-19 agus chun dlús a chur leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Tacaíonn sé le dearcadh an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuil obair mhaith déanta ag formhór na mBallstát maidir leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (dá ngairfear "na pleananna náisiúnta" anseo feasta) a tharraingt suas laistigh de thréimhse ama sách gearr;

2. á chur in iúl go dtuigeann sé nach bhfuil sna pleananna náisiúnta ach cuid de phleananna téarnaimh náisiúnta níos leithne i roinnt Ballstát, agus cuireann sé in iúl go bhfuil gá le tuilleadh malartú taithí agus le cur chuige cuimsitheach ar an leibhéal Eorpach, d'fhonn an ghéarchéim a shárú agus geilleagar an Aontais a dhéanamh níos láidre agus níos inbhuanaithe don todhchaí;

3. ag tabhairt rabhaidh gur cleachtadh láraithe ón mbarr anuas atá sa seimeastar Eorpach go fóill agus é ag feidhmiú mar shásra rialachais don Chiste, rud nach n-oireann d'uirlis atá ceaptha an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus réigiúnach a neartú. Tugann sé dá aire a thábhachtaí atá sé na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme mar is ceart, agus na cistí a dháileadh go hoibiachtúil agus go trédhearcach, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha, bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta, ar an rialachas il-leibhéil, agus ar chur chuige comhtháite ón mbun aníos. Dá mhéad úinéireachta i mBallstát is ea is mó an dóchúlacht go gcuirfear na pleananna náisiúnta chun feidhme go rathúil;

4. á chur i dtábhacht go bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun tosaigh sa chomhrac i gcoinne ghéarchéim COVID-19 agus na n-iarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann léi ó thosaigh an phaindéim, trína mbeartais féin agus trí na cinntí a rinne na rialtais náisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;

5. ag tarraingt aird ar an bhfíoras, i gcás a lán bardas agus réigiún, gur tháinig laghdú ar ioncam agus gur tháinig méadú ar an gcaiteachas de dheasca ghéarchéim COVID-19. Seo an rud céanna a tharla le linn na géarchéime creidmheasa (2008-2011). Níl leibhéal infheistíochta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach fillte go fóill ar an leibhéal a taifeadadh roimh an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais sin;

6. á chur in iúl gur minic a bhíonn cumhacht reachtúil ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i réimsí beartais áirithe atá ríthábhachtach don tSaoráid ós rud é gur orthusan a thiteann sé aon trian den chaiteachas poiblí agus níos mó ná leath na hinfheistíochta poiblí san Aontas ([1]) a riar. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh baint dhíreach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le ceapadh agus le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta agus na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí laistigh dá sainchúraimí á gcur chun feidhme go rathúil acu, i gcomhréir le méid an neamhspleáchais eacnamaíoch, fhioscaigh agus airgeadais dá bhforáiltear lena gcreat dlíthiúil náisiúnta agus le prionsabal na coimhdeachta;

([1]) ECFE, *Key data on Local and Regional Governments in the European Union* (bróisiúr), 2018. Ar fáil ag: https://www.oecd.org/regional/EU-Local-government-key-data.pdf

**Rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach in ullmhú na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta**

7. á thabhairt dá aire mar is féidir a fheiceáil ó staidéir a rinne CnaR, Ionad Beartais na hEorpa (EPC), Konrad Adenauer Stiftung agus CPMR ([2]), nach raibh baint leordhóthanach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le próiseas ullmhúcháin na bpleananna náisiúnta, agus nach féidir a fháil amach i bhformhór na gcásanna a mhéid a cuireadh ionchur na n-údarás sin san áireamh sna pleananna;

8. á chur in iúl go mbaineann sé de thátal as, mar thoradh air sin, go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha in ullmhú na bpleananna náisiúnta, agus cé go ndeachthas i gcomhairle go hoifigiúil leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nó a gcomhlachais maidir leis na dréachtphleananna i roinnt mhaith Ballstát, is iondúil nach léir an chaoi a ndearnadh na comhairliúcháin sin go hiarbhír ná an méid a rinneadh leis an ionchur díláraithe sna pleananna;

9. á chur in iúl gur cúis áiféala é freisin gur próiseas ón mbarr anuas a bhí in ullmhú na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta sa chuid is mó de na Ballstáit, rud a mbaineann baol leis go ndéanfar infheistíocht thábhachtach phoiblí a lárú agus a chuireann rath na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i mbaol ar deireadh. Tá an méid sin ag teacht salach ar an tábhacht a bhaineann le rialachas il-leibhéil, le prionsabal na coimhdeachta agus le próiseas an díláraithe a tharla i roinnt mhaith Ballstát le blianta beaga anuas, go háirithe maidir leis na cláir faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE);

10. ag áitiú nach bhfuil an bealach inar dréachtaíodh na pleananna náisiúnta ná rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach fabhrach le húinéireacht na bpleananna téarnaimh a chur chun cinn. Léirítear leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó sheimeastair Eorpacha roimhe seo nach ndearnadh obair leantach ar roinnt mhaith moltaí tírshonracha toisc nach raibh cur chuige soiléir ná úinéireacht shoiléir ann. Cuireann sé in iúl go mbaineann an easpa aitheantais a thugtar do ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa seimeastar Eorpach leis sin freisin;

11. á chur in iúl gur cúis díomá dó nach ndearnadh obair leantach mar is ceart ar thuairim CnaR maidir le baint dhíreach a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, mar údaráis fhonáisiúnta, le hullmhú na bpleananna náisiúnta ([3]). Is oth le CnaR nár cuireadh san áireamh go hiomlán an glao a leagtar amach in Aithris 34 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena gcuirtear i bhfáth a thábhachtaí atá sé go dtabharfadh na Ballstáit rannpháirt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha in ullmhú agus i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh. Ardaíonn próisis ullmhúcháin na bpleananna náisiúnta ceisteanna freisin faoi phrionsabal na coimhdeachta a urramú.

12. á chur in iúl cás sonrach na réigiún is forimeallaí, a d'aithin an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá le haird ar leith a thabhairt orthu laistigh den Seimeastar Eorpach;

13. á athdhearbhú gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, mar údaráis phoiblí, is gaire dá saoránaigh agus dá ngnólachtaí agus, dá bhrí sin, gurb iad is mó atá ar an eolas faoina gcuid riachtanas, fadhbanna agus mianta. Sa deireadh, is iadsan atá freagrach as formhór na straitéisí náisiúnta a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, straitéisí a chuirtear le chéile de ghnáth leis an gcur chuige ón mbarr anuas agus ní bhíonn siad ag teacht leis na riachtanais áitiúla mar gheall air sin. Ar an gcaoi chéanna, soláthraíonn na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha formhór na seirbhísí poiblí dá gcónaitheoirí agus dá ngnólachtaí, agus déanann siad infheistíocht i réimsí beartais a chumhdaítear leis na pleananna téarnaimh. Dá bhrí sin, má tá rath le bheith ar an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta, ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus go háirithe ar dhigiteáil na riarachán poiblí, ní mór baint dhíreach a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le hullmhú agus le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Gan rannpháirtíocht struchtúrach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, fágfar an leibhéal polaitiúil is gaire don phobal ar lár, agus dá dheasca sin, ní fhéadfar na garspriocanna agus na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach. Dá bhrí sin, moltar go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, nó comhlachais náisiúnta a dhéanann ionadaíocht thar ceann na n-údarás sin, rannpháirteach sna coistí pleanála, agus go mbeidís mar chuid den idirbheartaíocht leis an gCoimisiún Eorpach;

14. á chur in iúl go mbaintear de thátal as freisin nach ndéantar aon tagairt i bhformhór na bpleananna náisiúnta do rannchuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, cé gur chinn an tAontas roimhe seo gur cheart go gcuirfeadh a chuid beartas uile leis sin. Dá bhrí sin, moltar go mbunódh an Coimisiún Eorpach táscairí soiléire ar gá do na Ballstáit iad a leanúint;

---

([2]) EPC agus Konrad Adenauer Stiftung Europe: Plépháipéar: *National Recovery & Resilience Plans: Empowering the green and digital transitions?* (Aibreán 2021)
Staidéar Choiste na Réigiún le Alessandro Valenza, Anda Iacob, Clarissa Amichetti, Pietro Celotti (t33 Srl), Sabine Zillmer (Spatial Foresight) agus Jacek Kotrasinski: *Regional and local authorities and the National Recovery & Resilience Plans* (Meitheamh 2021), ar fáil ag: https://cor.europa.eu/en/engage/studies/Documents/Regional%20and%20local%20authorities%20and%20the%20National%20Recovery%20and%20Resilience%20Plans/NRRPs_study.pdf
*CPMR analysis on the National Recovery & Resilience Plans – Technical note* (Meitheamh 2021).

([3]) Tuairim ó Choiste na Réigiún: Plean téarnaimh don Eoraip mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19: An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (COR-2020-03381).

15. á chur i dtábhacht nach mór do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a urramú agus a chur i bhfeidhm go docht ar fud gach infheistíochta agus athchóirithe, go háirithe infheistíochtaí inbhuanaithe lena gcuirtear le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta. Áitíonn sé go n-áiritheoidh an Coimisiún Eorpach go bhfuil an córas tuairiscithe i bhfeidhm agus go mbreithneofar gné chríochach agus saineolas na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa mheasúnú ós rud é go ndéantar an mheastóireacht maidir le gach beart ar an leibhéal náisiúnta;

**Rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta**

16. á chur in iúl, i bhfianaise an méid thuas, go bhfuil cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach ríthábhachtach, agus iarrann sé ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun páirt ghníomhach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa phróiseas sin ar bhealach struchtúrtha, agus treoir a thabhairt chun na críche sin;

17. á chur in iúl i ndáil leis sin nach bhfuil ról ríthábhachtach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach teoranta do chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta amháin, ach go mbaineann sé freisin leis an bpleanáil agus an measúnú breise;

18. á iarraidh ar chomhlachais Eorpacha amhail CEMR, Eurocities agus CPMR ([4]), i gcomhpháirt le CnaR, leanúint de na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus a gcomhlachais a chur ar an eolas faoi phleananna náisiúnta (a chur chun feidhme) agus faoin ról a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i ndáil leis sin;

19. á iarraidh ar na Ballstáit ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le cur chun feidhme, pleanáil bhreise agus meastóireacht na bpleananna téarnaimh a shainiú sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leis an gCoimisiún Eorpach maidir le socruithe oibríochtúla (i gcomhréir le hAirteagal 20(6) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) agus i ngealltanais dhlíthiúla aonair leis na Ballstáit maidir le ranníocaíochtaí airgeadais (i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) – agus aird á tabhairt ar an gcaidreamh bunreachtúil agus ar roinnt na gcumhachtaí sna Ballstáit, go háirithe ós rud é i roinnt Ballstát, go bhfuil na rialtais fhonáisiúnta freagrach go páirteach as an tSaoráid a chur chun feidhme. Ina dtuarascálacha maidir le cur chun feidhme na Saoráide, ba cheart do na Ballstáit roinn a áireamh maidir le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, i gcomhréir le hAithris 34 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;

20. á chur in iúl gur cheart an scórchlár chun dul chun cinn a thomhas agus chun faisnéis a sholáthar maidir le cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta a bheith ag feidhmiú faoin 31 Nollaig 2021 de réir Airteagal 30 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus beidh an scórchlár sin mar bhonn don Idirphlé Téarnaimh agus Athléimneachta agus gur cheart dó leasanna réigiúnacha agus áitiúla a chur san áireamh. Iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go dtabharfar léiriú ceart ar "an ghné chríochach" agus ar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa scórchlár débhliantúil. D'fhonn próiseas cuimsitheach faireacháin agus cur chuige oibiachtúil maidir le cur chun feidhme a áirithiú, tá sé riachtanach go mbeidh tuiscint ar na cuspóirí a bhainfear amach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, gan ualach riaracháin iomarcach a chur ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de cheangal a chur ar na Ballstáit saintréithe gach cineáil réigiún a chur san áireamh agus a bpleananna náisiúnta á gcur chun feidhme acu, chun go bhféadfar na pleananna sin a chur chun feidhme ar bhealach áitbhunaithe;

22. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go n-áirítear "idirphlé téarnaimh agus athléimneachta" sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba mhaith le CnaR aird Pharlaimint na hEorpa a tharraingt ar an gceart, i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a iarraidh ar an gCoimisiún staid an téarnaimh, pleananna na mBallstát agus an dul chun cinn maidir leis an gcur chun feidhme a thíolacadh gach 2 mhí.

23. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ar bhonn rialta agus a áirithiú go gcloífear chomh dlúth agus is féidir leis na ceanglais agus leis na prionsabail uile, go háirithe prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal an rialachais il-leibhéil, agus na pleananna náisiúnta á gcur chun feidhme, agus go mbeidh siad mar phointe tagartha sa phlé a dhéanfar maidir leis na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn;

24. ag iarraidh, i bhfianaise a thábhachtaí atá rannpháirtíocht áitiúil agus réigiúnach i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta, ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún CnaR a rannpháirtiú san "idirphlé téarnaimh agus athléimneachta" ar bhonn córasach, d'fhonn idirphlé a chur chun cinn idir institiúidí uile an Aontais agus na comhlachtaí comhairleacha uile ionas go gcosnófar an ghné réigiúnach agus áitiúil mar is ceart;

25. á iarraidh ar na 27 gcomhalta de Mheitheal Chomhpháirteach ECON-BUDG Pharlaimint na hEorpa um Ghrinnscrúdú a dhéanamh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus a gcomhaltaí malartacha, a ról faire iomlán ar chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh a chomhlíonadh agus CnaR agus ionadaithe eile na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a rannpháirtiú san idirphlé sin ar bhonn rialta. Cuireann sé i dtábhacht gur féidir le CnaR leas a bhaint freisin as an saineolas atá ag an Meitheal um an gComhaontú Glas agus as an Ardán Leathanbhanda chun tacú le faireachán a dhéanamh ar na príomhspriocanna glasa agus digiteacha;

---

([4]) CEMR: Comhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa (https://www.ccre.org)
Eurocities (https://eurocities.eu)
CPMR: Comhdháil Réigiúin Mhuirí Fhorimeallacha na hEorpa (https://cpmr.org).

**Comhtháthú críochach**

26. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go ndearnadh an tSaoráid a dhaingniú sa chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach tríd an mbunús dlí in Airteagal 175 CFAE agus go n-áirítear comhtháthú mar cheann de na colúin a leagtar amach in Airteagal 3 den rialachán deiridh;

27. á mholadh gur cheart do na Ballstáit na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a rannpháirtiú san anailís costais is tairbhe ar infheistíochtaí poiblí agus athchóirithe poiblí maidir leis an tSaoráid i réimse an chomhtháthaithe, na hinbhuanaitheachta agus an digiteála agus scéimeanna cistiúcháin maidir leis an tSaoráid a chur i gcrích faoi bhainistíocht chomhroinnte nó dhíreach, i gcás inarb infheidhme;

28. á áitiú go bhfuil sé fíor-riachtanach cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur i bhfeidhm agus urraim iomlán á tabhairt d'Airteagal 4(2) CAE, do phrionsabail na tabhartha cumhachtaí, na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus prionsabal an chaithimh chomhionainn. Cuireann sé i dtábhacht, mar a comhaontaíodh sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2020, nach mór buiséad an Aontais (lena n-áirítear Next Generation EU) a chosaint ar aon chineál calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa – chun bainistiú fónta airgeadais agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

29. á chur in iúl go mbaineann sé de thátal as, áfach, nach dtugtar aghaidh ar an gcomhtháthú críochach ach go pointe áirithe sna pleananna náisiúnta. Cuireann roinnt pleananna náisiúnta faisnéis ar fáil ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus tugann siad aghaidh ar shaincheisteanna sóisialta, digiteacha agus comhshaoil ó thaobh críche de. Mar sin féin, ní dhéantar an cur chuige críochach a chuíchóiriú go córasach i ngach réimse beartais;

30. den tuairim gurb é an cur chuige ón mbarr anuas a úsáidtear d'fhormhór na bpleananna náisiúnta agus easpa rannpháirtíochta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach is cúis leis sin, agus dá bhrí sin, tá sé ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit prionsabal na comhpháirtíochta atá cumhdaithe sa chód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a chaomhnú agus a chur chun feidhme;

31. á chur i bhfáth gurb é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige láraithe go ndéantar neamhaird ar dhifríochtaí críochacha, ó thaobh na ndúshlán agus ó thaobh na ndeiseanna de. Dá dheasca sin, d'fhéadfadh sé gur lú éifeachtacht a bheidh ag na pleananna náisiúnta agus gur lú an tionchar a bheidh acu ná mar atá ag teastáil. Fágann sé sin go bhfuil na réigiúin a bhí tite ar gcúl cheana féin maidir lena bhforbairt sular thosaigh an phaindéim i mbaol titim níos mó ar gcúl, bíodh sin i dtaca leis an bhfostaíocht, na leibhéil oideachais, tacaíocht ghnó, an digiteáil, an tsoghluaisteacht nó i réimsí tábhachtacha beartais eile;

32. á thabhairt dá aire, ina theannta sin, go bhfuil an baol ann nach mbainfear amach na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann leis an mbeartas comhtháthaithe de dheasca rannpháirtíocht neamhleor na n-údarás áitiúil agus réigiúnach in ullmhú na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tá baol ann go mbeidh infheistíochtaí forluiteacha idir na pleananna téarnaimh agus na cláir CSIE, rud a chruthódh iomaíocht idir an dá cheann. Níl cómhaoiniú náisiúnta de dhíth ar na pleananna náisiúnta agus tá siad faoi réir córas speisialta státchabhrach, agus déanann an dá rud sin dochar do chláir CSIE. Níor cheart go gcuirfí i mbaol cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí idir na réigiúin éagsúla agus mallréim na limistéar atá ar chaolchuid deiseanna a laghdú;

33. á chur in iúl gur ábhar iontais dó nach raibh aon chomhordú soiléir ann go dtí seo idir na pleananna náisiúnta agus na cláir CSIE, ó tharla sin a bheith éigeantach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá bhrí sin, iarrann CnaR ar an gCoimisiún aird a tharraingt air sin sna comhaontuithe a thugtar i gcrích leis na Ballstáit maidir leis na pleananna náisiúnta. Ba cheart an tsineirgíocht idir na pleananna náisiúnta agus na cláir CSIE a bheith mar chuid de thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na saoráide téarnaimh agus athléimneachta agus den ghrinnscrúdú a dhéanann Parlaimint na hEorpa;

34. ag tarraingt aird freisin ar an gcomhordú leis na cláir eile atá á gcistiú ag Next Generation EU (e.g. REACT-EU). Ní féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na cláir a chur chun feidhme go héifeachtach mar gheall ar agaí éagsúla athluchtaithe na gclár téarnaimh agus an easpa ailínithe idir cláir an Aontais atá ann cheana agus na cláir nua atá á gcistiú ag Next Generation EU a bhaineann le huaillmhianta maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach;

35. á thabhairt dá aire, thairis sin, gur ar éigean a dhéantar aon tagairt do chláir Eorpacha eile sna pleananna náisiúnta (e. g. Saoráid um Chónascadh na hEorpa), rud a chiallaíonn gur gá na pleananna náisiúnta a chomhordú ar bhealach níos fearr leis na cláir sin de chuid an Aontais;

**Acmhainneacht riaracháin**

36. á chur i dtábhacht cé go bhfuil an acmhainneacht riaracháin i roinnt mhaith pleananna náisiúnta á hathchóiriú de réir na moltaí tírshonracha, nach dtugann roinnt Ballstát aird leordhóthanach ar an acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. Cuireann sé in iúl gur cheart acmhainneacht riaracháin cuid mhaith údarás áitiúil agus réigiúnach a fhorbairt, go háirithe i bhfianaise raon leathan na gclár AE agus na ndeiseanna le haghaidh tacaíocht airgeadais:

37. á chur i dtábhacht gur féidir leis na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, i gcás inarb infheidhme, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun feidhme go cuí agus go mbainfear leas leordhóthanach as cistí na Saoráide, gur féidir leo cruthú agus/nó síneadh acmhainneacht riaracháin na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a éascú chun a chinntiú go n-úsáidfear cistí poiblí go héifeachtúil trí shásraí a fhorbairt agus tacú leo i gcomhar le chéile do chomhordú beartais, do chomhar, d'aistriú faisnéise agus do scéimeanna oiliúna sonracha agus leanúnacha;

38. den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a chur ar fáil ar bhealach níos éasca chun tacú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha a bhfuil an bhearna acmhainneachta is mó os a gcomhair, chun nach gcuirfear cosc orthu an leas is fearr a bhaint as tacaíocht na Saoráide chun infheistíochtaí agus athchóirithe a chur chun feidhme;

**An Seimeastar Eorpach**

39. á chur in iúl go bhfuil ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, mar údaráis fhonáisiúnta, maidir le hathchóirithe a chur chun feidhme trí na pleananna náisiúnta ar bhonn na moltaí tírshonracha ón seimeastar Eorpach, trí infheistíochtaí, trí athchóirithe agus tríd an reachtaíocht. Spreagann sé an Coimisiún Eorpach, i gcomhar le CnaR, dea-chleachtais agus dea-thaithí a bhaineann le rannpháirtíocht údarás áitiúil agus réigiúnach sa Seimeastar Eorpach a roinnt agus a chur ar fáil don phobal;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacaíocht ghníomhach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a raibh fadhbanna acu cistí an Aontais a ionsú san am a chuaigh thart agus aghaidh á tabhairt acu ar na fadhbanna sin, ionas go bhféadfar na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme go rathúil ar fud an Aontais Eorpaigh;

41. á athdhearbhú, dá bhrí sin, an iarraidh uaidh a eisíodh i dtuairimí roimhe seo ([5]) go mbeadh cód iompair ann le haghaidh rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an cód sin níos práinní agus níos riachtanaí ná riamh má tá an Seimeastar Eorpach le bheith níos trédhearcaí, níos cuimsithí, níos daonlathaí, agus níos éifeachtaí freisin, trí na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a rannpháirtiú ann. Ar an gcaoi sin, is mó an fhreagracht a bhíonn ann ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, rud a fheabhsaíonn cur chun feidhme na n-athchóirithe inmhianaithe sna Ballstáit;

42. á chur in iúl go mbaintear de thátal as, dá mbeadh cód iompair ann le haghaidh comhpháirtíochta sa Seimeastar Eorpach, go seachnófaí cur chuige ón mbarr anuas agus na pleananna náisiúnta á n-ullmhú. Dá mbeadh baint dhíreach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe agus mar údaráis fhonáisiúnta, bheadh cuspóir an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh daingnithe níos fearr sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta;

43. ag tarraingt aird an Choimisiúin arís ar a theachtaireacht féin, an 23 Deireadh Fómhair 2018, maidir le coimhdeacht ([6]), ina n-aithnítear, i measc nithe eile, go bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha éagsúil ó gheallsealbhóirí eile mar go bhfuil siad ar thús cadhnaíochta i gcur chun feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil an deis ann, i mórán cásanna, tuairimí na bParlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha agus tuairimí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a léiriú ar bhealach níos fearr le linn an nós imeachta reachtaigh. Iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach dlús a chur leis an rannpháirtíocht sin amach anseo;

44. á chur in iúl go mbaintear de thátal as freisin, maidir le gné chríochach an tSeimeastair Eorpaigh, go bhfuil beart déanta ag an gCoimisiún chun gnéithe níos réigiúnaí a áireamh sna moltaí tírshonracha agus chun an nasc le cláir CSIE a bhunú. Dar le CnaR, is céim loighciúil agus riachtanach é cód iompair a bhunú chun rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa Seimeastar Eorpach a chur ar bhonn foirmiúil;

45. á iarraidh, ar a laghad, ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt sa todhchaí ina gcláir náisiúnta bhliantúla um athchóiriú (CNAnna) faoin Seimeastar Eorpach, maidir lena gcomhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le geallsealbhóirí, de mheon Airteagal 18(4)(q) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus mionchur síos a dhéanamh ar thionchar follasach na gcomhairliúchán sin;

46. den tuairim go bhfuil athchóiriú críochnúil ar an Seimeastar Eorpach riachtanach má táthar chun na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach go rialta iontu a chur i bhfeidhm go fónta – ní hamháin i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta á n-ullmhú, ach d'fhonn fíoruirlis a dhéanamh de freisin le haghaidh chuspóirí fadtéarmacha an Aontais, bíodh sin i gcomhthéacs "Fit for 55", an t-aistriú digiteach, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach faoi 2030, nó aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Apostolos TZITZIKOSTAS

---

([5]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún: Plean téarnaimh don Eoraip mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19: An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (Deireadh Fómhair 2020, COR-2020-03381).
Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún: An Seimeastar Eorpach agus an Beartas Comhtháthaithe: Athchóirithe Struchtúracha a ailíniú le hInfheistíochtaí Fadtéarmacha (Aibreán 2019, COR-2018-05504) (Níl leagan Gaeilge ann).
Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún: Feabhas a Chur ar Rialachas an tSeimeastair Eorpaigh: Cód Iompair maidir le Rannpháirtíocht na nÚdarás Áitiúil agus Réigiúnach (COR-2016-05386) (Níl leagan Gaeilge ann).

([6]) COM(2018) 703 final.

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Deireadh a chur leis an easpa dídine san Aontas Eorpach: an dearcadh áitiúil agus réigiúnach**

(2022/C 97/06)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir** | Mikko AALTONEN (FI/PSE), Comhalta de Thionól Áitiúil: Comhairle Cathrach Tampere |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TA COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Cúlra agus fíricí**

1. ag tabhairt dá aire go mb'fhéidir gurb í an easpa dídine an léiriú is measa ar an eisiamh sóisialta san Eoraip. Is fadhb phráinneach shochaíoch í nach mór do lucht ceaptha beartas aird níos mó a thabhairt uirthi ar na leibhéil ábhartha uile, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an easpa dídine ina saincheist i mBallstáit uile AE. Baineann raon feidhme éagsúil leis an easpa dídine, agus tá leaganacha éagsúla di ann, ach níor éirigh le Ballstát ar bith réiteach a fháil ar an easpa dídine;

3. á thabhairt le fios gur réaltacht dhinimiciúil í an easpa dídine a bhfuil baint aici le nithe eile seachas daoine a bhfuil cónaí orthu ar an tsráid. Ba cheart na daoine seo a leanas a mheas mar dhaoine gan dídean: daoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid dídine nó in áiteanna nach bhfuil ceaptha le haghaidh tithíochta; daoine atá ar tí institiúid a fhágáil gan aon roghanna tithíochta a bheith acu; daoine nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu agus/nó atá ag brath ar bheith in ann fanacht lena gcairde nó lena dteaghlach ó am go chéile. Beidh droch-idirghabhálacha beartais ann má fhágtar dálaí iarbhír casta na heaspa dídine i ndearmad agus má ghlactar leis nach bhfuil inti ach an easpa dídine ar na sráideanna. Is den tábhacht idirdhealú a dhéanamh idir cásanna ina bhfuil daoine go hiomlán gan dídean agus cásanna ina bhfuil líonra beag tacaíochta ag daoine, ós rud é gur gá gníomhaíocht a chur in oiriúint d'imthosca éagsúla d'fhonn éifeachtacht na n-idirghabhálacha beartais a bharrfheabhsú;

4. á thabhairt dá aire agus is cúis imní dó é go bhfuil laghdú mór tagtha ar sholáthar tithíochta inacmhainne, go háirithe i gcathracha agus i limistéir uirbeacha atá ag fás, de bharr an uaislithe, tithíocht ghearrthéarmach ar cíos agus an airgeadraithe, maille le hiarmhairtí na géarchéime airgeadais domhanda agus na géarchéime eacnamaíche a thit amach le blianta anuas. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh de na dúshláin atá roimh bhailte beaga agus limistéir thuaithe, nithe a chuireann an easpa dídine in olcas. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh infheistíochtaí agus creat níos fearr le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne má táthar chun an easpa dídine a chosc;

5. á léiriú gur fadhb ilghnéitheach atá san easpa dídine a dhéanann difear do raon leathan daoine ó ghrúpaí éagsúla nach mór aird a thabhairt orthu (mná, daoine óga, leanaí, imircigh agus iarrthóirí tearmainn) agus a bhfuil cónaí orthu i ndálaí leochaileacha nó forbhásacha. Is iomaí cúis atá leis an easpa dídine agus is iomaí rud a spreagann í. Tá cúiseanna struchtúracha i gceist léi amhail ganntanas tithíochta inacmhainne, an dífhostaíocht, bearnaí cumhdaigh sa chóras cosanta sóisialta, an t-idirdhealú agus lochtanna ar bheartais imirce, chomh maith le tosca pearsanta amhail droch-mheabhairshláinte, andúil agus fadhbanna caidrimh. Chaithfeadh aon bheartas éifeachtach dul i ngleic lena hilghnéithí atá an easpa dídine;

6. ag tabhairt dá aire, de réir meastacháin ó Feantsa, eagraíocht neamhrialtasach Eorpach, go raibh 700 000 duine ar a laghad a chodail amuigh nó in ionad dídine oíche ar bith in 2019, is é sin méadú 70 % in imeacht 10 mbliana. Tá an Coiste an-bhuartha go bhfuil méadú tapa ag teacht ar an líon daoine gan dídean san Aontas le blianta beaga anuas;

7. á chur i bhfios go bhfuil an easpa dídine ina sárú ar chearta an duine, amhail an ceart chun tithíochta mar a chumhdaítear i gCairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe) de chuid Chomhairle na hEorpa. D'fhéadfadh an easpa dídine a bheith ina sárú ar chearta áirithe sibhialta agus polaitiúla freisin, amhail an ceart ar chosaint in aghaidh íde atá mídhaonna nó táireach agus an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, agus i gcásanna áirithe an ceart chun na beatha, fiú;

8. á chur in iúl gur geal leis go bhfuil an easpa dídine ag teacht de réir a chéile chun bheith ina tosaíocht beartais shóisialta san Eoraip agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Rinne lear suntasach eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus OECD chomh maith le hinstitiúidí AE obair ar an easpa dídine le deireanas. Is geal leis an gCoiste go bhfuil aird á tabhairt ar an bhfadhb seo ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tá súil aige go gcuideoidh sé sin le Ballstáit AE a gcur chuige i leith na heaspa dídine a fheabhsú a thuilleadh.

9. á chur i bhfios gur léirigh paindéim COVID-19 go bhfuil baint ag an easpa dídine leis an tsláinte phoiblí. Is mó seans, mar gheall ar na dálaí maireachtála ina bhfuil siad agus na bunghalair atá orthu, go ndéanfar daoine gan dídean in ionad dídine a ionfhabhtú, go gcuirfear san ospidéal iad agus go mbásóidh siad i ndiaidh an ionfhabhtaithe;

10. den bharúil go bhféadfar an easpa dídine a réiteach ach an meascán iomchuí de spriocbhearta comhordaithe a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach córasach. Ba cheart dlúthchomhar idir seirbhísí sóisialta agus seirbhísí tithíochta, i bpáirt leis an gcóras breithiúnach, agus réitigh ina bhfuil béim ar thithíocht a chur ar bun, amhail an cur chuige "Tithíocht ar dTús", a bheith i gceist leis an meascán beartais sin. D'fhéadfaí na réitigh sin ina bhfuil béim ar thithíocht a chur ar bun, arb é is aidhm dóibh dul i ngleic le díothacht tithíochta agus cuimsiú sóisialta daoine aonair agus teaghlach a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha acu a chur chun cinn, a bharrfheabhsú trí chineálacha nuálacha tithíochta arna maoiniú trí infheistíochtaí poiblí-príobháideacha agus infheistíochtaí ón tríú hearnáil. Tá fianaise leordhóthanach ann chun a chinneadh go bhfuil sé neamhéifeachtach, neamhéifeachtúil agus costasach an easpa dídine a bhainistiú le córas ionad dídine amháin;

11. á chur in iúl go n-aontaíonn sé gur cheart a thuiscint gur ceart iad réitigh atá dírithe ar thithíocht agus nár cheart iad a bheith ag brath ar fhreagairtí iompraíochta agus/nó ar éachtaí ([1]). San am céanna, ba cheart cóiríocht a fháil a bheith mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena n-áirithítear soláthar seirbhísí struchtúrtha, mar aon le seirbhísí tacaíochta pearsantaithe chun cuidiú le daoine gan dídean cóiríocht a fháil agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bunchúiseanna atá leis an easpa dídine ar bhonn aonair. Tá dlúthchomhar idir seirbhísí sóisialta agus sláinte ríthábhachtach, go háirithe i gcomhthéacs na paindéime. Tá CnaR ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé díriú freisin ar chosc trí bhearta sonracha a thabhairt isteach a chuideoidh leo siúd is leochailí agus is mó atá i mbaol easpa dídine;

12. á áitiú go bhfuil staitisticí cothrom le dáta ar phróifíl agus ar chineál na heaspa dídine bunriachtanach don dea-cheapadh beartas agus soláthar seirbhíse. Is oth leis an gCoiste nach ann d'aon sonraí oifigiúla AE maidir leis an easpa dídine agus iarrann sé go ndéanfaí beart go práinneach chun é sin a chur ina cheart;

13. á mholadh do na Ballstáit agus d'institiúidí AE, ó tharla nach ann do shainmhíniú Eorpach ar an easpa dídine, aicmiú ETHOS a úsáid mar chreat-shainmhíniú a chumhdaíonn a bheith gan díon, an easpa dídine, maireachtáil i dtithíocht éiginnte agus maireachtáil i dtithíocht neamhleor. D'éascódh sé sin an comhar Eorpach;

14. ag meabhrú na hachainí a rinne sé go dtabharfaí aird ar leith ar an easpa dídine a fheictear i measc daoine óga LGBTIQ, go n-ardófaí feasacht ina leith agus go gcuirfí chun cinn ionaid chúraim don óige agus ionaid dídine i bpobail áitiúla ([2]);

15. á chur i bhfáth gur príomhimreoirí iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne na heaspa dídine, ach nach mbíonn na príomhuirlisí beartais acu go minic ná an tacaíocht airgeadais chun bheith éifeachtach. Ba cheart dá réir sin na leibhéil ábhartha rialtais uile a bheith rannpháirteach i mbeartais um an easpa dídine;

16. á chur i bhfios go bhféadfadh an cur chuige córasach leanúnach "Tithíocht ar dTús" a bheith ina bhonn chun aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine, mar a tharla i mBallstáit AE amhail an Fhionlainn;

17. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac arna lainseáil ag an gCoimisiún Eorpach agus Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2021. Tacaíonn an Coiste go láidir leis an ardán a bheith á chuimsiú i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ach is oth leis i dtaca leis sin de, nach leagtar síos sprioc chainníochtúil ar bith sa phlean gníomhaíochta maidir leis an easpa dídine a chomhrac ([3]);

18. ag tacú, chomh maith leis sin, leis an iarraidh a rinne na Ceannairí Stáit agus Rialtais aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine mar thosaíocht beartais shóisialta don Aontas sna hiarrachtaí uile maidir leis an eisiamh sóisialta a chomhrac agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht, mar a sonraíodh i nDearbhú Portó i mí na Bealtaine 2021;

---

([1]) *Fighting homelessness and housing exclusion in Europe – A study of national policies*, Líonra Eorpach um Beartas Sóisialta (2019) (https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=21629&langId=en).

([2]) SEDEC-VII/015, tuairim ó CnaR *Aontas an Chomhionannais: an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025*.

([3]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún *Cur Chun Feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ón taobh Áitiúil agus Réigiúnach* (COR-2021-01127).

**Moltaí ó Choiste Eorpach na Réigiún**

19. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach ról gníomhach a imirt i gcomhordú an ardáin agus acmhainní leordhóthanacha AE a leithdháileadh chun rialachas éifeachtach agus tionchar beartais inbhraite a áirithiú; á chur in iúl go bhfuil sé ag tnúth le rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát san ardán ar gach leibhéal rialtais, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus lena n-iarrachtaí deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030, faoi mar a sonraíodh i nDearbhú Liospóin maidir leis an Ardán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac agus i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbaineann saincheist na heaspa dídine an bonn de ghnóthú roinnt de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, eadhon Spriocanna 1, 2, 3, 6, 8, 10 agus 11, ina n-éilítear beartais thrasearnálacha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt uirthi go héifeachtach;

20. tiomanta do ról gníomhach a imirt san ardán agus, mar chomhalta den Bhord Stiúrtha, d'aird a tharraingt ar na dúshláin roimh údaráis áitiúla agus réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne na heaspa dídine; ag tathant ar an ardán, chuige sin, aitheantas iomlán a thabhairt do ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus a rannpháirtíocht iomlán sa tréaniarracht sin a éascú;

21. ag moladh dó leasanna agus cúraimí an daonra gan dídean a chur san áireamh ina chuid oibre beartais amach anseo, agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ardán a chomhtháthú i gcláir oibre na gcoimisiún ábhartha amhail SEDEC. D'fhéadfadh an Coiste comhdháil Eorpach a eagrú go rialta maidir leis na beartais áitiúla agus réigiúnacha sin um an easpa dídine a thagann faoina shainchúram;

22. ag moladh ról tábhachtach i gcomhordú agus/nó bainistiú an ardáin a bhronnadh ar Feantsa mar gurb é sin an t-aon lárionad trasnáisiúnta eolais agus cleachtais san Eoraip agus go n-aithnítear a shaineolas go forleathan, saineolas atá in úsáid cheana féin agus beartais um an easpa dídine á gceapadh ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit. Beidh ríthábhacht lena saineolas siúd chun an t-ardán a fhíorú;

23. ag féachaint ar cheithre shraith gníomhaíochta thábhachtacha don ardán: malartuithe trasnáisiúnta agus foghlaim fhrithpháirteach a éascú; rochtain ar chistiú AE agus deiseanna maoinithe a chur chun cinn; bailiú sonraí agus faireachán ar dhul chun cinn na mbeartas; agus nuálaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu, amhail "Tithíocht ar dTús", a shainaithint agus cabhrú chun uas-scálú a dhéanamh orthu;

24. ag moladh gur cheart "Tithíocht ar dTús" a bheith ina ábhar tosaíochta don ardán, i bhfianaise an mhéadaithe ar spéis na ngeallsealbhóirí ann, amhail rialtais náisiúnta agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus soláthróirí tithíochta; den tuairim gur cheart, le "Tithíocht ar dTús", ar cheart é a chomhlánú le seirbhísí tacaíochta sóisialta ar ardcháilíocht chun cuidiú le daoine dul i ngleic le dúshláin phearsanta, athrú córasach a dhéanamh ar an tslí a dtugtar aghaidh ar an easpa dídine agus nach ar leibhéal tionscadail amháin a chuirfí chun cinn é;

25. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go mbeidh fócas láidir ar an easpa dídine i dtionscnaimh bheartais ábhartha uile an Aontais amhail an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, an Straitéis Eorpach um Míchumas, Straitéis AE um Chomhionannas LGBTIQ, Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne, Creat AE maidir leis na Romaigh, Ráthaíocht AE don Aos Óg, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta, an Clár EU4Health, Comhshocrú AE maidir le hImirce agus Tionscnamh AE maidir le Tithíocht Inacmhainne;

26. á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as cistiú agus deiseanna maoinithe ón Aontas, ar deiseanna iad nach bhfacthas a leithéid riamh, chun dul i ngleic leis an easpa dídine, agus leas a bhaint go háirithe as cistí CSE+, CFRE agus an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh. Ba cheart don Choimisiún a bheith gníomhach agus úsáid na gCistí Struchtúracha ag údaráis bhainistíochta, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus an tríú hearnáil a chur chun cinn; ag iarraidh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta tacú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun tograí infheistíochta a fhorbairt a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin gClár InvestEU mar chuid den Mhol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún an comhar trasnáisiúnta a fhorbairt a thuilleadh idir na cathracha agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leas a bhaint as obair atá déanta cheana maidir leis an easpa dídine faoin gClár URBACT agus na Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha;

28. ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an fócas ar an easpa dídine faoi phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh a ghéarú, agus a mheas an bhféadfaí moltaí tírshonracha maidir leis an easpa dídine a eisiúint do Bhallstáit a bhfuil an easpa dídine iompaithe ina géarchéim náisiúnta iontu.

29. ag iarraidh ar Chomhairle na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 31.2 dá Cairt Shóisialta Eorpach nuashonraithe ([4]), aird faoi leith a thabhairt ar éigeandáil na heaspa dídine, agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais Eorpaigh machnamh a dhéanamh ar thús a chur le gníomhaíochtaí i leith na heaspa dídine agus aird á tabhairt ar an tionchar tubaisteach atá aici ar dhaoine aonair agus ar an struchtúr sóisialta níos leithne; ag iarraidh go háirithe go mbeadh na heagraíochtaí seo a leanas rannpháirteach sa mhéid sin: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, óir tá an easpa dídine ar na sáruithe is práinní ar chearta an duine san Eoraip; an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, ós í an easpa dídine an cineál droch-chaighdeáin maireachtála is measa; an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú mar go ndéanann galair thógálacha difear díréireach do dhaoine gan dídean; an tÚdarás Eorpach Saothair, ó tharla go bhfuil an easpa dídine i measc saoránaigh shoghluaiste AE a bhíonn ag gluaisteacht chun críoch oibre ina fadhb atá ag dul i méid i roinnt Ballstát; agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, mar gur minic a bhíonn an easpa dídine ina spreagthach leis an andúil nó ina toradh uirthi;

30. ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún forbairt agus maoiniú na nuálaíochta sóisialta a chuirtear i bhfeidhm maidir le saincheist na tithíochta a áireamh ina gcuid beartas, mar a thugtar aghaidh uirthi sa Treoirleabhar maidir leis an Nuálaíocht Shóisialta ón gCoimisiún Eorpach, mar cheann de na bealaí le cosc a chur ar an easpa dídine;

31. ag iarraidh ar na Ballstáit uile straitéisí naisiúnta um an easpa dídine a fhorbairt i gcomhairle leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus béim láidir iontu ar thithíocht mar phointe tosaigh d'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin shonracha atá os comhair bailte, cathracha agus réigiúin éagsúla; ag iarraidh ar an gCoimisiún sraith straitéisí Eorpach a fhorbairt chun tacú leis na Ballstáit lena bpleanáil straitéiseach;

32. ag iarraidh ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha AE stop láithreach a chur le pionósú agus coiriúlú daoine a chodlaíonn amuigh, i gcomhréir le dlí-eolaíocht chearta an duine, agus mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

([4]) Airteagal 31.2: *to prevent and reduce homelessness with a view to its gradual elimination* (https://www.coe.int/en/web/european-social-charter).

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach**

(2022/C 97/07)

**Rapóirtéir:** Uroš BREŽAN (SI/Na Glasaigh), Méara Tolmin

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus go dtacaíonn sé leis an gcur chuige cuimsitheach atá leagtha amach i dtrí shnáithe, arb é is aidhm dó éileamh agus táirgeadh a spreagadh agus feabhas a chur ar rannchuidiú na feirmeoireachta orgánaí le dúshláin inbhuanaitheachta agus chomhshaoil;

2. den bharúil, a bhuí leis an tionchar dearfach a imríonn sí ar an gcomhshaol agus ar an aeráid ó thaobh feabhas a chur ar cheapadh carbóin agus ar shláinte ithreach, ó thaobh chaomhnú na bithéagsúlachta agus ó thaobh leas na n-ainmhithe, go gcuideoidh an fheirmeoireacht orgánach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus le spriocanna straitéisí an Aontais maidir leis an mbithéagsúlacht agus “ón bhFeirm go dtí an Forc” a bhaint amach;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh dó, i measc na spriocanna sin, an sprioc uaillmhianach uile-Aontais a leagtar amach sa Straitéis “ón bhFeirm go dtí an Forc” 25 % den talamh talmhaíochta a bheith dírithe ar an bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030, ar sprioc é ar cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a thionchar. Á mholadh spriocanna náisiúnta ceangailteacha a leagan síos chun éagsúlacht na talmhaíochta i dtíortha éagsúla na hEorpa agus ina gcuid réigiún a chur san áireamh;

4. á chur in iúl gur oth leis nach bhfuil CBT go hiomlán comhsheasmhach le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhFeirmeoireacht Orgánach, an Comhaontú Glas, an Straitéis “ón bhFeirm go dtí an Forc” agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais agus nach féidir cúiteamh leordhóthanach a thabhairt leis d’fheirmeoirí a dhéanann iarracht bhreise an t-aistriú glas a chur chun feidhme ar an bhfeirm, cuir i gcás an dream a dhéanann feirmeoireacht orgánach ar an talamh atá acu;

5. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go n-áirítear leis na hocht gcatagóir de bhearta forbartha tuaithe a moladh le haghaidh CBT nua 2023-2027 íocaíochtaí le haghaidh gealltanais chomhshaoil agus aeráide agus gealltanais bhainistíochta éagsúla eile. Tá bearta den sórt sin éigeantach do na Ballstáit a bhfuil sé de cheangal orthu 30 % ar a laghad den mhaoiniúchán ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a chur i leataobh le haghaidh bearta arna gceapadh chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Áirítear leis sin an fheirmeoireacht orgánach, ar féidir í a chistiú trí éiciscéimeanna, trí ghealltanais talmhaíochta, aeráide agus chomhshaoil an dara colúin nó tríd an dá cholún;

6. á thabhairt le fios gur gá an cuspóir 25 % den talamh talmhaíochta a dhíriú ar an bhfeirmeoireacht orgnánach faoi 2030 a bheith ag teacht leis an táirgeadh réigiúnach mar atá agus nach mór é a bhaint amach trí uirlisí beartais lena dtacaítear le forbairt chothromaithe tháirgeadh agus éileamh na dtáirgí orgánacha araon, agus iad á gcur chun feidhme mar is iomchuí ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

7. den bharúil go bhfuil sé ríthábhachtach díriú, i measc nithe eile, ar an soláthar a spreagadh agus, ag an am céanna, an t-éileamh ar tháirgí orgánacha a spreagadh ach an fheasacht a mhúscailt maidir leis na buntáistí a bhaineann leo agus muinín na dtomhaltóirí as an lógó orgánach a threisiú;

8. á chur in iúl go mbeadh sé ina dhíol sásaimh dó bearta agus tacaíocht ní ba nithiúla a bheith ann maidir le dearadh na mbeart le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí i gceantair thuaithe arb é is aidhm dóibh rochtain agus ioncam níos cothroime a chur chun cinn idir mná agus fir san earnáil agus feirmeoirí óga a spreagadh agus a mhealladh;

9. á chur in iúl gur oth leis nach ann do bhuiséad tiomnaithe ar leith de réir gach tionscnaimh ar leith, agus á iarraidh go mbainfí leas as na hionstraimí airgeadais éagsúla atá ar fáil chun an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, mar atá tionscnamh LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, beartas cur chun cinn an Aontais agus Fís Eorpach, ar bhonn comhsheasmhach chun na críche sin; agus á iarraidh freisin go maoineofaí ní b’fhearr an plean gníomhaíochta sin trí chistí forlíontacha Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

10. á leagan béim ar chás na réigiún is forimeallaí, ar gá dóibh, mar gheall ar na cúinsí ar leith a bhaineann leo, déileáil le srianta tromchúiseacha ó thaobh fhorbairt na feirmeoireachta orgánaí de. Ní mór caitheamh leo ar dhóigh speisialta, dá bhrí sin, trí bhearta sonracha agus maoiniúcháin bhreise.

11. á chur in iúl gur cúis áthais dó go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach “Lá Orgánach” a eagrú ar bhonn bliantúil agus uile-Aontais;

12. á chur in iúl go dtacaíonn sé leis an moladh gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta a chur san áireamh ón tús, chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta, chun dlús a chur le bailiú sonraí margaidh agus chun an anailís ar Fhaireachlanna Mhargadh an Aontais a leathnú chun táirgí orgánacha a chur san áireamh;

13. á thathant ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith arb ann dóibh ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Ba cheart go dtiocfadh na pleananna sin as próiseas comhairliúcháin oscailte daonlathach, a dhéanfaí de réir cur chuige ón mbun aníos, a mbeadh na geallsealbhóirí go léir rannpháirteach ann, go háirithe feirmeoirí orgánacha agus comhlachais orgánacha, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ionadaithe tomhaltóirí agus tionscal an fháilteachais;

14. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go luaitear den chéad uair sa phlean gníomhaíochta maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach “fíorchostas an bhia” agus go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar an tsaincheist sin, rud atá ríthábhachtach chun tacú leis an aistriú chuig córas bia a bheidh níos cothroime agus níos inbhuanaithe. Ba cheart go mbeadh an staidéar sin ina chuidiú le luach na feirmeoireachta orgánaí a aithint ó thaobh earraí poiblí a ghiniúint;

15. á chur i bhfáth go bhfuil iarmhair lotnaidicídí beagnach gach áit sa chomhshaol agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar tháirgí orgánacha freisin. Ós rud é go bhfágann feirmeoirí orgánacha gur ann d’ardchaighdeáin chomhshaoil sa táirgeadh, níor cheart baol a bheith ann dóibh nach iad is cúis leis. Tugann CnaR i bhfios, dá bhrí sin, go ndéanfaí dochar mór don earnáil leis an neamhfhulaingt ar iarmhair lotnaidicídí ar tháirgí orgánacha.

16. á mholadh gur cheart don Choimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh chun dul i ngleic leis an tsaincheist sin:

— tionscnaimh a chur ar aghaidh arb é is aidhm dóibh údarú na substaintí gníomhacha agus táirgí cosanta plandaí atá oiriúnach don fheirmeoireacht orgánach a shimpliú, sa chás gur eol go bhfuil siad neamhdhíobhálach don dúlra, don chomhshaol agus do dhaoine; ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an táirgeadh sna réigiúin is forimeallaí, ar réigiúin iad atá difriúil leis an mór-roinn maidir leis an talmhaíocht ó thaobh scála agus saintréithe de;

— a thuilleadh comhchuibhithe a chur chun cinn maidir lena ndéantar i gcás ina n-aimsítear iarmhar lotnaidicíde, ach na buntáistí agus na míbhuntáistí go léir a chur san áireamh maidir leis na cineálacha éagsúla cur chuige a ghlacann na Ballstáit;

— staidéar agus taighde ar chóireálacha nua a chur chun cinn ar cóireálacha iad a oireann don táirgeadh orgánach;

17. á mholadh do na Ballstáit a fhiosrú cén chaoi ar féidir an prionsabal a chur chun feidhme gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as chun ligean d’fheirmeoirí orgánacha cúiteamh a fháil as ioncaim a chailltear mar gheall ar éilliú teagmhasach a dtáirgí orgánacha;

**Ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i gcur chun feidhme agus i meastóireacht an phlean gníomhaíochta**

18. á thabhairt le fios gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is fearr a thuigeann an scéal agus ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar fhíor-riachtanais na n-earnálacha orgánacha áitiúla; mar sin, chun cuspóirí an phlean gníomhaíochta orgánaigh nua a bhaint amach, ba cheart dlúthbhaint a bheith acu le cur chun feidhme agus le meastóireacht ghníomhaíochtaí an phlean araon;

19. á thabhairt le fios go bhfuil ról lárnach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ó thaobh cabhrú chun an earnáil orgánach a struchtúrú i dtaca leis an táirgeadh, an lóistíocht agus an trádáil, ó thaobh cruthú an chomhair struchtúrtha idir táirgeoirí agus tomhaltóirí a éascú, ó thaobh feasacht a mhúscailt ar an leibhéal áitiúil, ó thaobh tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi dhea-thionchar na feirmeoireachta orgánaí, agus ó thaobh cláir oideachais a fhorbairt do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna;

20. á thabhairt le fios go bhfuil baint le fada an lá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha leis an tacaíocht a thugtar chun an fheirmeoireacht orgánach a fhorbairt, go háirithe trí chláir forbartha tuaithe réigiúnacha a bhainistiú agus a chur chun feidhme;

21. á chur in iúl gur oth leis nach raibh ach rannpháirtíocht theoranta ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach a bhí ann roimhe seo, ar plean é nár baineadh amach a chuspóirí mar a léiríodh san athbhreithniú meántéarma a rinne CnaR;

22. á thathant ar an gCoimisiún Eorpach ardán a bhunú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta, lena dtabharfaí le chéile na geallsealbhóirí uile, go háirithe ionadaithe na n-údarás áitiúil agus réigiúnach;

23. á chur i bhfios go láidir, agus rannpháirt á tabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go bhfuil gá le cur chuige atá íogair ó thaobh na gcúinsí áitiúla de, i gcomhréir le horduithe Chlár Oibre Críochach 2030, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais dhifriúla a bhíonn ag na limistéir thuaithe, pheirea-uirbeacha agus uirbeacha ar fud na hEorpa;

24. á mholadh do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha comhordú agus dea-rialachas a áirithiú ar gach leibhéal riaracháin. Tá sé ríthábhachtach tacú le gníomhaíochtaí cothrománacha ar an leibhéal áitiúil, agus rannpháirt ann a thabhairt do na geallsealbhóirí áitiúla uile a bhfuil baint acu leis an earnáil orgánach;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún béim níos mó a chur ar chaomhnú na n-acmhainní uisce agus tá malartú taithí á iarraidh aige chun na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh chun na dea-chleachtais sin a chur chun feidhme;

**Tomhaltas a chur chun cinn**

26. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an t-aitheantas a thugtar do *na bithcheantair* mar uirlisí a mbíonn toradh fiúntach orthu maidir le forbairt tuaithe agus molann sé go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún tacú lena bhforbairt agus lena gcur chun feidhme laistigh de na Ballstáit;

27. á mholadh don Choimisiún rannpháirt a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme an tionscnaimh sin;

28. á thabhairt le fios gur deis iontach atá sna *bithcheantair* do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun tacú le córais bhia inbhuanaithe a fhorbairt, rud a bhraitheann ar an gcomhar idir feirmeoirí, saoránaigh/tomhaltóirí, údaráis phoiblí áitiúla, comhlachais agus fiontair thráchtála, fiontair thurasóireachta agus fiontair chultúrtha a ghníomhaíonn de réir phrionsabail agus mhodhanna táirgthe agus thomhaltas an bhia orgánaigh;

29. á chur i bhfáth go bhfuil an-tairbhe le baint as cur chuige comhtháite ilfheidhmeach *na mbithcheantar* ó thaobh na hinbhuanaitheachta comhshaoil, eacnamaíche agus sóisialta de;

30. á iarraidh, dá bhrí sin, ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha páirt a ghlacadh i gcruthú *Bithcheantar*, rud a thacaíonn le tionscnaimh ón mbun aníos a fhorbairt lenar féidir cabhrú le ceantair thuaithe a fhorbairt agus le tomhaltas táirgí orgánacha áitiúla a mhéadú;

31. á mholadh don Choimisiún Eorpach creat comhchoiteann agus treoirlínte a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun cur chun feidhme comhchuibhithe *na mbithcheantar* a ráthú ar leibhéal na mBallstát, agus cúram á dhéanamh chun a gcineál comhtháite ilfheidhmeach a chaomhnú chomh maith lena ngnéithe sonracha, chun a áirithiú go nglacfar leo;

32. á mholadh don Choimisiún Eorpach líonra *Bithcheantar* a chur ar bun ar leibhéal an Aontais, chun tacaíocht agus comhsheirbhísí a chur ar fáil do *na Bithcheantair* go léir;

33. á mholadh do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha borradh a chur faoi thomhaltas áitiúil táirgí orgánacha le tacaíocht airgeadais Eorpach agus náisiúnta agus dá gcuid féin le haghaidh margaí áitiúla agus le haghaidh díolacháin dhíreacha, chomh maith le feachtais faisnéise agus chumarsáide maidir leis na margaí atá ann cheana agus maidir leis na hoibreoirí atá cláraithe le haghaidh díolacháin dhíreacha;

34. á chur i bhfios na buntáistí cothaitheacha agus comhshaoil a bhaineann le bia orgánach a thomhailt agus á iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar an gceist maidir le hinrochtaineacht na dtáirgí orgánacha, ó thaobh inacmhainneacht agus infhaighteacht na dtáirgí orgánacha ag na pointí díolacháin ar furasta do thomhaltóirí teacht orthu, ionas go mbeidh na tomhaltóirí uile in ann bia orgánach a cheannach;

35. á chur in iul gur díol sásaimh dó an méadú atá tagtha ar bhuiséad cur chun cinn an Aontais le haghaidh táirgí orgánacha agus tá sé á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint leis sin sna blianta atá le teacht;

36. maidir leis an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar bheartas cur chun cinn an Aontais, tá sé á mholadh don Choimisiún tús áite a thabhairt do tháirgí orgánacha a tháirgtear san Aontas, idir amhábhar talmhaíochta agus táirgí próiseáilte;

37. á mholadh lógó orgánach an Aontais a athrú rud beag ach na focail “Orgánach AE” a chur leis agus, b’fhéidir, an réigiún táirgeachta a chur in iúl faoin duilleog ghlas chun feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú;

38. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an moladh roghanna difriúla a mheas maidir le lipéadú leasa ainmhithe faoi chuimsiú na straitéise “ón bhFeirm go dtí an Forc”, agus tá sé á iarraidh go ndéanfaí dul chun cinn ar an gceist óir d’fhéadfadh sé go spreagfaí tomhaltóirí chun táirgí orgánacha a cheannach ach lipéadú soiléir éigeantach a bheith ann maidir leis an modh feirmeoireachta;

39. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún ceaintíní orgánacha a chur chun cinn agus anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar maidir le soláthar poiblí glas agus cur leis an úsáid a bhaintear as na critéir sin, agus gur díol sásaimh dó freisin an cuspóir atá ann íoschritéir éigeantacha a leagan síos maidir le soláthar bia inbhuanaithe chun aistí bia folláine inbhuanaithe a chur chun cinn. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá le creat rialála an tsoláthair phoiblí a athbhreithniú chun a thuilleadh raon feidhme a thabhairt do na húdaráis chun úsáid an bhia arna tháirgeadh go háitiúil a éileamh agus a mhéadú; ba cheart aird agus tacaíocht ar leith a dhíriú ar shleabhraí soláthair gearra a fhorbairt sna réigiúin is forimeallaí;

40. á mholadh do scoileanna agus institiúidí oideachais táirgí orgánacha a thairiscint do na scoláirí, rud a chuirfeadh leis na nósanna itheacháin sláintiúla ó na luathbhlianta agus, dá thoradh sin, a d'éascódh múscailt na feasachta maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an mbia áitiúil traidisiúnta folláin;

41. ag leagan béim ar an ról atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ó thaobh glacadh níos mó le táirgí orgánacha áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh i soláthar bia poiblí, ó thaobh cur le faisnéis agus oideachas comhchoiteann, agus ó thaobh feasacht tomhaltóirí a mhúscailt agus muinín tomhaltóirí as an táirgeadh orgánach a mhéadú. Le soláthar poiblí, is féidir le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt lena gcuid táirgeoirí orgánacha áitiúla agus gnáthfheirmeoirí a spreagadh le tiontú chun táirgeadh orgánach;

42. á thabhairt le fios freisin go bhfuil roinnt bacainí le sárú ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a gcuireann rompu táirgí orgánacha áitiúla agus réigiúnacha a sholáthar do cheaintíní poiblí: bacainní lóistíochta, eadhon easpa áitribh oiriúnacha; bacainní struchtúracha, amhail an gá atá leis an margadh a struchtúrú agus an slabhra soláthair a neartú chun an soláthar áitiúil agus an t-éileamh áitiúil a thabhairt le chéile; agus a laghad acmhainní daonna agus teicniúla atá ann;

43. á thabhairt dá aire go bhfuil gá le dúthracht láidir pholaitiúil ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chun glacadh ceart an bhia orgánaigh a spreagadh i gceaintíní poiblí agus príobháideacha, sa lónadóireacht agus i mbialanna;

44. á mholadh go bhféadfaí critéir chomhchoiteanna a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun rialacha iniúchta comhfhreagracha a bhunú le haghaidh ceaintíní poiblí;

45. á thabhairt dá aire go spreagtar forbairt an táirgthe réigiúnaigh leis an méadú ar éileamh agus, dá bhrí sin, tá lipéadú i gceaintíní agus i mbialanna á éileamh aige, san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, rud a léireodh íoschéatadáin an bhia fholláin orgánaigh arna tháirgeadh go háitiúil a úsáidtear i bpróisis an táirgthe;

46. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a ndlí soláthair phoiblí agus a ndlí buiséadach a sheiceáil chun a áirithiú go ndeimhnítear na táirgí orgánacha a úsáidtear i gceaintíní poiblí;

47. á aithint nach bhfuil eolas ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha go fóill maidir leis na féidearthachtaí a ghabhann le soláthar poiblí glas (SPG) agus tá sé á mholadh dóibh bac chritéar an phraghais a shárú agus critéir inbhuanaitheachta a úsáid;

48. á mholadh go bhforbrófaí ardán comhchoiteann de chuid an Aontais do tháirgeoirí orgánacha de chuid Bhallstáit an Aontais lena n-éascófaí comhroinnt an dea-chleachtais, tuiscint a fháil ar rialacháin an Aontais, oiliúint, imeachtaí agus deiseanna comhpháirtíochta tionscadail, gan ach beagán a lua;

49. teann ar a thábhachtaí atá sé, chuige sin, clár leordhóthanach oiliúna agus fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil do na húdaráis cheannaigh (náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla) agus do tháirgeoirí agus do phróiseálaithe orgánacha araon, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní struchtúracha agus lóistíochta agus chun úsáid chritéir SPG a chur chun cinn;

**Taobh an táirgthe a spreagadh**

50. á thabhairt dá aire gurbh ionann limistéar talún orgánaí an Aontais in 2019 agus thart ar 9 %, agus nach raibh íocaíochtaí tacaíochta ([1]) orgánacha á bhfáil ach ag 64 % den limistéar orgánach deimhnithe sin;

51. á chur i bhfios go bhfuil an fheirmeoireacht orgánach tearcmhaoinithe in CBT reatha; cé go bhfuil feirmeoireacht orgánach ar bun ar 8 % de thalamh talamhaíochta iomlán an Aontais, níl sna fóirdheontais le haghaidh feirmeoireacht orgánach ach 1,5 % de bhuiséad talmhaíochta iomlán an Aontais. Ba cheart aird agus tacaíocht ar leith a dhíriú ar fhorbairt na limistéar beag tuaithe agus na réigiún beagfhorbartha, mar arb ionann na gníomhaíochtaí talmhaíochta agus príomhearnáil an gheilleagair;

52. á chur i bhfáth, má táthar chun limistéar talún orgánaí an Aontais a mhéadú faoi thrí faoi 2030, go mbeidh gá le méadú idir trí agus cúig huaire ar chaiteachas CBT ar an bhfeirmeoireacht orgánach, rud a fhagánn gur cheart suas le 15 % de chaiteachas CBT a bheith dírithe ar an earnáil orgánach ([2]);

([1]) IFOAM Organics Europe.
([2]) Ibid.

53. á chur in iúl, mar sin féin, gur oth leis nach bhfuil uaillmhian ó thaobh tacaíocht airgeadais le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí sa chomhaontú a socraíodh le haghaidh an chéad chomhbheartais talmhaíochta eile;

54. á chur in iúl gur cúis imní dó, i bhfianaise na spriocanna uile-Aontais atá le baint amach maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, gur teip atá sna dréachtleaganacha de chuid de Phleananna Straitéiseacha Náisiúnta CBT ó thaobh fóirdheontais leordhóthanacha a chur ar fáil d’fheirmeoirí orgánacha i gcomparáid leis an gclárthréimhse a bhí ann roimhe seo;

55. á mholadh do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tús áite agus tacaíocht airgeadais leordhóthanach a thabhairt ina bpleananna straitéiseacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na hearnála orgánaí réigiúnaí agus áitiúla;

56. á mholadh don Choimisiún measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na pleananna straitéiseacha náisiúnta arna dtíolacadh ag na Ballstáit lena chinntiú go mbeidh siad ag rannchuidiú leis an sprioc 25 % den talamh talmhaíochta a bheith dírithe ar an bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030 a bhaint amach;

57. i bhfabhar measúnú a dhéanamh, faoi chuimsiú CBT nua, ar chúinsí agus riachtanais shonracha na mBallstát, agus go háirithe ar dhálaí deacra an táirgthe sna réigiúin is forimeallaí, a bhaineann le fás na hearnála orgánaí agus a áirithiú go mbainfidh na Ballstáit an leas is fearr is féidir as na deiseanna a chuirtear ar fáil le CBT nua chun tacú leis an earnáil orgánach náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún díriú, thar aon rud eile, ar thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit/réigiúin sin atá tite ar gcúl, agus a thuilleadh treorach a thabhairt, ag an am céanna, dóibh siúd a rannchuidigh cheana féin ó thaobh sprioc an 25 % a bhaint amach. Ba cheart do gach Ballstát rannchuidiú leis an gcomhsprioc a bhaint amach faoi 2030;

58. á mholadh do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an fheirmeoireacht orgánach a fhréamhú níos daingne san oideachas agus i ranna talmhaíochta na n-ollscoileanna agus ábhair foghlama agus oiliúint san fheirmeoireacht orgánach a fhorbairt, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais an táirgthe phríomhúil chomh maith leis an bpróiseáil agus an claochlú;

59. á mholadh do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha dlús a chur le ráta an tiontaithe chun táirgeadh orgánach le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil chun feirmeacha orgánacha a chur ar bun, chun feirmeacha a thiontú ina bhfeirmeacha orgánacha nó chun feirmeacha a aistriú chun na gcríoch sin;

60. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an tionscal talmhaíochta orgánaí a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun fás an táirgthe phríomhúil a chomhdhlúthú. Féadann cur chun cinn slabhraí gearra soláthair bia dul chun tairbhe d’fheirmeoirí orgánacha agus do thomhaltóirí araon. Dá thoradh, is féidir costais iompair a laghdú, cur leis an inbhuaine agus geilleagar na tuaithe a fhorbairt ag an am céanna, agus breisluach á chur i gceantar an táirgthe;

61. á mholadh, dá bhrí sin, do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha bearta sonracha a chur san áireamh d’oibreoirí a bhfuil baint acu le bia orgánach a phróiseáil agus a mhargú, chun forbairt chomhchuí an táirgthe a éascú agus chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú le haghaidh slabhraí gearra soláthair i ngach réigiún. Dá réir sin, molann sé an méid seo a leanas:

— spreagadh a thabhairt do thionscail talmhaíochta bheaga a bhfuil baint acu leis an bhfeirm;

— saoráidí próiseála soghluaiste a mhéadú d’fheirmeacha beaga (seamlais, monarchana próiseála, muilte, etc.) agus úsáid chomhroinnte saoráidí próiseála a spreagadh ar an leibhéal áitiúil, chun réiteach a fháil ar bhacainní dlí a eascraíonn as caighdeáin sláinte agus sábháilteachta agus caighdeáin sláinte ainmhithe;

— rannpháirtíocht na gcomharchumann talmhaíochta a spreagadh i margaíocht agus i gclaochlú táirgí orgánacha, rannpháirtíocht i soláthar poiblí bia san áireamh;

62. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá eagrú an gheilleagair, uirlisí éifeachtúla rialála margaidh agus eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú chun sprioc an 25 % a bhaint amach. Ba cheart, mar shampla, íosphraghas a bheadh ní b’airde ná meánphraghas an táirgthe a thabhairt do tháirgeoirí na feirmeoireachta orgánaí, chun ioncam íosta cobhsaí a chur ar fáil dóibh. I gcás míchothromaíocht ar an margadh mar nach leor fás an éilimh chun fás an tsoláthair a láimhseáil, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún an sásra idirghabhála poiblí speisialta le haghaidh táirgí orgánacha a ghníomhachtú;

63. á thabhairt dá aire go bhféadfadh sé go lagófaí an earnáil dá dtiocfadh méadú ar an iomaíocht éagórach ó tháirgí orgánacha nach táirgí de chuid an Aontais iad agus tá sé á mholadh don Choimisiún Eorpach trádáil chóir chothrom thrédhearcach a ráthú, rud a éilíonn cómhalartacht ó thaobh oibleagáidí agus rialacha maidir le táirgeadh orgánach na dtáirgí a allmhairítear isteach san Aontas chun ionramháil chomhionann agus cosaint éifeachtach thomhaltóirí na hEorpa a áirithiú. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart feidhm a bheith ag an méid thuasluaite maidir leis an dobharshaothrú chun cosaint chomhshaoil agus bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí a leathnú go tíortha nach cuid den Aontas iad;

64. á mholadh don Choimisiún Eorpach tacú le hardán comhchoiteann de chuid an Aontais a sheoladh lena n-éascófaí allmhairiú agus onnmhairiú do na feirmeoirí orgánacha áitiúla, ach seirbhísí a fhorbairt le haghaidh díolacháin dhigiteacha/ríomhdhíola san Aontas agus tacaíocht a thabhairt ó thaobh lóistíochta agus comhpháirtíochtaí rathúla sa réimse sin;

65. á mholadh do na Ballstáit córas *bonus-malus* a thabhairt isteach mar chuid d'éiciscéimeanna CBT nua, mar a leagtar amach sa tuairim uaidh roimhe seo maidir leis an agrai-éiceolaíocht;

66. á thabhairt dá aire go mbeidh feidhm ag Rialachán Orgánach nua an Aontais ón 1 Eanáir 2022 agus go dtabharfar isteach leis sin athruithe móra ar earnálacha áirithe den táirgeadh orgánach. Chun cur chun feidhme rathúil a áirithiú, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bheith ann idir comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais agus oiriúnú ar an leibhéal réigiúnach, gan maolú ar na prionsabail orgánacha;

67. á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bharr sin, faireachán a dhéanamh ar thionchar an rialacháin nua, chun freagairt go héifeachtach d'aon deacrachtaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm na rialacha nua;

68. á aithint gur ann do spéis mhór agus d'acmhainneacht chun tiontú chun táirgeadh orgánach in earnáil an bheostoic;

69. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún an dobharshaothrú orgánach a threisiú. Tá géariomaíocht roimh an earnáil ó thíortha lasmuigh den Aontas, ós rud é go n-allmhaítear isteach san an Aontas beagnach 80 % de na héisc a thomhlaítear sa mhargadh inmheánach ([3]);

70. á mholadh don Choimisiún, dá bhrí sin, tacaíocht leordhóthanach a áirithiú agus maoiniú a mhéadú le haghaidh taighde agus nualaíochta in earnálacha an dobharshaothraithe orgánaigh agus an bheostoic orgánaigh san Aontas, chun déileáil lena laghad ionchuir chuí atá ann, mar atá síolta orgánacha deimhnithe, próitéin orgánach agus beatha Vitimín B, agus an spleáchas ar allmhairí a laghdú;

71. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an moladh ón gCoimisiún maoiniú ar thaighde agus ar nualaíocht a mhéadú i gcás an mhéid atá dírithe ar an bhfeirmeoireacht orgánach faoi chuimsiú chlár Fís Eorpach agus tá béim a leagann aige go háirithe ar a thábhachtaí atá sé glaonna agus buiséid ar leith a thiomnú don táirgeadh orgánach.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

---

([3]) Dearcadh Copa-Cogeca ar *Plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt*.

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Geilleagar gorm inbhuanaithe agus an dobharshaothrú**

(2022/C 97/08)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Bronius MARKAUSKAS (LT/EA), Méara Bhardas Dúiche Klaipėda |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

***Barúlacha ginearálta***

**Geilleagar gorm inbhuanaithe**

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach *New approach for a sustainable blue economy in the EU – Transforming the EU's Blue Economy for a Sustainable Future* [Cur chuige nua maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach – Geilleagar Gorm an Aontais a chlaochlú ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe] ina gcuirtear i láthair fís fhoriomlán an Choimisiúin agus ina leagtar amach straitéis le haghaidh geilleagar gorm inbhuanaithe d'earnálacha muirí agus de thionscail mhuirí; á chur in iúl gur díol sásaimh dó, i ndáil leis sin, an t-athrú ó choincheap an fháis ghoirm go dtí coincheap an gheilleagair ghoirm;

2. ar aon fhocal leis an gCoimisiún faoi nach féidir cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus an t-aistriú go geilleagar níos inbhuanaithe agus níos glaise a bhaint amach gan an geilleagar gorm. D'fhonn cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach i ngach earnáil, teastóidh athruithe radacacha chun tionchar ghníomhaíocht an duine ar na farraigí agus ar na haigéin a laghdú agus chun acmhainní agus bithéagsúlacht a chosaint. Is gá freisin na hathruithe sin a bheith i gcomhréir le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta na ngníomhaíochtaí muirí;

3. den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart nasc níos dlúithe a bheith idir na beartais ghlasa agus na beartais ghorma. Tá na haigéin ar cheann de phríomhfhoinsí na bithéagsúlachta ar domhan. Is ionann iad agus níos mó ná 90 % de spás ináitrithe an phláinéid agus ionsúnn siad thart ar 26 % den dé-ocsaíd charbóin antrapaigineach chomh maith le os cionn 90 % den teas breise a astaítear isteach san atmaisféar gach bliain. Tá sé léirithe in a lán staidéar go bhfuil ról lárnach ag an mbithéagsúlacht mhuirí i sláinte an phláinéid agus sa dea-bhail shóisialta;

4. á chur i bhfáth gur réamhriachtanas iad aigéin bheo fhuinniúla do gheilleagar gorm rathúil, agus nach mór don gheilleagar gorm sin feidhmiú laistigh de theorainneacha éiceolaíocha, de réir choincheap theorainneacha an phláinéid. Dá bhrí sin, ba cheart bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí a bheith ina phríomhthosaíocht, bunaithe ar eolas, ar ardú feasachta agus ar chomhar trasteorann, d'fhonn cuspóirí chlár oibre straitéiseach an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Tá sé tábhachtach freisin sonraí atá cothrom le dáta a mhalartú agus comhchuspóirí a shaothrú i ndáil leis sin;

5. á thabhairt dá aire go bhfuil tionchar suntasach sóisialta agus eacnamaíoch ag an ngeilleagar gorm, ní hamháin ar na réigiúin chósta agus mhuirí, ach ar an Aontas Eorpach ina iomláine freisin, agus gur féidir leis téarnamh glas agus cuimsitheach ó phaindéim COVID-19 a áirithiú, go háirithe sna hearnálacha is mó atá thíos leis an bpaindéim, amhail an turasóireacht agus an t-iascach. I roinnt mhaith tíortha, bíonn tionchar an-dearfach ag an ngeilleagar gorm ar an olltáirgeacht intíre;

6. á thabhairt dá aire gur féidir le fuinneamh na n-aigéan ról tábhachtach a imirt chun iontaofacht agus slándáil ár soláthair fuinnimh a fheabhsú. A fhad agus nach gcuirtear isteach ar na gníomhaíochtaí atá ann cheana agus go dtugtar urraim chuí do na gnáthóga muirí, d'fhágfadh úsáid fhuinneamh na n-aigéan go laghdófaí spleáchas tíortha ar bhreoslaí iontaise, go gcuirfí le maolú an athraithe aeráide agus go gcuirfí cruthú post nua ardcáilíochta chun cinn, go háirithe i réigiúin chósta na hEorpa ina mbíonn an dífhostaíocht ard go minic;

7. ag leagan béim ar an méid a chuireann na tionscail mhuirí leis an aistriú fuinnimh agus leis an athrú aeráide a chomhrac, go háirithe tríd an earnáil fuinnimh in-athnuaite, trí dhícharbónú an iompair mhuirí agus tríd an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear plaisteach ó na haigéin a athchúrsáil;

8. á mheabhrú, go háirithe, go bhfuil méadú beagnach 32 % tagtha ar astaíochtaí muiriompair le 20 bliain anuas. D'fhéadfadh forbairt tionscail longthógála inbhuanaithe cuidiú go mór le cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach; ag tacú, i ndáil leis sin, le cuspóirí an Choimisiúin Eorpaigh astaíochtaí $SO_2$ agus $NO_x$ ón loingseoireacht idirnáisiúnta a laghdú suas le 80 % agus 20 % faoi seach laistigh de 10 mbliana. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach aird a thabhairt ar riachtanais na réigiún is forimeallaí, ós rud é go bhfuil gá ag na réigiúin sin le bearta atá in oiriúint don leagan amach struchtúrach sonrach atá orthu, mar gheall ar an áit iargúlta ina bhfuil siad agus cé chomh spleách agus atá siad ar an aeriompar agus ar an muiriompar, chun a nascacht agus a soláthairtí a áirithiú;

9. á chur i bhfáth nach mór an Eoraip a chosaint ar iomaíocht éagórach, lena mbaintear an bonn den tionsclaíocht, d'fhonn poist fhadtéarmacha ar ardchaighdeán a chosaint agus a chruthú, go háirithe in earnáil na longthógála;

10. ag moladh cur chuige trasearnála i leith na dtionscal muirí ina gcomhtháthaítear na gníomhaíochtaí muirí uile – idir ghníomhaíochtaí traidisiúnta, ghníomhaíochtaí nua, ghníomhaíochtaí sibhialtacha agus ghníomhaíochtaí míleata – agus lena gcuirtear san áireamh na dúshláin chothrománacha ríthábhachtacha a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus Tionsclaíocht 4.0;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an rún atá ag an gCoimisiún Eorpach fóram gorm a chur ar bun chun eolas agus taithí a chomhthiomsú, sineirgí a chruthú, teacht ar réitigh chruthaitheacha agus forbairt na hearnála a chur chun cinn, chomh maith leis an rún atá aige tograí a chur le chéile chun úsáid cistí sa réimse sin a chomhordú;

12. á thabhairt dá aire nach bhfuil cur chuige dearfach ag rialtais náisiúnta i leith fhorbairt an gheilleagair mhuirí. I bhformhór na stát a bhfuil cósta acu, is ar pháipéar amháin a thugtar tacaíocht don gheilleagar muirí, ní thugtar dóthain airde air sna pleananna agus straitéisí náisiúnta um speisialtóireacht chliste, ní leor an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil, agus bíonn na rialacha agus na critéir a bhaineann le deonú na tacaíochta sin róchasta;

**An dobharshaothrú**

13. á thabhairt dá aire gur le deireanas a tugadh aitheantas don dobharshaothrú mar réimse tábhachtach den gheilleagar gorm. Is earnáil í a bhfuil acmhainneacht mhór ag baint léi, don gheilleagar agus do chosaint an chomhshaoil araon. Tá sé d'acmhainn ag an earnáil sin freisin poist a chruthú, deiseanna nua forbartha eacnamaíche a thairiscint do dhaoine i limistéir chósta agus thuaithe, agus cabhraíonn roinnt cleachtas dobharshaothraithe amhail feirmeacha diúilicíní le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus éiceachórais a chosaint trí úsáid a bhaint as cleachtais nach mbíonn ach tionchar íseal acu;

14. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an Teachtaireacht ón gCoimisiún *Strategic Guidelines for the sustainable development of EU aquaculture* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le forbairt inbhuanaithe dhobharshaothrú an Aontais]; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannchuidiú an dobharshaothraithe chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le bia ar ardcháilíocht a chur ar fáil agus soláthar táirgí mara agus fionnuisce a áirithiú do mhargadh fáis fad is nach mbíonn tionchar diúltach aige ar stoic éisc fhiáine agus lena gcuirtear chun cinn cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise "ón bhfeirm go dtí an forc" agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt;

15. á chur in iúl gur díol sásaimh dó tíolacadh na straitéise maidir le leas ainmhithe, go háirithe an sainmhíniú ar tháscairí infhíoraithe, an soláthar oiliúna do tháirgeoirí, an taighde ar pharaiméadair leasa ainmhithe atá sonrach ó thaobh speiceas de agus an t-éagsúlú chun imeacht ón monashaothrú; á chur i bhfáth gur faoi na Ballstáit atá sé anois a bpleananna náisiúnta a nuashonrú i gcomhréir leis na treoirlínte nua;

16. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá na cuspóirí sonracha maidir leis an dobharshaothrú atá leagtha amach sa Straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc", go háirithe maidir le díol frithmhiocróbán a laghdú agus an dobharshaothrú orgánach a mhéadú go mór; á chur in iúl gur díol sásaimh dó an rún atá ag an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun díolachán iomlán na bhfrithmhiocróbán a laghdú 50 % i gcás ainmhithe feirme agus an dobharshaothraithe faoi 2030;

17. á thabhairt dá aire go bhfuil treoirlínte agus moltaí maidir le forbairt na hearnála le fáil i straitéisí agus i ndoiciméid dlí eile an Aontais Eorpaigh; á chur in iúl, áfach, i gcás údaráis áitiúla agus réigiúnacha nach bhfuil inniúlachtaí eisiacha acu san earnáil, nach mbíonn anailís níos mionsonraithe acu ar an gcaoi a ndéanfar an dobharshaothrú a fhorbairt, bunaithe ar eolas praiticiúil, sonraí níos beaichte agus bearta sonracha;

18. á chur i bhfáth gurb í an fhorbairt inbhuanaithe an réamhriachtanas is tábhachtaí maidir leis an dobharshaothrú a fhorbairt; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh sainmhíniú soiléir ann ar an téarma "dobharshaothrú inbhuanaithe", agus aird á tabhairt ar chritéir chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha. Chuirfeadh cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir le fás inbhuanaithe an dobharshaothraithe san Aontas le téarnamh na hearnála tar éis ghéarchéim COVID-19 agus d'áiritheofaí inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach;

19. á thabhairt le fios an athuair gur cheart an dobharshaothrú a aithint mar réimse sonrach beartais, ag a mbeadh an maoiniú is gá le go bhféadfadh sé a bheith ina chomhlánú ar an iascach traidisiúnta; á thabhairt dá aire gur cuireadh maoiniú ar fáil tríd an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe le roinnt mhaith blianta chun gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe a chur chun cinn agus táirgí dobharshaothraithe a phróiseáil agus a mhargú; den tuairim, freisin, gur cheart an dobharshaothrú orgánach a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do mhargaí áitiúla le haghaidh táirgí dobharshaothraithe Eorpacha agus tríd an ualach riaracháin a chuireann bac ar fhorbairt éifeachtúil na hearnála a laghdú. Ba cheart treoirlínte ginearálta a bhunú freisin le haghaidh rochtain chuíchóirithe ar spás, go háirithe ar spás cósta, ionas gur féidir é a fhorbairt. Ba cheart na treoirlínte sin a bheith i gcomhréir le beartais eile amhail beartais a bhaineann leis an gcomhshaol;

20. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an méadú ar an táirgeadh dobharshaothraithe orgánaigh a chur san áireamh ina bpleananna straitéiseacha náisiúnta don dobharshaothrú agus roinnt d'acmhainní an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe a chur in áirithe chun na críche sin;

21. á thabhairt le fios an athuair gur gá dlús a chur leis an aistriú go feirmeoireacht éisc inbhuanaithe, i gcomhthráth le hathruithe sa talmhaíocht, toisc gur gnéithe tábhachtacha de chórais bia inbhuanaithe iad an t-iascach agus an dobharshaothrú; ag tacú, freisin, leis an gcuspóir an iascaireacht éiceabhách a chur chun cinn, stoic éisc a athbhunú agus na héiceachórais mhuirí a chosaint trí bhorradh a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus go sóisialta, atá iomaíoch agus ar phraghas réasúnta;

22. á iarraidh go dtabharfaí isteach cuspóirí a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí ar leibhéal an Aontais d'fhonn an bhithéagsúlacht mhuirí a athbhunú agus a chaomhnú agus éiceachórais a ndearnadh damáiste dóibh a chur ina gceart. Is féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cabhrú chun limistéir mhuirí nua faoi chosaint a shainaithint agus a ainmniú, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil;

**Tacaíocht airgeadais agus infheistíocht**

23. á thabhairt le fios go bhfuil an infheistíocht inbhuanaithe ríthábhachtach chun an geilleagar gorm a fhorbairt go rathúil. Tá sé tábhachtach timpeallacht fhabhrach a chruthú ina n-éascófar agus ina spreagfar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i bhforbairt an gheilleagair ghoirm. Is gá an nuálaíocht – an nuálaíocht dhigiteach agus eile – agus forbairt táirgí nua a mhaoiniú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha agus i réitigh chliste, agus tacú le teicneolaíochtaí nua, amhail fuinneamh in-athnuaite na n-aigéan, na tionscail mhuirí, nó bithfhiontair an gheilleagair ghoirm, ionas gur féidir leo forbairt laistigh de theorainneacha an phláinéid;

24. á áitiú ar an gCoimisiún Eorpach, maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe san earnáil mhuirí agus go háirithe sna tionscail mhuirí, úsáid níos mó a bhaint as na réigiúin, as a straitéisí um speisialtóireacht chliste agus as a n-éiceachórais eacnamaíocha chun líonraí comhair uile-Eorpacha a chruthú a bheidh in ann dul in iomaíocht le gníomhaithe idirnáisiúnta. Ba cheart do na líonraí sin, faoin lipéad *European Sea Tech*, a bheith in ann freagairt do ghlaonna ar thograí ón gCoimisiún Eorpach chun na chéad chéimeanna dá dtionscadail ardriosca a fhorbairt agus a mhaoiniú;

25. ag tagairt don iarraidh a rinneadh cheana sa tuairim uaidh maidir leis an bhfás gorm gur cheart do 10 % de na tionscadail faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht cabhrú go mór le cuspóirí sa taighde mara agus muirí;

26. á chur in iúl gurb é an túsphrionsabal atá ag an gCoimisiún sa Teachtaireacht i ndáil le cur chuige nua maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach go bhfuil gealltanas tugtha sa Chomhaontú Glas don Eoraip aird faoi leith a thabhairt ar ról na réigiún is forimeallaí san Aontas; á iarraidh ar an gCoimisiún an gealltanas sin a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta sonrach a tharraingt suas ina mbeidh an maoiniú atá beartaithe;

27. á chur in iúl gurb oth leis nár cuireadh an acmhainn atá sa gheilleagar gorm, lena n-áirítear an méid mór a d'fhéadfadh sé cur le baint amach chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, san áireamh go leordhóthanach san athbhreithniú ar na pleananna téarnaimh arna maoiniú faoi NextGenerationEU, amhail cistiú díreach Eorpach do thionscadail struchtúracha agus do thionscadail a bhfuil riosca ag baint leo, agus ardáin réigiúnacha infheistíochta a bhunú;

28. den tuairim nach mór coincheap na hinfheistíochta inbhuanaithe a thuiscint amhail is go n-éilíonn sé comhiarrachtaí, ó lucht tionscail agus ó rialtais náisiúnta araon, maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus an taighde eolaíoch, d'fhonn infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail lena ndéantar buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a chónascadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcomhar idir lucht léinn agus lucht tionscail sa réimse seo;

29. á chur in iúl gur díol sásaimh dó na pleananna atá ag an gCoimisiún dlús a chur leis an gcomhar le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha d'fhonn infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn; ag tarraingt aird ar a thábhachtaí atá ardán BlueInvest agus na hacmhainní atá curtha in áirithe do chistí AE agus do chláir shonracha bhuiséad an Aontais maidir leis an earnáil a fhorbairt; á mholadh, dá bhrí sin, go ndéanfaí measúnú féachaint an féidir ciste aonair nó uirlis aonair le haghaidh rochtain chomhordaithe ar chistí a chruthú;

30. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur iarr an Coimisiún ar na Ballstáit infheistíocht i ngeilleagar gorm inbhuanaithe a áireamh ina bpleananna athléimneachta agus téarnaimh náisiúnta agus i gcláir oibríochtúla náisiúnta chistí éagsúla an Aontais;

31. den tuairim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach úsáid uirlisí nuálacha airgeadais a chur chun cinn agus an dobharshaothrú inbhuanaithe á fhorbairt, tacú le hinfheistíocht in ardteicneolaíochtaí, dálaí fabhracha a chruthú do rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus cistí a leithdháileadh don taighde agus don fhorbairt theicneolaíoch d'fhonn éagsúlú agus nuálaíocht sa dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn;

32. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na rialacha maidir le maoiniú AE a dhámhachtain agus tá CnaR den tuairim gurb iad na príomhchritéir ba cheart a bheith ann maidir le tacaíocht a dhámhachtain an nuálaíocht, cruthú luacha agus, go háirithe, réitigh inbhuanaithe a chur chun feidhme;

33. den tuairim gur gá féachaint an bhféadfaí dobharshaothrú ísealtionchair a aicmiú mar dhobharshaothrú éiceolaíoch, lena n-áirítear i gcórais athshruthaithe, agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun é a fhorbairt tuilleadh, má chomhlíontar na critéir ábhartha maidir le tomhaltas fuinnimh agus acmhainní, leas ainmhithe agus athchúrsáil inbhuanaithe dramhaíola. Tá sé deacair faoi láthair in earnáil an dobharshaothraithe leas a bhaint as cistí an Aontais, ainneoin go bhfuil sé léirithe sa chleachtas go bhfágann na teicneolaíochtaí nuálacha a mbaintear úsáid astu gur féidir na ceanglais chomhshaoil is airde a chomhlíonadh sna próisis theicniúla ábhartha (e.g. is féidir an dramhaíl a ghintear, amhail sloda, a úsáid sa talmhaíocht, déantar dramhuisce a ghlanadh de réir na gcaighdeán is airde agus athúsáidtear é, etc.);

34. á thabhairt le fios go bhfuil saincheisteanna maoinithe thar a bheith tábhachtach do thíortha beaga ina bhfuil níos lú infheistíochta, OTI níos ísle agus deiseanna níos teoranta don nuálaíocht; á thabhairt dá aire go mbeadh sé iomchuí measúnú a dhéanamh ar riachtanais tíortha beaga agus scéimeanna speisialta tacaíochta a ghlacadh;

**Ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach**

35. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san aistriú go geilleagar glas. D'fhéadfadh rialtais réigiúnacha cur go mór le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa chinnteoireacht agus trí chistí comhtháthaithe agus cistí nuálaíochta comhshaoil a bhainistiú go héifeachtach;

36. á chur in iúl gurb oth leis nach mbíonn, i bhformhór na dtíortha, na rialtais réigiúnacha páirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas náisiúnta agus gur cur chuige láraithe a bhíonn ann den chuid is mó, is é sin le rá gurb é an leibhéal is airde a chinneann na riachtanais agus a dhéanann na cinntí gan dul i gcomhairle leis na réigiúin maidir le forbairt an gheilleagair mhuirí; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na rialtais náisiúnta caitheamh leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha mar chomhpháirtithe comhionanna ar leibhéal láir agus bearta breise á gcur chun feidhme acu sa réimse seo;

37. ag iarraidh an athuair ar an gCoimisiún Eorpach togra a chur faoi bhráid na mBallstát, togra le haghaidh rialacha maidir leis an gcaoi ar cheart d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach i mbeartais a shainaithint, a fhorbairt, a phleanáil agus a bhainistiú, agus cumhachtaí níos láidre agus níos soiléire a thabhairt dóibh. Dá mbeadh na húdaráis áitiúla níos rannpháirtí, d'áiritheofaí go ndéanfaí geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt níos fearr trí éiceachórais dhinimiciúla agus inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm a fhorbairt, trí nuálaíocht a chur chun cinn, trí réitigh chliste a chur i bhfeidhm agus trí phoist a chruthú;

38. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an rún atá ag an gCoimisiún Eorpach tacú le cathracha agus réigiúin le cósta chun an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach a bhainistiú ar an leibhéal áitiúil agus leas iomlán a bhaint as na cistí agus na dreasachtaí a chuireann an tAontas ar fáil trí phacáiste tacaíochta téarnaimh ("treoirphlean le haghaidh comhaontuithe glasa áitiúla") agus treoirlínte straitéiseacha (e.g. *Intelligent Cities Challenge*) a fhorbairt;

39. á mholadh go bhforbrófaí creat dlíthiúil agus buiséadach a d'fhéadfadh a bheith ina dhreasacht do dhréachtú agus d'fhorbairt straitéisí réigiúnacha agus áitiúla don gheilleagar gorm lena gcuirfí éagsúlacht na ngníomhaíochtaí sa réimse seo san áireamh agus an chomhoiriúnacht eatarthu mar thúsphrionsabal, go háirithe an chomhoiriúnacht do ghníomhaíochtaí atá ann cheana. Ní mór, go háirithe, tábhacht an dul chun cinn theicneolaíoch a bhaineann leis na tionscail mhuirí agus le táirgeadh fuinnimh a chur in iúl chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le táirgeadh próitéine muirí ardcháilíochta mar fhachtóir iomaíochta domhanda;

40. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an dobharshaothrú a fhorbairt san Eoraip. In earnáil an iascaigh, is minic a bhíonn na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha freagrach as an nós imeachta údaraithe agus as fiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag feidhmiú ar a gcríoch a bhainistiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, rud a chuireann leis an taithí fhairsing atá acu sna réimsí sin. Fágann an chóngaracht sin don earnáil go bhfuil taithí acu nach mór a aithint, a chomhordú agus leas fónta a bhaint aisti;

41. den tuairim gur cheart do na húdaráis áitiúla a bheith níos rannpháirtí i bhforbairt an bheartais dobharshaothraithe; á thabhairt le fios an athuair go bhfuil treoirlínte soiléire de dhíth ar réigiúin chun an dobharshaothrú Eorpach a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith le plean gníomhaíochta mionsonraithe;

42. á chur in iúl gurb oth leis an laghdú atá tagtha ar bhuiséad Interreg don chomhar críochach, toisc go bhféadfadh borradh a bheith curtha aige faoin gcomhar idir na réigiúin le cósta agus na hoileáin a bhfuil riachtanais i gcoiteann acu laistigh den imchuach farraige céanna d'fhonn straitéisí maidir leis an oiriúnú agus cur chuige coiteann maidir le bainistiú an chreasa cósta a fhorbairt, infheistíocht a dhéanamh i gcosaintí inbhuanaithe cósta agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha cósta a oiriúnú; den tuairim, áfach, cé gur laghdaíodh an buiséad, go ndearnadh na beartais níos éifeachtaí freisin trí scéimeanna píolótacha agus infheistíochtaí agus trí chomhordú a dhéanamh le cláir a ndéantar bainistíocht dhíreach orthu, lena gcuirtear ar chumas na hearnála leas a bhaint as smaointe úra;

43. á iarraidh, dá bhrí sin, i gcás inar féidir agus i gcomhréir le mianta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, go ndéanfaí cleachtas caighdeánach de na straitéisí imchuach farraige mar go gcuireann siad creataí bunúsacha tagartha ar fáil. Ní mór na straitéisí sin a chur san áireamh agus straitéisí um speisialtóireacht chliste á gceapadh agus i gclársceidealú cistí AE;

44. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint de bheith ag obair chun cuspóir na gcalafort saor ó astaíochtaí a bhaint amach, mar a leagtar amach i straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste; á mholadh, dá bhrí sin, na calafoirt a aithint go hiomlán mar ardáin don gheilleagar gorm agus mar spreagadh chun an tionscal muirí a fhorbairt;

**Pleanáil spásúil mhuirí agus tábhacht na gcalafort**

45. á thabhairt dá aire nach féidir geilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-áirítear an dobharshaothrú, an iascaireacht agus an tsliogiascaireacht, a fhorbairt ach amháin má tá na limistéir is gá ann agus má tá rochtain ag gnólachtaí ar uiscí. Is dúshlán mór fós é ó thaobh an dobharshaothrú a fhorbairt san Eoraip an rochtain ar limistéir inar féidir gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh agus an rochtain ar uiscí. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, pleanáil spásúil mhuirí chuí a áirithiú tríd an gcomhordú agus trí pháirt a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha a luaithe is féidir sa phróiseas;

46. á iarraidh an athuair go ndréachtófaí tograí atá dírithe ar an bpleanáil spásúil mhuirí a bhunú agus ar limistéir mhuirí faoi chosaint agus conairí éiceolaíocha a bhunú i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise Bithéagsúlachta, ionas gur féidir caillteanas na bithéagsúlachta a aisiompú agus cabhrú leis an athrú aeráide a mhaolú agus an athléimneacht ina leith sin a fhorbairt, agus, ag an am céanna, sochair mhóra airgeadais agus shóisialta a thabhairt, d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir saothrú stoc éisc agus acmhainn na farraige chun na stoic sin a athshlánú;

47. á iarraidh go dtabharfaí isteach cuspóirí AE a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí d'fhonn an bhithéagsúlacht mhuirí agus éiceachórais na mara a athbhunú agus a chaomhnú. Is féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cabhrú chun limistéir mhuirí bhreise faoi chosaint a shainaithint agus a ainmniú;

48. ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag na calafoirt, go háirithe i réigiúin iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí, maidir leis an ngeilleagar gorm a fhorbairt agus a chur chun cinn, an geilleagar ciorclach a bhainistiú agus réitigh ghlasa a chur chun feidhme a chuideoidh le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

49. den tuairim, mar shampla, nár cheart aon am a chailleadh le linn an aistrithe ghlais chun tacú leis an infheistíocht i gcalafoirt maidir le hathbhreoslú GNL (gás nádúrtha leachtaithe) do longa agus, ar bhonn níos leithne, do bhonneagar a chabhraíonn le lorg carbóin na long a laghdú (naisc chumhachta ar an gcé bunaithe ar theicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí);

50. á iarraidh, ar deireadh, go mbainfí leas níos mó as beartas fuinnimh an Aontais, agus as na conairí hidrigine atá á rolladh amach faoi láthair, chun tacú le forbairt ghiniúint na hidrigine glaise i gcalafoirt agus chun an fhorbairt sin a chomhtháthú sna calafoirt;

51. á mheabhrú an athuair a thábhachtaí atá an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na calafoirt (i bhfianaise éagsúlacht a ngníomhaíochtaí muirí) maidir le cur chun cinn an gheilleagair ghoirm agus forbairt straitéisí sa réimse sin;

52. den tuairim gur cheart calafoirt, mar naisc thábhachtacha i slabhraí iompair agus i dtimthriallta eacnamaíocha idir tíortha, a bheith ina lárionaid fuinnimh feasta, agus foinsí fuinnimh in-athnuaite agus córais atá íseal in $CO_2$ á n-úsáid ag an am céanna, agus, ar an gcaoi sin, cur le forbairt an gheilleagair chiorclaigh agus feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir na gcalafort. Is gá, dá bhrí sin, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar calafort mara agus limistéir nua a oscailt a bheadh oiriúnach do ghníomhaíochtaí lastais agus do ghníomhaíochtaí muirí a d'fhéadfadh a bheith nuálach (e.g. tuirbíní gaoithe amach ón gcósta, dobharshaothrú inbhuanaithe);

**An t-ualach riaracháin a laghdú agus feabhas a chur ar an iomaíochas**

53. á chur in iúl gurb oth leis go bhfuil roinnt fadhbanna inmheánacha ag cur isteach ar fhorbairt éifeachtach gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus muirí eile, amhail nósanna imeachta údaraithe atá an-fhada agus róchasta agus rochtain theoranta ar uiscí agus ar limistéir ina bhféadfaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Tá castacht na nósanna imeachta údaraithe agus an easpa trédhearcachta ina mbac ar fhorbairt iomlán an dobharshaothraithe san Eoraip agus, dá bhrí sin, ba cheart na rialacháin is infheidhme a shimpliú agus a shoiléiriú, agus an chomhsheasmhacht eatarthu a áirithiú;

54. á mholadh go ndéanfaí ionad ilfhreastail le haghaidh ceadúnais dobharshaothraithe a bhunú a luaithe is féidir d'fhonn luas a chur faoin bpróiseas údaraithe agus an chumarsáid idir na geallsealbhóirí agus na húdaráis éagsúla ar na leibhéil éagsúla a éascú; á mholadh freisin modúil oiliúna maidir le deonú ceadúnas a thabhairt isteach le haghaidh údaráis áitiúla, d'fhonn dlús a chur le cur i bhfeidhm rialacha AE;

55. á thabhairt dá aire, d'fhonn iomaíochas agus inbhuanaitheacht an dobharshaothraithe a neartú, go bhfuil sé ríthábhachtach go gcomhlíonfar caighdeáin maidir le leas ainmhithe, sláinte agus cosaint aeráide agus go gcuirfear faisnéis leordhóthanach chruinn faoi na caighdeáin sin ar fáil do thomhaltóirí ar lipéid;

56. á thabhairt le fios go bhfuil éicilipéad Eorpach molta aige i dtuairimí eile roimhe seo. Tá an moladh sin á mheabhrú aige an athuair agus tá sé á chur i bhfáth aige an athuair go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag éicilipéad agus ag córas deimhniúcháin éifeachtúil maidir le luach agus tomhaltas táirgí dobharshaothraithe an Aontais a mhéadú. D'fhágfadh lipéadú éigeantach den mhodh saothraíochta, den mhodh gabhála agus de na dálaí oibre go bhféadfadh na táirgeoirí aitheantas a fháil i leith feabhsuithe atá tagtha ar na cleachtais atá acu agus go bhféadfadh na tomhaltóirí cinneadh eolasach a dhéanamh; á chur i bhfáth gur cheart do na critéir maidir le héicilipéad den chineál sin a bheith níos déine ná na ceanglais atá ann faoi láthair de réir dlí. D'fhéadfaí an iascaireacht a dhéantar i gcomhréir leis na rialacháin um chaomhnú agus um bainistiú a chuimsiú faoin lipéad seo trína chur in iúl go bhfuarthas táirgí trí ghníomhaíochtaí dlíthiúla agus ar bhealach a chloíonn le hinbhuanaitheacht an bheathra mhuirí agus acmhainní na mara;

57. á iarraidh go gcuirfí táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe san áireamh freisin sa sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheidh ann amach anseo d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú do na táirgí éagsúla a dhíoltar ar an margadh inmheánach, gan dochar d'aon bhearta sonracha maolaithe do na réigiúin is forimeallaí, bunaithe ar Airteagal 349 CFAE; ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh chun cosc a chur ar allmhairiú táirgí a bhaineann le sáruithe ar chearta an duine agus rialacha níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh iasc a thagann isteach ar mhargadh an Aontais caighdeáin atá comhionann leis na caighdeáin atá i bhfeidhm san Aontas. Is é is aidhm don fhoráil sin tomhaltóirí na hEorpa a chosaint agus bearta lena gcosnaítear an comhshaol agus lena n-áirithítear bainistiú inbhuanaithe na bhfarraigí agus na n-aigéan a chur i bhfeidhm freisin i dtríú tíortha. Ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ní mór tosaíocht a thabhairt don tacaíocht a thugtar do tháirgeoirí áitiúla agus do shlabhraí soláthair gairide. Is é sin an t-aon bhealach amháin is féidir a áirithiú go ndéanfar an dobharshaothrú, an iascaireacht agus an tsliogiascaireacht (an iascaireacht chósta ar mhionscála go háirithe) a fhorbairt go héifeachtúil sa todhchaí;

58. á mholadh go ndéanfaí an dobharshaothrú a éagsúlú, agus béim ar leith á leagan ar an bhfeirmeoireacht algaí toisc nach gá táirgí na feirmeoireachta sin a bheith ceaptha lena gcaitheamh ag an duine nó ag ainmhithe amháin, ach ar féidir iad a úsáid freisin le haghaidh próisis áirithe táirgthe thionsclaíoch nó táirgthe fuinnimh agus ar féidir leo rannchuidiú le gníomhaíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt toisc nach bhfuil gá le haon bheatha a thabhairt agus nach ngintear aon dramhaíl; á mholadh freisin leas a bhaint as córais chomhtháite dobharshaothraithe ar féidir leo cabhrú le samhlacha an gheilleagair chiorclaigh a bhunú laistigh den tionscal;

**Comhar, forbairt scileanna, faisnéis agus rannpháirtíocht an phobail**

59. á thabhairt le fios an athuair a thábhachtaí atá sé go mbeadh gach geallsealbhóir in earnálacha an dobharshaothraithe, na hiascaireachta agus na sliogiascaireachta rannpháirteach sa straitéis d'fhonn geilleagar gorm inbhuanaithe a chruthú. Tá tábhacht ar leith leis an gcomhar idir an saol acadúil, na húdaráis phoiblí agus an lucht tionscail: a bhuí le heolas eolaíoch agus le nuálaíocht éifeachtach, spriocdhírithe agus fhadtéarmach sa gheilleagar, cuirtear le héifeachtacht na hoibre agus áirithítear an fhorbairt eacnamaíoch agus an t-iomaíochas;

60. á thabhairt le fios gur gá cumhachtaí na n-údarás a fheidhmíonn sna Ballstáit a neartú agus aghaidh a thabhairt ar an nganntanas gairmithe sna hearnálacha muirí agus dobharshaothraithe. Ní mór, dá bhrí sin, don Aontas Eorpach, do na Ballstáit agus do na réigiúin oibriú le chéile chun cur leis an eolas atá ag daoine ar ghairmeacha san earnáil mhuirí agus leis an tóir a bhíonn ar na gairmeacha sin, chun dálaí oibre agus gairme a fheabhsú, chun soghluaisteacht Eorpach a fhorbairt do dhaoine óga atá faoi oiliúint, agus chun bealaí oiliúna comhlántacha ar feadh an tsaoil a thairiscint chun na gairmeacha atá ann cheana féin a chur in oiriúint don timpeallacht mhuirí agus na gairmeacha traidisiúnta san earnáil a spreagadh chun deiseanna nua a thapú. Beidh gá, go háirithe, ó thaobh oiliúna de, oiliúint shaincheaptha a chur chun cinn do na tionscail mhuirí agus iascaireachta le go bhféadfar tacú leis an athnuachan ó ghlúin go glúin san iascaireacht, sa dobharshaothrú agus sa tsliogiascaireacht;

61. á thabhairt dá aire nach bhfuil aon bhaint ag an bpobal leis an ngeilleagar gorm a fhorbairt. Ba cheart leas a bhaint as an infheistíocht inbhuanaithe fhadtéarmach chun cur chun feidhme beart ildisciplíneach a chur chun cinn ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht mhuirí a chosaint agus deiseanna nua giniúna ioncaim a chruthú do na saoránaigh. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh an pobal rannpháirteach i gcur chun feidhme beartas agus sa chinnteoireacht trí ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta agus tionscnaimh éagsúla eile a bhunú;

62. tiomanta tionscnaimh rannpháirtíochta áitiúla (amhail grúpaí forbartha áitiúla arna mbunú ag pobail áitiúla, grúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh, etc.) lena nasctar athghiniúint acmhainní muirí agus caomhnú shlite beatha áitiúla agus thraidisiúin agus oidhreacht chultúrtha an limistéir lena mbaineann a chur chun cinn agus tacú leo. Tá sé tiomanta freisin éagsúlú agus comhlántacht an gheilleagair mhuirí a chur chun cinn agus tacú leo. Ba cheart go bhfágfadh sé sin go dtabharfaí spreagadh agus aitheantas do shampla na ngrúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh ina gcomhtháthaítear an earnáil iascaireachta muirí agus an tsochaí agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an ngeilleagar gorm a chur chun cinn ar a gcríocha;

63. den tuairim gur cheart aird níos mó a thabhairt ar fheachtais faisnéise ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach d'fhonn, ar an gcéad dul síos, feabhas a chur ar thuiscint tomhaltóirí ar tháirgí dobharshaothraithe, iascaireachta agus sliogiascaireachta, ar na tairbhí a bhaineann leo agus ar an méid a chuireann siad le slándáil an tsoláthair go ginearálta, le slándáil an tsoláthair bia agus le cruthú post, agus ar thairbhí fadtéarmacha comhshaoil an dobharshaothraithe, na hiascaireachta agus na sliogiascaireachta, agus, ar an dara dul síos, cuidiú le faisnéis a chur ar fáil maidir le heolas eolaíoch ar chomhoiriúnacht an dobharshaothraithe don timpeallacht mhuirí agus do chaomhnú na timpeallachta sin.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Straitéis nua tionsclaíochta 2020 a nuashonrú: margadh aonair níos láidre a thógáil ar mhaithe le téarnamh na hEorpa**

(2022/C 97/09)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Jeannette BALJEU (NL/Renew Europe), Comhalta de Chomhairle Cúige Zuid-Holland |
| **Doiciméad tagartha:** | COM(2021) 350 final |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TA COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Réamhrá**

1. á chur in iúl gur mór aige, i gcoitinne, an nuashonrú ar an Straitéis Tionsclaíochta a mhol an Coimisiún Eorpach; á mholadh, áfach, go ndéanfadh an Coimisiún é a nascadh níos dlúithe leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus lena chuspóir maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, trí chuspóirí nithiúla gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a leagan síos ar cheart do thionsclaíocht an Aontais a bhaint amach chun cur leis an gcuspóir foriomlán sin; á thabhairt dá aire gur gá roinnt pointí a shoiléiriú tuilleadh ó thaobh na rialtas áitiúil agus réigiúnach de agus, dá bhrí sin, nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa tuairim seo;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go ndírítear ar éiceachórais thionsclaíocha agus ar an gceannaireacht teicneolaíochta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an ghné áit-bhunaithe a threisiú: tá éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa comhdhéanta d'éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha idirnasctha ag a bhfuil straitéisí speisialtóireachta cliste dinimiciúla. Tá na straitéisí sin bunaithe ar chur chuige ó bhonn aníos agus is é is aidhm dóibh borradh a chur faoin nuálaíocht réigiúnach, cur leis an bhfás agus leis an rathúnas trí chuidiú le réigiúin agus trí chur ar chumas na réigiún díriú ar a láidreachtaí. Éascaíonn ardáin agus comhpháirtíochtaí um speisialtóireacht chliste an comhar áit-bhunaithe cheana féin idir na córais nuálaíochta réigiúnacha sin. Cuirfidh na gnéithe sin borradh faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin téarnamh san Eoraip trí chomhar straitéiseach nua agus athneartaithe i dtaca le luachshlabhraí. Cuideoidh an méid sin leis an Eoraip neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach agus, ar deireadh, beidh na réigiúin agus na cathracha in ann aistriú glas agus digiteach a gcuid tionscal a ghlacadh chucu féin i gceart;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh ar leith dó, i ndáil leis sin, an Fóram Tionsclaíochta, fóram ina rannchuidíonn Coiste na Réigiún go gníomhach;

4. ag leagan béim ar an ngá atá le straitéis tionsclaíochta chuimsitheach lena gcruthófar luach ar fud réigiúin na hEorpa agus lena gcuirfear san áireamh saintréithe na réigiún uile, amhail saintréithe na réigiún is forimeallaí; tá píblíne tionscadal nuálaíochta tionsclaíochta de dhíth ar an Aontas ar fud a chríche; Ina theannta sin, ba cheart an straitéis tionsclaíochta a oiriúnú do riachtanais reatha na mBallstát, agus í a bhunú ar riachtanais forbartha áitiúla agus réigiúnacha. Chuige sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun slándáil soláthair, athléimneacht agus neamhspleáchas níos fearr a bhaint amach trí shlabhraí soláthair a éagsúlú;

5. á aithint go bhfuil na hábhair imní ag dul i méid maidir leis an téarnamh míchothrom i réigiúin éagsúla san Eoraip. Ní mór don Aontas a chuid iarrachtaí a threisiú chun an bhearna sin a dhúnadh trí thacú le gnólachtaí, lena n-áirítear gnólachtaí ó limistéir thuaithe agus bheagfhorbartha, trí dhigiteáil a dhéanamh ar an tionsclaíocht agus í a dhéanamh níos inbhuanaithe, agus trí chreat rialála a thabhairt isteach a bheidh oiriúnach don aois dhigiteach agus inbhuanaithe, lena gcuirfear chun feidhme ní hamháin cur chuige tionsclaíoch, ach cuir chuige chríochacha atá bunaithe ar éiceachórais agus a chuireann éagsúlacht chríochach an Aontais san áireamh;

6. á chur in iúl go láidir go mbeidh ar earnáil na tionsclaíochta dul i ngleic le dúshláin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an phacáiste "Fit for 55" a chur chun feidhme, agus gur cheart d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach sa phlé maidir le conas a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go rathúil na tograí maidir le hiompar inathnuaite, leis an tiomáint uathrialach agus le bearta athoiliúna a d'fhéadfadh a bheith ann;

7. á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige an éiceachórais réigiúnaigh a neartú, ionas go mbeidh na príomhghníomhaithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach rannpháirteach go héifeachtach, amhail rialtais, braislí, eagraíochtaí braisle agus na comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le hinstitiúidí eolais (lena n-áirítear ollscoileanna na heolaíochta feidhmí a bhfuil nasc láidir acu le FBManna). Tá an méid sin ríthábhachtach chun an t-iomaíochas tionsclaíoch a fheabhsú ar mhaithe le roinnt mhaith tionscal agus chun nuálaíocht oscailte a chothú. Ina theannta sin, ba mhaith le CnaR a iarraidh go dtabharfaí aird bhreise ar an gcomhar déthaobhach idir braislí, agus ar chineálacha nua comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a bhunú chun an comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a dhoimhniú agus chun braislí an gheilleagair shóisialta a fhorbairt;

8. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an faireachán a dhéantar ar na treochtaí tionsclaíocha agus ar an iomaíochas a fógraíodh, ós rud é nach mór don Eoraip anailís a dhéanamh ar na spleáchais straitéiseacha teicneolaíochta agus thionsclaíocha agus aghaidh a thabhairt orthu i dteannta a chéile;

9. ag leagan béim ar an ngá atá ann teacht ar mhéadracht nuálaíochta níos fearr, toisc go bhfuil an mhéadracht sin bunaithe ar infheistíochtaí (agus ionchur) sa taighde agus san fhorbairt agus ar phaitinní anois (léiriú páirteach ar ghlacadh nuálaíochtaí). Tá léargas soiléir ar athnuachan an gheilleagair agus na sonraí ábhartha in easnamh. Ba chéim thosaigh é monatóireacht a dhéanamh ar an gcineál infheistíochtaí a dhéantar sa taighde agus sa nuálaíocht. Ba cheart díriú go háirithe ar na hinfheistíochtaí atá nasctha le cumais teicneolaíochta, le bonneagair teicneolaíochta agus ar iomaíochas i ndáil leis an aistriú chuig margaí na todhchaí;

**Athléimneacht an mhargaidh aonair a neartú**

10. á chur in iúl go dtacaíonn sé le Margadh Aonair dea-fheidhmiúil a bhaint amach mar aon le hiarrachtaí leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar shrianta agus ar bhacainní. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar imthosca na réigiún trasteorann agus ar riachtanais shonracha na réigiún sin, go háirithe maidir le soláthar seirbhísí trasteorann agus saorghluaiseacht oibrithe;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh dó rún an Choimisiúin Tuarascálacha Straitéiseacha bliantúla agus pleananna gníomhaíochta maidir leis an Margadh Aonair a fhoilsiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aird a thabhairt ar na spleáchais sna luachshlabhraí, sula gcuirfear bearta agus srianta i bhfeidhm chun an Margadh Aonair a chosaint;

12. á aithint go bhféadfaí leas a bhaint as an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET) mar chonair lárnach chun neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach. Mar sin féin, ba mhaith le CnaR a chur i bhfios go láidir gur cheart do straitéis tionsclaíochta rathúil léiriú a thabhairt ar éagsúlacht na n-éiceachóras réigiúnach agus ar an gcaoi a bhforbrófar conairí i dtreo an neamhspleáchais straitéisigh ar bhealaí éagsúla in éiceachórais éagsúla;

13. á thabhairt le fios go bhfuil margadh inmheánach dea-fheidhmiúil ríthábhachtach don téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear cosc ar na Ballstáit srianta a fhorchur ar an onnmhairiú agus go gcuirfear cosc ar theorainneacha laistigh den Aontas a dhúnadh arís agus arís eile, faoi mar a tharla ag tús phaindéim COVID-19. Tá earnáil tionsclaíochta an Aontais faoi réir ceanglas faoi rialáil an Aontais agus, ag an am céanna, ní mór di dul san iomaíocht le hiomaitheoirí ó thríú tíortha ina bhfuil rialáil gnó atá difriúil ar bhealaí éagsúla i bhfeidhm. . Tá CnaR á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ceanglais chómhalartacha tionsclaíochta a leagan síos sna comhaontuithe trádála le tríú tíortha, d'fhonn cothroime iomaíochta a chur ar fáil do thionscal na hEorpa sna margaí domhanda. Tá sé ag éirí níos práinní an margadh inmheánach a thabhairt chun críche, lena n-áirítear le haghaidh seirbhísí;

14. á chur in iúl go láidir gur cheart éagsúlú a dhéanamh ar an Margadh Aonair freisin ó thaobh na gcomhpháirtithe, na dtáirgí agus na seirbhísí de, ionas go mbeidh an tAontas in ann na seirbhísí agus na táirgí atá fíor-riachtanach dá chónaitheoirí a chur ar fáil. Chuirfeadh an méid sin le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair. Léiríodh le linn ghéarchéim COVID-19 go bhfuil fíorthábhacht le táirgeadh méadaithe san Eoraip, go háirithe i réimse na dtáirgí leighis, agus le neamhspleáchas ó mhargaí eachtracha.

15. den tuairim go bhfuil gá le rialacha maidir leis an státchabhair a dheartar go cúramach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá iomaíocht chothrom laistigh den Aontas, d'fhonn cosc a chur le hathlonnú gnólachtaí laistigh den Aontas a fhaigheann státchabhair; tá CnaR den tuairim freisin gur féidir le tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) a bheith ina bpríomhspreagthóir i ndáil le luachshlabhraí nach féidir leis an margadh amháin nuálaíochtaí ceannródaíocha a bhaint amach dá mbarr. Leis na IPCEInna, tabharfar tuilleadh tacaíochta do chineálacha nua comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a bhunú. I ndáil leis an méid sin, leagann CnaR béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na mBallstát, na FBManna agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach;

16. á cheapadh go bhfuil an-tábhacht ag baint le scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas togra reachtaigh chun rialáil a dhéanamh ar phríomhsheirbhísí gnó a fhaigheann tacaíocht ó chaighdeáin chomhchuibhithe, ós rud é go bhfuil samhlacha nua gnó agus aistriú ó tháirgí faoi úinéireacht go seirbhísí arna soláthar i gceist leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach;

17. á chur in iúl gur suim leis an togra le haghaidh rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí saobhacha a bhíonn ag fóirdheontais eachtracha, rud a chinntíonn go seiceálfar agus go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar fhóirdheontais shaobhacha a dheonaíonn rialtais tríú tíortha do chuideachtaí ar mian leo gnó AE a shealbhú nó tairiscint i soláthar poiblí a fháil;

18. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé féachaint ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí saobhacha ar bhraislí de bharr éadálacha agus infheisteoirí a fhaigheann tacaíocht ón stát, agus na tábhachta a bhaineann le gnólachtaí nuálaíochta (nach bhfuil liostaithe ar an stocmhalartán) atá bunriachtanach do na braislí sin;

19. á mholadh don Choimisiún leas a bhaint as prionsabal na cómhalartachta i gcomhaontuithe trádála. Ní cheadófar do chuideachtaí ó thíortha nach páirtithe iad sa Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais páirt a ghlacadh i soláthairtí rialtais Eorpacha;

20. á dhearbhú go bhfuil gá leis an gcomhoibriú trasréigiúnach i ndáil leis na braislí sin agus na tairbhí a ghabhann leis;

21. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht ag baint leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun comhar tionsclaíoch ar mhórscála a bhunú idir braislí atá dírithe ar luachshlabhraí Eorpacha a neartú;

22. ag leagan béim ar an ról atá beartaithe do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le rialachas agus forfheidhmiú an Mhargaidh Aonair i gcoitinne, ós rud é go bhfuil a rannchuidiú ríthábhachtach chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme go héifeachtach;

23. á cháineadh go mbíonn iomaíocht éagórach idir braislí Eorpacha mar gheall ar státchabhair a thugann na Ballstáit nó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Áitíonn sé go n-íoslaghdófaí na difríochtaí i méideanna na státchabhrach ar féidir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a thabhairt trí chothrom iomaíochta a chruthú laistigh de na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach.

24. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go mbreathnaítear ar chaighdeáin mar cheann de na huirlisí lárnacha chun an straitéis a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir, áfach, gur cheart na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán chun na huirlisí sin a chruthú;

25. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá iomaíocht chothrom laistigh den Aontas, agus d'fhonn cosc a chur le hathlonnú gnólachtaí laistigh den Aontas a fhaigheann státchabhair. Mar shampla, éilítear leis an iomaíocht chothrom nach gceadófar do chuideachtaí a dtáirgí a mhargú ar fud mhargadh iomlán na hEorpa ach amháin má chomhlíonann siad na caighdeáin chomhshaoil agus sábháilteachta is infheidhme;

**Gné na FBManna a neartú sa Straitéis Tionsclaíochta**

26. á chur in iúl gur díol sásaimh dó Tuarascáil Bhliantúil 2020/2021 ón gCoimisiún maidir le FBManna Eorpacha agus ag aontú leis gurb iad an easpa scileanna agus an easpa rochtana ar mhaoiniú na príomhbhacainní a bhíonn roimh FBManna maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a dhigitiú.

27. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an t-aitheantas a tugadh do ról FBManna na hEorpa agus rún an Choimisiúin cabhrú leo dul i mbun fáis agus lucht saothair cáilithe a mhealladh. Dá réir sin, tá gá le timpeallacht atá fabhrach do lucht gnó agus le hinfheistíochtaí i scileanna agus in oiliúint na n-oibrithe (e.g. saineolas inmheánach a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus/nó le bainistíocht), chomh maith le dálaí oibre cuibhiúla. Iarrann CnaR go gcuirfí tacaíocht ar fáil do FBManna trí ionstraimí airgeadais ó InvestEU a úsáid chun cabhrú leo straitéis dhigiteach nó plean gníomhaíochta digiteach a cheapadh agus chun iad a chur ar an eolas maidir le rioscaí sócmhainneachta a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt orthu.

28. á thabhairt dá aire gur féidir éagsúlachtaí móra a bheith ann maidir le digitiú FBManna laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát, agus ar bhonn áitiúil agus réigiúnach. Chun an deighilt dhigiteach sin a dhúnadh, ní mór an tacaíocht a thugtar do FBManna a bheith inoiriúnaithe, dea-cheaptha agus dírithe ar a riachtanais shonracha, bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe áitiúil agus réigiúnach, agus tacaíocht ar leith a chur ar fáil d'fhiontair sna limistéir thuaithe agus bheagfhorbartha;

29. á chur i bhfáth gur gá infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair tástála agus bailíochtaithe, amhail lárionaid tástála thionsclaíocht 4.0, monarchana píolótacha agus Moil Nuálaíochta Digití. Is féidir leis an méid sin cabhrú le gnólachtaí agus go háirithe le FBManna nuálaíochtaí a iompú ina dtáirgí atá réidh don mhargadh ar bhealach níos tapa;

30. á mholadh go méadófar an comhar idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Coimisiún Eorpach, go háirithe a mhéid a bhaineann le líonra na Réigiún Fiontraíochta Eorpach chun tacú leis an bhfiontraíocht agus leis an aistriú tionsclaíoch ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. D'fhéadfaí díriú ar rialáil níos fearr agus ar bheartais an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr mar chuid den ardán "Réidh don Todhchaí". Bheadh sé mar aidhm feabhas a chur ar an timpeallacht atá fabhrach do lucht ghnó;

31. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil comhairleoirí inbhuanaitheachta ar fáil anois chun comhairle thiomnaithe a chur ar fáil do FBManna;

32. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an scrúdú ar fhiúntas togra reachtaigh chun rialáil a dhéanamh ar phríomhsheirbhísí gnó a fhaigheann tacaíocht ó chaighdeáin chomhchuibhithe. Tá CnaR ag tnúth go háirithe leis na caighdeáin maidir le seirbhísí a fógraíodh agus cuireann sé in iúl go láidir gur féidir leis na caighdeáin sin cuidiú le deacrachtaí a shárú i ndáil le seirbhísí trasteorann a sholáthar. Déanann fógraí neamhleordhóthanacha dochar do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha (mar atá luaite sa tuarascáil bhliantúil ar an Margadh Aonair a ghabhann leis an teachtaireacht), faoi mar a dhéanann an éiginnteacht dhlíthiúil mar thoradh ar an rialú a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais in 2018 maidir le pleanáil limistéar;

33. aiféalach faoi go bhfuiltear i bhfad ón sprioc 3 % de OTI a infheistiú i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta. Cé go bhfuil an sprioc sin á baint amach ag roinnt Ballstát, tá níos lú ná 1 % á infheistiú ag cuid eile acu sa réimse sin. Tá na difríochtaí sin ag cur isteach ar chumas domhanda an Aontais mar bhloc agus fágann siad go bhfuil an tAontas chun deiridh ar na Stáit Aontaithe, an tSeapáin agus an tSín;

34. á cheapadh gur deis é an cur chun feidhme a dhéanfar ar an Limistéar Eorpach Taighde amach anseo chun tuilleadh sineirgí a chruthú ar gach leibhéal rialtais chun tacú leis an aistriú tionsclaíoch trí infheistíocht mhéadaithe sa taighde agus trí bheartais nuálaíochta áit-bhunaithe;

35. Leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, éilítear ar earnáil na tionsclaíochta agus ar a lucht saothair dul in oiriúint don athrú i dtreo réaltacht nua; dá bhrí sin, iarrann sé ar an gCoimisiún cur chuige áitbhunaithe a áireamh ina chlár oibre Eorpach scileanna ar mhaithe le hearnálacha a ndéanann na haistrithe sin difear dóibh; áirítear leis sin dreasachtaí a dhearadh chun táirgiúlacht an lucht saothair a mhéadú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht tacaíochta (amhail teicneolaíocht na réaltachta breisithe agus na réaltachta fíorúla), agus chun lucht saothair na dtionscal a bhfuil tionchar mór ag athruithe teicneolaíochta orthu, amhail an tionscal gluaisteán, a chur san áireamh;

**Gné chríochach a chur leis na héiceachórais thionsclaíocha**

36. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an measúnú saincheaptha ar riachtanais na 14 éiceachóras Eorpacha ina léirítear bearnaí infheistíochta agus roghanna maidir le tacaíocht bheartais, chomh maith leis an gcás-staidéar ar an dúshlán maidir le dícharbónú atá roimh thionscal na cruach ([1]); á mholadh go ndéanfaí an méid sin a fhorlíonadh le meastóireacht ar fhorbairtí sa mhargadh saothair agus ar na riachtanais scileanna comhfhreagracha;

37. á iarraidh an athuair go dtreiseofar an ghné áit-bhunaithe den Straitéis Tionsclaíochta Nuashonraithe chun go mbeidh na réigiúin agus na cathracha, ós iad na rialtais is gaire do na saoránaigh agus d'éiceachórais iad, in ann aistriú glas agus aistriú digiteach a gcuid tionscal a ghlacadh chucu féin i gceart, agus aird chuí á tabhairt ar an oiliúint leanúnach agus ar an uas-sciliú a bheidh ag teastáil ó oibrithe, agus an riosca eisiaimh a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an aistriú á chur san áireamh ([2]). Tá sé ríthábhachtach go mbeadh beartas tionsclaíoch áit-bhunaithe ann, go háirithe le linn chéim an téarnaimh, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an tionsclaíocht agus an fhorbairt réigiúnach;

38. á athdhearbhú go bhfuil inniúlachtaí tábhachtacha ag na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla i réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar an bhforbairt thionsclaíoch. Is féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha raon leathan ionstraimí a úsáid chun cur chun feidhme straitéis beartais tionsclaíochta iomlánaíoch agus uaillmhianach de chuid an Aontais a chumasú, arb é is aidhm di athléimneacht eacnamaíoch a áirithiú tráth a bheidh athrú struchtúrach ann; ag iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach san áireamh amach anseo maidir le Straitéis Tionsclaíochta nua an Aontais a cheapadh ([3]);

39. ag leagan béim ar an ngá atá le colún láidir sóisialta san athrú tionsclaíoch chun aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta an athraithe struchtúraigh agus chun a chur ar chumas na réigiún a buaileadh go háirithe go dona mar gheall ar an bpaindéim téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a dhéanamh;

40. á chur i bhfios go láidir gur fearr is féidir an ghné réigiúnach a neartú trí straitéisí réigiúnacha um speisialtóireacht chliste a úsáid mar threoirphlean don chomhar idir-réigiúnach; á chur in iúl gur geal leis an smaoineamh coincheap na speisialtóireachta cliste a fhorbairt tuilleadh trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe a chur isteach mar cheathrú heilimint (S4);

(1) Tuairim ó CnaR ar https://dm2016.cor.europa.eu/cor/2016/_layouts/15/WopiFrame.aspx?sourcedoc=%7b89DDAAF2-6AB2-4081-8AE9-2215129535C0%7d&file=cor-2016-01726-00-01-ac-tra-en.docx&action=default&DefaultItemOpen=1 (COR-2016-01726-00-01) (níl leagan Gaeilge ann).

(2) Tuairim ó CnaR *https://dm2016.cor.europa.eu/cor/2020/_layouts/15/WopiFrame.aspx?sourcedoc=%7bD38C780B-9220-4BE0-ACBD-5E534B9B44D9%7d&file=cor-2020-01374-00-00-ac-tra-en.docx&action=default&DefaultItemOpen=1*, pointe 4 (níl leagan Gaeilge ann).

(3) Tuairim ó CnaR ar *https://dm2016.cor.europa.eu/cor/2020/_layouts/15/WopiFrame.aspx?sourcedoc=%7bD38C780B-9220-4BE0-ACBD-5E534B9B44D9%7d&file=cor-2020-01374-00-00-ac-tra-en.docx&action=default&DefaultItemOpen=1*, pointe 6 (níl leagan Gaeilge ann).

41. den tuairim go bhféadfadh luach nach beag a bheith sa chomhar idir-réigiúnach agus san ionstraim nua ar an ábhar sin (I3), lena n-áirítear maidir leis na réigiúin a bhfuil na dúshláin is mó rompu chun dul i ngleic leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a nascadh le réigiúin eile, d'fhonn cur le slabhraí luacha idir-réigiúnacha agus le comhtháthú. Ach níos mó úsáide a bhaint as an ionstraim sin, agus as ionstraimí breise a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfaí tacú leis an gcomhar idir-réigiúnach chun luachshlabhraí Eorpacha a neartú. Is féidir le líonraí Eorpacha, amhail Tionscnamh Vanguard, tacú leis an bpróiseas sin. Creideann CnaR go bhfuil sé an-tábhachtach tagairt a dhéanamh do straitéisí um speisialtóireacht chliste mar chreat agus mar uirlis le haghaidh nuachóiriú tionsclaíoch agus coincheap na nuálaíochta oscailte. Cuireann CnaR i bhfios go láidir gur gá RIS3 a ailíniú le forbairt na gconairí aistrithe, ós rud é go bhfuil straitéisí S3 dírithe ar thacú le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

42. á chur in iúl a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh ar an iliomad tionscnamh nua AE a eascraíonn as seirbhísí éagsúla de chuid an Choimisiúin, arb é is aidhm dóibh tacú leis an gclaochlú tionsclaíoch. Is spriocanna uaillmhianacha iad na spriocanna maidir le dlús a chur leis an inbhuanaitheacht atá leagtha síos sa straitéis "Fit for 55" agus ní mór d'earnáil na tionsclaíochta tacú leo trí chéimeanna nithiúla a ghlacadh chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Molann CnaR idirphlé straitéiseach a dhéanamh faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis na héiceachórais tionsclaíochta a nascadh leis na héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha. Is é an aidhm a bheadh ann rialachas il-leibhéil a chur chun cinn agus comhordú níos fearr a chur ar fáil. Bheadh comhtháthú na dtionscnamh éagsúil ar leibhéal an Aontais ar gach leibhéal rialtais ina ghné ríthábhachtach.

**Ag dul i ngleic le spleáchais: an neamhspleáchas straitéiseach oscailte sa chleachtas**

43. á chur in iúl gur díol sásaimh dó na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun anailís bhreise a dhéanamh ar spleáchais straitéiseacha agus ar chumais straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear athbhreithniú domhain ar roinnt réimsí straitéiseacha teicneolaíochta agus tionsclaíocha; á chur in iúl gur mór aige na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun bearta a shainaithint d'fhonn seasamh an Aontais a atreisiú i luachshlabhraí domhanda; á thabhairt dá aire go gcumhdaíonn "éiceachórais nádúrtha" roinnt earnálacha, go háirithe ar scála réigiúnach, agus gur cuid de líonra iad. Tá "píblínte" Eorpacha ann chomh maith i bhfoirm táirgeadh idir-réigiúnach agus luachshlabhraí, a dteastaíonn tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach uathu;

44. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an aird bhreise a thugtar ar an neamhspleáchas straitéiseach; á chur i bhfios go láidir, mar sin féin, mar a leagtar síos i bpáipéar leathoifigiúil na Spáinne-na hÍsiltíre, nach ionann neamhspleáchas straitéiseach agus leithlisiú nó caomhnaitheacht eacnamaíoch. Os a choinne sin, is éard atá i gceist leis an neamhspleáchas straitéiseach níos mó athléimneachta agus idirspleáchais, a bhuí le gníomhaíochtaí réasúnacha agus saincheaptha a bhaineann le spleáchais neamhshiméadracha. Cuireann CnaR i bhfios go láidir nach mór don Eoraip dlús a chur lena iarrachtaí sreafaí allmhairithe a oscailt agus a éascú, a mhéid a bhaineann le roinnt luachshlabhraí straitéiseacha;

45. ag tacú leis an athbhreithniú ar spleáchais straitéiseacha, go háirithe na spleáchais sin a bhfuil tionchar ar leith acu ar FBManna. Thairis sin, tacaíonn sé leis na gníomhaíochtaí treisithe chun cabhrú le FBManna aghaidh a thabhairt ar chur isteach agus ar leochaileachtaí, nó chun iad a éagsúlú trína nascadh le comhpháirtithe nua áitiúla agus trasteorann;

46. díocasach faoi threoirleabhar/uirlis a fhorbairt lena n-aithnítear spleáchais straitéiseacha agus aghaidh a thabhairt ar na spleáchais sin tríd an soláthar poiblí;

**Dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach**

47. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá samhlacha nua gnó a chabhraíonn le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá coincheapa amhail an Gréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach (SOLVIT); den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach cabhrú le gnólachtaí teacht ar réitigh phragmatacha i ndáil leis an trádáil thar theorainneacha agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú a chur ar fáil dóibh;

48. ag áitiú ar an gCoimisiún Eorpach sásra a bhunú chun measúnú agus cosc a dhéanamh ar tháthcheangail cuideachtaí in earnálacha a bhfuil ról ríthábhachtach nó straitéiseach acu i ngeilleagar na hEorpa, agus béim ar leith á leagan ar chuideachtaí beaga, ar cuideachtaí neamhliostaithe iad go minic, atá fíorthábhachtach d'éiceachórais nuálaíochta réigiúnaí agus d'éiceachórais fiontraíochta;

49. á iarraidh go leanfadh na réigiúin agus na cathracha de bheith ag tacú le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha i réimsí straitéiseacha, lena n-áireofaí gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna agus seoladh comhghuaillíochtaí tionsclaíocha nua atá beartaithe. Bheadh na comhghuaillíochtaí sin dírithe ar ghnéithe amhail feithiclí lainseála, earnáil eitlíochta atá saor ó astaíochtaí, an néalteicneolaíocht, próiseálaithe agus leathsheoltóirí. Cuireann CnaR in iúl go bhfuil rath na gcomhghuaillíochtaí ag brath ar dhá ghné: (1) an rialachas agus an gá atá le tiomantas na bpáirtithe leasmhara uile, agus go háirithe, (2) rannpháirtíocht na rialtas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, rud atá ríthábhachtach do dhea-fheidhmiú na gcomhghuaillíochtaí;

50. á chur in iúl gur mór aige go bhfuil bealaí aistrithe cruthaithe ag an gCoimisiún, in éineacht le lucht tionscail, na húdaráis, na comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí eile. Is mór aige an cur chuige lenar tosaíodh amach leis an turasóireacht agus le tionscail dianfhuinnimh, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar raon feidhme agus ar chostais na mbeart a bhfuil gá leo chun aistriú glas agus aistriú digiteach na bpríomhéiceachóras a áirithiú, agus ar na coinníollacha a ghabhann leis na bearta sin. Beidh plean gníomhaíochta don iomaíochas inbhuanaithe mar thoradh ar an gcur chuige sin;

51. ag leagan béim an athuair ar a thábhachtaí atá an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach chun tionscal inbhuanaithe agus iomaíoch a bhaint amach. Ní hamháin go bhfuil an chiorclaíocht riachtanach chun spriocanna aeráide agus na SFInna a bhaint amach, ach cuidíonn sí le hearnáil na tionsclaíochta dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda agus d'fhéadfadh sí a bheith ina gné thábhachtach den neamhspleáchas straitéiseach. Trí úsáid chiorclach agus thíosach a bhaint as amhábhair agus táirgí ganna (agus straitéiseacha), is féidir spleáchais neamhshiméadracha a theorannú agus an neamhspleáchas a neartú ([4]). Ós rud é gur spreagadh é an geilleagar ciorclach do shlabhraí soláthair atá níos giorra ó thaobh na geografaíochta de agus go mbíonn tionchar aige ar gach cineál braisle agus tionscail, is gné ríthábhachtach de straitéis tionsclaíochta rathúil í an ghné áit-bhunaithe agus réigiúnach d'éiceachórais thionsclaíocha atá dírithe ar neamhspleáchas straitéiseach. I bhfianaise nach bhfuil roinnt mhaith FBManna réidh don athrú sin, in ainneoin na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun samhlacha traidisiúnta eacnamaíocha agus gnó a athrú ó bhonn, is féidir leis an gCoimisiún cabhrú le dlús a chur leis an aistriú ciorclach. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí mhargadh aonair do dhramhaíl a chur ar bun agus tacú le hathrú a dhéanamh ar oibríochtaí gnó fhormhór na FBManna nach bhfuil chun tosaigh sa nuálaíocht;

52. ag leagan béim ar an ngá atá ann díriú ar earnálacha agus ar réimsí inar féidir an rannchuidiú is mó a dhéanamh chun uaillmhianta aeráide a bhaint amach. D'fhéadfaí an méid sin a chur i gcrích go háirithe i dtionscail dianfhuinnimh agus i mbraislí móra tionscail, agus sna slabhraí táirgthe a bhfuil siad mar chuid díobh. Rachaidh an fócas ar shlabhraí táirgeachta chun tairbhe na FBManna in earnáil na tionsclaíochta freisin, toisc gur cuid de shlabhraí táirgeachta na ngnólachtaí móra iad go minic. Leis sin, déanfar tionchar na n-uaillmhianta aeráide a uasmhéadú. Tá an tionsclaíocht thar a bheith tábhachtach sna réigiúin thionsclaíocha, ós rud é go bhfeidhmíonn sí mar bhonn leis na margaí saothair réigiúnacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé ríthábhachtach an tionsclaíocht a aistriú chuig samhail ghnó inbhuanaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bhfostaíocht agus le haistriú cuimsitheach chuig geilleagar inbhuanaithe digiteach;

53. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go n-aimseofar, leis an tsamhail tionscail nua, réitigh chun poist a chosaint, go háirithe in earnálacha a bhfuil tionchar mór ag an aistriú glas orthu, amhail an tionscal gluaisteán, ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na príomhnithe a thiomáineann geilleagar na hEorpa. Chun poist a choimirciú, ba cheart an glasú is gá a dhéanamh ar tháirgí mótarfheithiclí a chur i gcrích ar bhealach solúbtha, laistigh de spriocanna leordhóthanacha, ar bhonn na neodrachta teicniúla agus trí chabhair airgeadais AE do réigiúin atá buailte, d'fhonn na monarchana, na soláthróirí agus na saoráidí táirgthe atá ann cheana a oiriúnú. Ina theannta sin, ba cheart iomaíochas na láithreán táirgthe atá ann cheana a áirithiú, chomh maith leis an gcumas chun poist a oiriúnú;

54. á chur in iúl go láidir go bhfuil an rochtain ar fhoinsí leictreachais atá iontaofa agus inacmhainne ríthábhachtach d'iomaíochas thionscal na hEorpa. Chuige sin, is gá acmhainní táirgthe a fhorbairt bunaithe ar fhoinsí atá go hiomlán in-athnuaite. Agus inmharthanacht eacnamaíoch na bhfoinsí fuinnimh á ríomh, ní mór na costais fhoriomlána a chur san áireamh i gcónaí, i.e. meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh lena gclúdaítear saolré iomlán an táirgthe fuinnimh, costais chórais agus costais sheachtracha;

55. á iarraidh go smaoineofaí ar an bhfás eacnamaíoch mar choincheap forleathan agus cuimsitheach, ó thaobh gnéis, cine, inscne, teanga, reiligiúin, tuairimí polaitiúla, agus cúinsí pearsanta agus sóisialta de, ós rud é go mbeidh tallann ar fad na hEorpa ag teastáil; á chur in iúl go láidir go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht mhór i bpoist bhainistíochta i gcuideachtaí, agus ag iarraidh ar chuideachtaí dlúthchuid dá mbunphrionsabail chorparáideacha a dhéanamh den phaireacht inscne ag gach leibhéal bainistíochta. Is mó an rath a bhíonn ar ghnólachtaí ilchineálacha ná ar ghnólachtaí nach bhfuil ionadaíoch ar an tsochaí (ina bhfeidhmíonn siad);

56. á chur in iúl gur gá athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar chreat Státchabhrach an Aontais d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do na tionscail tráchtearra atá dian ar fhuinneamh agus atá spleách ar thrádáil eachtrach claochlú de réir a chéile go próisis íseal-charbóin atá neodrach ó thaobh carbóin de. Ina theannta sin, ní mór dóthain acmhainní a thabhairt do chláir chistiúcháin Eorpacha agus náisiúnta agus ní mór go mbeifí in ann iad a chomhcheangal;

57. á chur i bhfios go láidir gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir dinimic an athraithe a bhfuil gá leis don aistriú glas agus don aistriú digiteach, ar thaobh amháin, agus intuarthacht an chreata rialála (go háirithe do FBManna agus d'fhostaithe) ar an taobh eile. Cuireann CnaR i bhfios go láidir freisin gurb é a éilítear le haistriú cuimsitheach ná cistí a imscaradh chun oiliúint agus athoiliúint a chur ar an lucht saothair i scileanna nua ar scála réigiúnach agus ar fud na n-earnálacha. Is é a bheadh mar thoradh air sin go seachnófaí "gaibhniú" fostaithe sna hearnálacha ina mbíonn siad ag obair, agus an gá le bogadh go dtí réigiúin eile le haghaidh oibre;

---

([4]) Tuairim ó CnaR *Plean Gníomhaíochta maidir le hAmhábhair Chriticiúla* (CDR-2021-04292-00-01) (níl leagan Gaeilge ann).

58. á shonrú go gciallaíonn sé sin freisin go ngabhann an méid seo a leanas leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach: aistriú i dtreo geilleagar lena dtabharfar aghaidh ar aosú an daonra agus ar na nuálaíochtaí is gá chun gach saoránach a áireamh san aistriú glas agus san aistriú digiteach;

59. á chur in iúl gur díol sásaimh dó gur forbraíodh táscairí, agus gur mhaith leis béim a leagan air go n-eascraíonn an t-iomaíochas fadtéarmach, lena n-áirítear an athléimneacht, as aistrithe níos tapúla. Dá bhrí sin, ba cheart do tháscairí tomhas a dhéanamh ar luas an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, seachas ar an iomaíochas go ginearálta;

60. ag cur in iúl don Choimisiún Eorpach an ról tábhachtach is féidir a bheith ag údaráis áitiúla agus ag gníomhaireachtaí forbartha réigiúnaí maidir le borradh a chur faoi chumas an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh tacú le FBManna digiteacha agus glasa; ag áitiú ar an gCoimisiún glacadh leis an bprionsabal "tús áite d"fhiontair bheaga agus gníomhú ar bhonn réigiúnach'.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach ar an mBeartas Iomaíochta 2020**

(2022/C 97/10)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Tadeusz TRUSKOLASKI (PL/EA), Méara Białystok |
| **Doiciméad tagartha:** | COM(2021) 373 final (níl leagan Gaeilge ann) |

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Réamhrá**

1. den tuairim go bhfuil margadh aonair na hEorpa ar cheann de na héachtaí is mó atá déanta ag an Aontas Eorpach (an tAontas) agus gurb é is aidhm do bheartas iomaíochta an Aontais geilleagar margaidh oscailte a chothabháil ina bhfuil iomaíocht shaor, chothrom agus éifeachtach atá fabhrach do leithdháileadh éifeachtúil acmhainní agus do chur chun cinn na nuálaíochta;

2. á chur in iúl gur mór aige na hiarrachtaí atá déanta go nuige seo ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa chun beartas iomaíochta an Aontais a bhunú atá soiléir, trédhearcach agus éifeachtach;

3. á chur i bhfáth gur den riachtanas rialacha iomaíochta an Aontais a thabhairt chun réitigh lena bheartais tionsclaíochta, dhigiteacha, chomhshaoil, aeráide, shóisialta agus trádála idirnáisiúnta chun cothrom na Féinne a áirithiú i ngach earnáil agus, ar an gcaoi sin, an t-iomaíochas domhanda a áirithiú, rud a chuirfidh le forbairt FBManna;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh dó Rialachán (AE) 2019/452 lena mbunaítear creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh, maille leis an bPáipéar Bán ón gCoimisiún maidir le cothrom na Féinne a thabhairt i gcrích i ndáil le fóirdheontais eachtracha;

5. ag teacht leis na ráitis ina leagtar béim ar an rochtain theoranta atá ag tomhaltóirí ar fhaisnéis chuimsitheach ar líne maidir le táirgí agus seirbhísí i ngeall ar an líon teoranta éiceachóras digiteach agus ardán digiteach atá ar fáil, nithe nach mbíonn ar fáil i dteangacha náisiúnta ach go hannamh;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil aird á tabhairt ag an gCoimisiún ar an tionscnamh "tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne" (IPCEI);

7. á thabhairt le fios gur cheart, le cuspóirí bheartas iomaíochta an Aontais, aird faoi leith a thabhairt ar riachtanais na FBManna, lena n-áirítear FBManna ó limistéir thuaithe agus bheagfhorbartha, agus cothrom na Féinne a chinntiú ar mhaithe le leas na saoránach uile;

8. á chur i bhfáth go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go n-áiritheoidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha go gcuirfear feabhas ar bheartas iomaíochta an Aontais, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach go gcaithfear go cothrom le cuideachtaí agus ós ardtosaíocht an méid sin chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú;

**Iomaíochas an Aontais agus tacaíocht do ghnólachtaí atá buailte ag an bpaindéim**

9. den tuairim nach mór cabhair a bhaineann le COVID-19 a dheonú do ghnólachtaí atá thíos leis an dochar díreach atá déanta ag an bpaindéim ó thaobh an airgeadais de, agus dóibh siúd amháin, amhail i gcásanna ina bhfuil siad á gcur ó rath dá bharr;

10. á thabhairt le fios nár cheart do chuideachtaí neamhbhrabúsacha nach bhfuil tiomanta do spriocanna aeráide an Aontais, atá ag titim chun féimheachta, a bhfuil athstruchtúrú mór ar bun acu nó a bhfuil athstruchtúrú de dhíth orthu, leas a bhaint as na bearta sealadacha airgeadais a tugadh isteach chun freagairt don phaindéim, fad is a bhí tús curtha leis na próisis sin roimh an bpaindéim;

11. ag tarraingt aird ar línte ginearálta an athchóirithe dhomhanda ar an gcáin chorparáideach arna gcomhaontú le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 i mí Dheireadh Fómhair 2021; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach bearta praiticiúla a mholadh chun na rialacha nua san Aontas a chur chun feidhme a luaithe a thabharfar an chaibidlíocht chun críche; á iarraidh mar ábhar práinne go ndéanfaí iarracht tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an dlí cánach domhanda, agus gnólachtaí de gach méid á gcur san áireamh;

12. ag aithint gur cheart cabhair phoiblí a dhearadh agus a dheonú ar bhealach atá trédhearcach agus freagrach ó thaobh na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil de;

13. á chur in iúl gur díol sásaimh dó na srianta atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún maidir le híocaíocht díbhinní agus bónas nó fuascailt scaireanna na ngnólachtaí a bhfuil cabhair á fáil acu, i measc nithe eile;

14. á mholadh go gcruthófaí sásraí lena n-éascófar feidhmiú na ngnólachtaí le linn sleabhcadh eacnamaíoch de dheasca géarchéimeanna eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha (mar a tharla i gcás phaindéim COVID-19), ach an sciar de chistiú díreach a chuireann isteach go saorga ar an gcaidreamh margaidh á laghdú;

15. á chur in iúl go spreagann suaitheadh i bhfeidhmiú an gheilleagair, arb iad cineálacha éagsúla géarchéime is cúis leis, i measc nithe eile, gnólachtaí chun an margadh a atheagrú ar dhóigh atá ar neamhréir le beartas iomaíochta an Aontais, rud a fhágann, i gcásanna, go dtagann ann do chomhaontuithe maidir le méid táirgeachta agus/nó do bhrabúsacht mhéadaithe. Mar sin féin, cuirtear cosc ar an méid sin le rialacha iomaíochta an Aontais agus is é an toradh a bhíonn air sin ar deireadh gurb iad na tomhaltóirí a sheasann costas na géarchéime;

16. á chur i bhfáth gurb é an príomhchuspóir atá ann, fiú tráth géarchéime, a áirithiú nach mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as margaí iomaíocha ach amháin má tá rogha leathan táirgí ar ardcháilíocht ar fáil iontu agus praghsanna cothroma;

17. den bharúil go bhfuil sé barrthábhachtach cothrom na Féinne a áirithiú do ghnólachtaí sa mhargadh aonair, go háirithe do FBManna, lena n-áirítear ar mhaithe le nuálaíocht a chothú, teicneolaíochtaí nua glasa a cheapadh agus poist inbhuanaitheacha a chruthú san Aontas;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar úsáid agus dáileadh chistí éagsúla an Aontais a tugadh isteach mar fhreagairt do ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear trí bhíthin pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, nach mór a bheith i gcomhréir le rialacha iomaíochta agus státchabhrach an Aontais;

19. ag dréim leis go ndéanfar gníomhaíocht *ex ante* maidir le straitéisí freagartha i gcás géarchéime. Ní mór pleanáil beartais iomaíochta a bheith comhleanúnach agus comhsheasmhach san fhadtéarma ó thaobh na cinnteoireachta de.

**Réimsí nua i ngeilleagar na hEorpa**

20. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an togra ón gCoimisiún maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus cuireann sé i bhfáth a phráinní atá sé timpeallacht ghnó chothrom a chruthú d'úsáideoirí gnó a bhíonn ag brath ar gheatóirí chun saoriomaíocht a áirithiú ar líne freisin;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na réigiúin dlús a chur lena n-iarrachtaí chun an t-aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn chun tacú le slabhraí luacha AE a thógáil agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gcaipiteal atá ar fáil. Ba cheart tacaíocht faoi leith a thabhairt do réigiúin bheagfhorbartha, do réigiúin imeallacha, do na réigiúin is forimeallaí agus d'oileáin;

22. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an digiteáil i gcás FBManna, ós rud é go gcuirtear ar fáil léi rochtain ar mhargaí níos mó agus cuirtear deireadh le fadhbanna críochacha a eascraíonn as míbhuntáistí geografacha na gcríoch sin. Ba cheart cistí AE a dheonú do FBManna, go háirithe do FBManna ó limistéir thuaithe agus bheagfhorbartha, chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhigiteáil. Sa bhreis air sin, ba cheart faisnéis faoi dheiseanna atá ar fáil ar leibhéal an Aontais maidir le digiteáil a chur ar fáil do FBManna. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i scaipeadh na faisnéise sin;

23. den tuairim gur gá beart a dhéanamh i gcoinne struchtúir mhonaplacha má tá an tAontas chun an claochlú digiteach a thabhairt chun críche;

24. ag tarraingt aird ar a thábhachtaí atá sé toirmeasc a chur ar mhí-úsáid ceannasachta (Airteagal 102 CFAE) i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá ar bun ag eintitis sheachtracha agus ag eintitis laistigh den Aontas. Is tábhachtaí fós an méid sin i réimsí den mhargadh atá ag fás go tapa ach ar beag an rialáil agus an faireachán a dhéantar orthu;

25. á thabhairt le fios nach bhfuil sna pionóis airgeadais a fhorchuirtear i gcás sáruithe ar choinníollacha iomaíochta ach cuid den réiteach agus nach mór, leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha, cosc a chur ar gheatóirí dul i gceann cleachtais neamhdhleathacha chun buntáiste iomaíoch a fháil; ag cáineadh go gcuirtear na costais a thabhaítear ó phionóis iomaíochta ar na tomhaltóirí agus, sa deireadh, gurb iad saoránaigh an Aontais, agus iad siúd amháin, a bheidh thíos leo;

26. á chur i bhfáth go bhfuil roinn gnóthaí digiteacha ag Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil líon áirithe fiosrúcháin earnála déanta aici le blianta beaga anuas (e.g. an fiosrúchán ar an earnáil ríomhthráchtála agus an fiosrúchán ar earnáil Idirlíon na Rudaí Nithiúla), as ar eascair an togra le haghaidh Ionstraim um Margaí Digiteacha; ag dréim leis go ndéanfadh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta torthaí na n-imscrúduithe in aghaidh trustaí a ionchorprú i gcur chun feidhme na hIonstraime um Margaí Digiteacha;

27. ar aon intinn le Parlaimint na hEorpa nach leor na hacmhainní reatha atá ag Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (DG COMP) i bhfianaise an ualaigh oibre atá uirthi agus na ndúshlán atá os a comhair;

28. ag aithint na ndúshlán atá ann de bharr chruthú agus chur chun feidhme an bheartais iomaíochta, go háirithe sa mhargadh digiteach, inarb ann do chomhchruinniú, comhiomlánú agus úsáid sonraí i margaí nach bhfuil aon phraghsáil i gceist leo agus ina bhfuil algartaim phraghsála mhíchothroma in úsáid, ag ardáin mhóra go háirithe; á chur in iúl gur díol sásaimh dó, i dtaca leis sin, gurb é is aidhm don Ionstraim um Margaí Digiteacha, i measc nithe eile, a áirithiú go gcaitear leis na seirbhísí agus na táirgí a chuirtear ar fáil ar ardán geatóra mar an gcéanna le seirbhísí agus táirgí comhchosúla a thairgeann tríú páirtithe ar an ardán geatóra, rud a ráthaíonn saoriomaíocht;

29. ag dréim leis go n-oibreoidh an Coimisiún chun an clár d'eagraíochtaí a dhéanann stocaireacht thar ceann gníomhaithe neamh-AE ar son réitigh dhigiteacha shonracha a leasú agus chun trédhearcacht a bhfoinsí cistiúcháin a áirithiú;

30. á chur in iúl gur díol sásaimh dó measúnú an Choimisiúin ar an ngá atá le huirlisí nua chun éifeachtacht bheartas iomaíochta an Aontais a áirithiú, uirlisí a bhfuil gá faoi leith leo i réimsí nua margaidh atá fós ag teacht chun cinn agus nach bhfuil mórán eolais le fáil orthu;

31. ag aontú leis nach leor an smacht atá ag tomhaltóirí ar a sonraí féin agus ar a gcéannacht dhigiteach, go háirithe ó tharla go n-éilíonn formhór na soláthróirí seirbhísí digiteacha orthu a dtoiliú a thabhairt ina leith sin agus, mura dtugann siad a dtoiliú, go ndiúltaítear dóibh rochtain ar sheirbhísí áirithe;

32. ag moladh don Choimisiún reachtaíocht a leagan síos lena gcuirfear d'oibleagáid ar shealbhóirí sonraí sonraí a scriosadh i gcás nár úsáid tomhaltóirí a gcuid seirbhísí ar feadh tréimhse áirithe ama (e.g. bliain amháin);

33. á chur in iúl go bhfuil sé i bhfabhar gníomhaíochtaí ar mhaithe le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ar seirbhísí iad atá ríthábhachtach i gcónaí chun go mairfidh roinnt pobal ar fud na hEorpa, go háirithe i réigiúin leithlisithe, iargúlta, nó imeallacha an Aontais;

34. á thabhairt le fios go bhfuil roinnt struchtúir olagaplacha forbartha i réimse na seirbhísí airgeadais agus go bhfuil roinnt cuideachtaí móra teicneolaíochta ina ngníomhaithe tábhachtacha anois i margadh na seirbhísí airgeadais, margadh ina bhfuil socruithe rialaithe agus cosanta do thomhaltóirí ag teastáil; ag leagan béim air, i dtaca leis sin, a thábhachtaí atá sé Airteagal 102 CFAE a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí ar líne freisin, ionas nach mbeidh soláthraithe beaga ó chathracha agus ó réigiúin a thairgeann a seirbhísí/táirgí ar líne faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Creidmheas Tomhaltóirí, toisc nach leor an chosaint atá ag tomhaltóirí faoi láthair agus go bhfuil an rochtain ar fhaisnéis maidir le feasacht a mhúscailt faoin tionchar atá ag tosca éagsúla ar éagsúlacht táirgí ró-íseal;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar chlásail agus cleachtais éagóracha, go háirithe i gcás conarthaí tomhaltóirí in earnáil na baincéireachta. Ní mór caitheamh leis an earnáil baincéireachta mar a chaitear le réimsí eile den mhargadh, in ainneoin a thábhachtaí atá sí;

37. á chur i bhfáth gur gá cáiníocóirí agus custaiméirí bainc a chosaint ionas nach gcuirfear an t-ualach a bhaineann le tarrtháil an chórais airgeadais orthu.

**Beartas iomaíochta an Aontais maidir le tríú tíortha**

38. ag tacú leis an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa go ndéanfaí ionstraimí cosanta trádála a neartú chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála agus iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hEorpa a chosaint;

39. ag dréim leis go ndéanfar obair ar dhéthreocht bheartas iomaíochais an Aontais i dtreo go ráthófar, ar thaobh amháin, saoirse agus sásraí laistigh den mhargadh aonair chun comhchruinniú a chosc, lena n-áirítear cruthú monaplachtaí, agus cothromaíocht idir cumhacht mhargaidh na gceannaitheoirí agus na ndíoltóirí agus, ar an taobh eile, i gcás tríú tíortha (e.g. an tSín, na Stáit Aontaithe), sásraí atá coibhéiseach le samhlacha cur chun cinn onnmhairí;

40. á thabhairt le fios nach mór, sa chomhrac i gcoinne mhonaplú mhargadh na hEorpa, an iarracht chéanna a dhéanamh i ndáil le hoibreoirí AE agus oibreoirí neamh-AE araon. Ar na saolta seo, go háirithe i réimse na ríomhthráchtála, is iomaí mífheidhmiú a eascraíonn as monaplú na n-ardteicneolaíochtaí digiteacha ag corparáidí in SAM agus sa tSín;

41. ag dréim leis go gceapfaí an beartas tionsclaíochta sa dóigh go n-oibreodh sé mar uirlis le haghaidh cóineasú réigiún agus tacaíonn sé le hath-leithdháileadh éifeachtúil acmhainní sna réigiúin gan an iomaíocht a shaobhadh;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún aird a tharraingt ar an ról atá ag fiontair faoi úinéireacht stáit atá lonnaithe ar an gcoigríoch agus a fhaigheann tacaíocht agus fóirdheonú óna rialtais ar bhealach a chuireann toirmeasc ar oibreoirí AE déanamh amhlaidh de réir rialacha mhargadh aonair an Aontais;

43. á éileamh go gcaithfí go cothrom le comhpháirtithe trádála an Aontais agus, ar an ábhar sin, tá sé ag súil leis go leagfaidh an Coimisiún rialacha síos lena ráthófar coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh, iomaíocht agus státchabhair. Ba cheart, i gcás aon sárú ar na coinníollacha sin, go gcuirfí an trádáil ar fionraí ar théarmaí speisialta ionas go bhféadfadh an baol go bhforchuirfear smachtbhannaí a bheith ina dhíspreagadh;

44. á thabhairt dá aire go léirítear leis na gníomhaíochtaí ar son na hiomaíochta atá ar bun faoi láthair nach gcloíonn gníomhaithe neamh-AE leis na rialacha céanna, agus go bhfaigheann siad, i measc nithe eile, tacaíocht láidir stáit, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais. Ós amhlaidh atá, ní mór dlí iomaíochta na hEorpa a bheith níos solúbtha, go háirithe maidir le státchabhair, óir ní thugtar aird leordhóthanach ann ar an gcineál iomaíochta atá roimh chuideachtaí Eorpacha i dtríú tíortha nach n-urramaítear na rialacha céanna iontu;

45. á iarraidh an obair ar bheartas trádála an Aontas a neartú seachas sampla margaí eile amhail sna Stáit Aontaithe a leanúint, ós rud é go bhfuil an cur chuige a úsáideadh go dtí seo ag teacht le creidimh shaoránaigh an Aontais agus le traidisiúin fiontraíochta. Ní mór don Aontas a bheartas trádála a neartú chun bheith níos teanntásaí ó thaobh cómhalartacht maidir le rochtain ar an margadh agus rialú ar fhóirdheontais thionsclaíocha;

46. á mholadh an tsamhail um rialú comhchruinnithe caipitil a mhéadú. Ba cheart aird a thabhairt ar an méadú atá ag teacht uirthi toisc go bhfágann sé sin ní hamháin go gcruthaítear monaplachtaí sa mhargadh, ach go gcuirtear isteach air tuilleadh fós ar bhonn ingearach agus ar bhonn cothrománach araon, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar dhíchruinniú slabhraí luacha.

47. Má táthar chun na cuspóirí a bhaineann le dul i ngleic le héagothromaíochtaí sóisialta agus leis an ngéarchéim aeráide a bhaint amach, caighdeáin chomhshaoil a ardú, cur le cur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, beartais maidir leis an aeráid agus maidir le cosaint tomhaltóirí a chur chun feidhme, tá gá le gníomhaíochtaí lena ndéileálfar go dian le haon sárú ar choinníollacha is infheidhme maidir le táirgeadh, fostaíocht, an comhshaol, etc. ag soláthraithe neamh-AE.

**Beartas iomaíochta an Aontais amach anseo**

48. á thabhairt le fios go gcuirtear srianta suntasacha ar an dá pháirtí i dtaca le fóirdheontais phoiblí le forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena rialaítear maoirseacht ar státchabhair/fóirdheontais. Cé go n-áirithítear leis na forálacha go leanfaidh dlí iomaíochta AE de chaighdeáin a leagan síos le haghaidh chothrom na Féinne, foráiltear in Airteagal 3.4.2 agus in Airteagal 3.5 den chomhaontú nach bhféadfaidh na páirtithe cineálacha áirithe fóirdheontas a dheonú dá mbeadh tionchar "ábhartha" acu ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na páirtithe nó dá bhféadfadh tionchar den chineál sin a bheith acu; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhforálacha sin ag an Ríocht Aontaithe chun a áirithiú nach ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe aon dumpáil fóirdheontais;

49. á mholadh gníomhaíocht níos radacaí a dhéanamh i gcoinne bhaghcatáil tháirgí agus sheirbhísí na mBallstát ar an margadh domhanda, agus i gcoinne fhalsú agus aithris na dtairgí agus na seirbhísí sin chun críoch margaíochta calaoisí. Ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha tacaíocht shoiléir a thabhairt do FBManna i margaí eachtracha;

50. ag tarraingt aird ar an ngá atá le teorannú soiléir idir cuspóirí an bheartais iomaíochta, ar cheart iad a chur i bhfeidhm i margadh aonair na hEorpa ar dtús, agus ar an mbeartas tionsclaíochta arb é is aidhm dó tacú le heintitis a bhíonn san iomaíocht le heintitis eile sa mhargadh domhanda;

51. den tuairim gur cheart, le gníomhaíocht fhadtéarmach faoi bheartas iomaíochta an Aontais, athléimneacht na slabhraí breisluacha a neartú d'fhonn an spleáchas ar oibreoirí tríú tíortha a laghdú agus, i gcás nach féidir déanamh amhlaidh, d'fhonn ardleibhéal éagsúlaithe soláthróirí a ráthú;

52. á chur i bhfáth nach mór rialacha iomaíochta AE agus rialacha AE maidir leis an státchabhair a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an Straitéis Eorpach Dhigiteach, le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; á chur i bhfáth gur faoi na Ballstáit atá sé an meascán fuinnimh a chinneadh ach cuireann sé in iúl gur saoth leis nach bhfuil státchabhair ag brath ar na spriocanna sin i roinnt Ballstát;

53. á thabhairt dá aire an staidéar a ullmhaíodh le déanaí don Choimisiún maidir le treochtaí margaidh i gcúram sláinte agus i dtithíocht shóisialta agus maidir le himpleachtaí státchabhrach AE, staidéar arna ndéanamh mar chuid de mheastóireacht leanúnach ar impleachtaí phacáiste 2012 maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta le haghaidh cúram sláinte agus tithíocht shóisialta [1]. Is díol sásaimh dó go dtacaítear go mór sa staidéar sin leis an éileamh a rinne CnaR sa tuairim a d'eisigh sé i mí Dheireadh Fómhair 2016 maidir le státchabhair agus seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta [2] agus, go háirithe, an dá phointe seo a leanas: 1) is fusa an tairseach *de minimis* EUR 500 000 a bhaint amach agus, i bhfianaise an mhéadaithe fhoriomláin ar thacaíocht státchabhrach do na hearnálacha sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tairseach a mhéadú d'fhonn comhréireacht a áirithiú; 2) measann an Coiste go bhfuil an sainmhíniú ar thithíocht shóisialta doiléir ó tharla nach ann do shainmhíniú aonair ar thithíocht shóisialta sna Ballstáit. Ina theannta sin, dhealródh sé go bhfuil an sainmhíniú atá ann i láthair na huaire as dáta, óir tá méadú ag teacht ar riachtanais an phobail maidir le tithíocht inacmhainne. Dá bhrí sin, iarrann CnaR athuair go mbainfí den sainmhíniú an tagairt róshriantach do "saoránaigh faoi mhíbhuntáiste nó do ghrúpaí nach bhfuil na buntáistí céanna acu";

54. á iarraidh ar gCoimisiún faireachán agus imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaithe airgeadais, go háirithe ardáin dhigiteacha, ar iomaíocht mhargaidh agus ar chinntí tomhaltóirí;

55. á chur in iúl gur gá athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar chreat státchabhrach an Aontais chun tacú le tionscail phríomhúla atá dian ar fhuinneamh agus atá ag brath ar thrádáil eachtrach a chlaochlú de réir a chéile go próisis íseal-charbóin atá neodrach ó thaobh carbóin de. Ní mór tacaíocht a chur ar fáil ní hamháin le haghaidh infheistíochtaí ach le haghaidh costais oibriúcháin freisin. Ar an ábhar sin, ní mór acmhainní leordhóthanacha a bheith ag cláir chistiúcháin Eorpacha agus náisiúnta agus is gá a bheith in ann iad a chomhcheangal. Is féidir le conarthaí aeráide tionscadalbhunaithe a bhfuil ráthaíocht fhadtéarmach rialtais maidir le praghsanna $CO_2$ iontu cur go mór leis an gclaochlú tionsclaíoch freisin;

56. ag tarraingt aird ar an ngá atá le huirlisí éifeachtacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun brú a chur ar ghníomhaithe inmheánacha agus seachtracha nach gcloíonn leis na rialacha iomaíochta;

57. den tuairim go bhfuil sé barrthábhachtach do ghnólachtaí Eorpacha atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe do FBManna, go ndéanfaidh údaráis iomaíochta neamhspleácha rialacha iomaíochta an Aontais a fhorfheidhmiú go docht agus go neamhchlaonta. Dá bhrí sin, molann sé a bheith níos daingne agus smachtbhannaí á bhforchur orthu siúd a sháraíonn rialacha nach mór cloí leo;

(1) https://ec.europa.eu/competition-policy/system/files/2021-09/kd0621047enn_SGEI_evaluation.pdf
(2) https://webapi2016.cor.europa.eu/v1/documents/cor-2016-01460-00-00-ac-tra-en.docx/content

58. ag athdhearbhú na hachainí a rinne sé a bheith níos uaillmhianaí agus réitigh nua á gcur chun feidhme, go háirithe réitigh a bhaineann le haeráidneodracht gheilleagar na hEorpa agus a bheith misniúil agus aonfhoirmeacht an mhargaidh aonair á neartú go díreach;

59. á mholadh bearta a thabhairt isteach lena nasctar beartas comhtháthaithe agus beartas iomaíochta, ionas go mbeidh an tacaíocht a thabharfar amach anseo fite fuaite le comhchuibhiú rialacha agus prionsabal d'oibreoirí sa mhargadh aonair; ag tarraingt aird ar shuirbhé de chuid Choimisiún COTER in CnaR i measc údaráis bhainistíochta na gCistí Struchtúracha maidir le cur chun feidhme na mbeart tionlacain do na cláir CRII agus CRII+, inar léiríodh gur thacaigh formhór údaráis bhainistíochta na gCistí Struchtúracha le méadú sealadach ar an tairseach státchabhrach *de minimis*;

60. á iarraidh ar an gCoimisiún, cé go n-aithníonn sé nach mór do ghnólachtaí Eorpacha a bheith in ann dul san iomaíocht ar bhonn cothrom i margaí domhanda, beartas iomaíochta agus státchabhrach an Aontais a leasú d'fhonn forbairt thionsclaíoch a chur chun cinn, go háirithe i réimsí ina bhfuil an leibhéal is airde barr feabhais teicniúil agus teicneolaíoch, agus tacú go láidir le méadú na ngnólachtaí Eorpacha lasmuigh den mhargadh aonair;

61. á chur in iúl gur geal leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach leasuithe a mholadh ar Rialachán ginearálta na blocdhíolúine d'fhonn tacaíocht phoiblí d'aistriú glas agus digiteach AE a éascú a thuilleadh ([3]); á chur i bhfáth, ach catagóirí áirithe cabhrach a dhíolmhú ón gceanglas maidir le fógra a thabhairt, go mbeadh sé i bhfad níos fusa ag na Ballstáit cabhair a dheonú go tapa nuair a chomhlíontar na coinníollacha maidir le saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a theorannú;

62. á chur i bhfios go láidir gur den tábhacht é go leanfaidh an tAontas de bheith ina gheilleagar oscailte agus de thrádáil idirnáisiúnta shaor, chothrom, inbhuanaithe a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe na gcomhpháirtithe trádála uile; ag tacú, chuige sin, le hiarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh chun an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú agus ní mór é a bheith mar aidhm aige sin an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athbheochan agus a neartú, *inter alia*, tríd an dóigh ina n-oibríonn sí a nuachóiriú agus trí bhearnaí ina creat rialála a dhúnadh ionas go mbeidh sí in ann freagairt go leordhóthanach do dhúshláin reatha an bheartais trádála;

63. á iarraidh athuair ar an gCoimisiún Eorpach rialacha níos solúbtha agus níos éifeachtaí maidir le cúnamh poiblí a fhorbairt d'fhonn cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'aerfoirt réigiúnacha i gcomhréir le forálacha CFRE agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i réigiúin imeallacha, ar oileáin, sna réigiúin is forimeallaí nó i réigiúin bheagfhorbartha, ar réigiúin iad sin nach bhfuil rogha mhalartach atá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe ar fáil iontu ([4]).

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

---

([3]) Comhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh an 6 Deireadh Fómhair 2021 d'fhonn an leagan athbhreithnithe de Rialachán ginearálta na blocdhíolúine a ghlacadh sa chéad leath de 2022.

([4]) COTER-VII-010, COR-2021-00471-00-00 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Todhchaí na n-aerfort réigiúnach – dúshláin agus deiseanna.

**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Gné inscne chistí struchtúracha agus comhtháthaithe 2021-2027, ag díriú ar ullmhú na gclár oibríochtúil**

(2022/C 97/11)

**Rapóirtéir:** Donatella PORZI (IT/PES)

**MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

**Comhthéacs agus barúlacha ginearálta**

1. á athdhearbhú a thábhachtaí atá an beartas comhtháthaithe, arb iad a chuspóirí ginearálta forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus bearnaí forbartha idir na réigiúin éagsúla a laghdú chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a shaothrú;

2. á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur cheart comhionannas inscne a thuiscint mar seo a leanas: (1) bunphrionsabal atá ann i dtaca le reachtaíocht a bhaineann leis an mbeartas comhtháthaithe a thabhairt isteach; (2) critéar atá cothrománach chun cláir de chuid an bheartais chomhtháthaithe a tharraingt suas, (3) sprioc nach mór do na cláir a shaothrú, agus (4) fachtóir cumhachtach atá riachtanach chun forbairt inbhuanaithe agus chothrom an bheartais chomhtháthaithe a bhaint amach;

3. á chur in iúl go dtugtar aghaidh, den chuid is mó, ar an gcomhionannas inscne ar bhealach ginearálta agus go bhfuil sé teoranta do réimsí beartais Ciste Sóisialta na hEorpa Plus+, chomh maith leis an gcéim anailíse comhthéacs agus clársceidealaithe, agus gur gá níos mó airde a thabhairt ar bhonn rialta ar chéimeanna cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta;

4. á thabhairt le fios go bhfuil tairbhe le baint as an gcomhionannas inscne ní hamháin do mhná ach don tsochaí ina hiomláine, ós rud é gur spreagadh cumhachtach é don fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch, mar a thuairiscítear freisin i Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, lena gcuirtear i bhfios go láidir go gcuidíonn comhionannas inscne leis an bhfostaíocht agus leis an táirgiúlacht a mhéadú;

5. den tuairim láidir go ndéanfar na córais leasa shóisialta a neartú, go háirithe maidir le cúram agus leas máithreachais agus leanaí de bharr comhionannas inscne agus deiseanna comhionanna agus ní hamháin sin ach go mbeidh sé níos éasca gairm a chomhcheangal leis an teaghlach, rud a d'fhéadfadh ráta rannpháirtíochta na mban i margadh an tsaothair a mhéadú agus dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach dhéimeagrafach atá os comhair na hEorpa. Is bearta tábhachtacha iad tacú le teaghlaigh Eorpacha agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú chun fadhbanna inbhuanaitheachta na gcóras leasa shóisialta a mhaolú agus chun cabhrú le daoine óga iad féin a bhunú mar thuismitheoirí;

6. á aithint agus á thuiscint go ndearna na hinstitiúidí Eorpacha iarrachtaí chun príomhshruthú inscne a chur chun cinn, chomh maith leis an tábhacht a leagtar ar chuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach mar chuid de chreat reachtach agus clársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027, agus aird faoi leith á tabhairt ar na coinníollacha cumasúcháin agus ar an gcóras rianaithe i gcláir chaiteachais a bhaineann le cuspóirí sonracha;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha dó, thairis sin, go bhfuil ráta fostaíochta agus meántuarastal na mban fós chun deiridh orthu siúd i measc na bhfear faoi 12 phointe céatadáin agus 16 phointe céatadáin faoi seach (67,3 % i gcomparáid le 79 %), agus, de réir na hanailíse ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), gur tháinig laghdú ar fheidhmíocht na mBallstát ó 2012 i dtéarmaí comhionannas inscne a phríomhshruthú. Go deimhin, de réir EIGE arís, a rangaíonn príomhghnéithe an phríomhshruthaithe inscne ar scála ó 0 go 16, tháinig laghdú ó 8,4 in 2012 go 7,4 in 2018 ar an meánluach do na Ballstáit;

8. á chur in iúl gurb oth leis, ina theannta sin, nach n-áirítear i Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 bearta sonracha chun comhionannas inscne a phríomhshruthú i réimsí beartais uile an Aontais, agus á thabhairt le fios gur gá úsáid níos mó a bhaint as táscairí éifeachtacha chun an tionchar atá ag cur chun feidhme na straitéisí ar an gcomhionannas inscne a thomhas agus a mheasúnú;

9. ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún Eorpach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun fíor-chomhionannas inscne a áirithiú, ar cheart iad a shaothrú trí chur chuige déach lena gcomhcheanglaítear, ar thaobh amháin, tionscnaimh shonracha lena ndírítear ar éagothromaíochtaí sonracha a dhíothú agus, ar an taobh eile, príomhshruthú mar chur chuige cothrománach arna leathnú chuig gach beartas Eorpach;

10. á áthdhearbhú má táthar chun fíor-chomhionannas inscne a shaothrú, gur gá an sprioc sin a áireamh i ngach céim den phróiseas cinnteoireachta agus ina dhiaidh sin le linn chéim a chur chun feidhme: nuair a dhéanfar tosaíochtaí a oibriú amach, nuair a dhéanfar beartais a fhorbairt agus nuair a leithdháilfear acmhainní. Tá sé tábhachtach, chuige sin, go gcuirfidh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla cláir faoi réir na measúnuithe tionchair inscne iomchuí;

11. ag moladh, áfach, nár cheart don chur chuige i leith príomhshruthú inscne aird a tharraingt ó bhearta agus ó infheistíochtaí sonracha arb e is aidhm dóibh go sonrach deireadh a chur le cúiseanna an idirdhealaithe agus tacú le próisis a bhaineann le cumhachtú na mban, lena rannpháirtíocht a chur chun cinn agus le ról na mban sa tsochaí agus i saol na hoibre a neartú;

12. ag tathant, chuige sin, ar an gCoimisiún Eorpach úsáid níos mó a bhaint as na huirlisí a chuir EIGE ar fáil chun faireachán rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas a glacadh i réimse an chomhionannais inscne agus an chomhtháthaithe; mura leor na huirlisí sin, ag iarraidh go gcruthófaí uirlisí sonracha chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí nithiúla a baineadh amach lenar nascadh an comhionannas agus an comhtháthú;

13. den tuairim gur gá, i dtaca le prionsabal na rialála níos fearr, aird níos mó a thabhairt ar a áirithiú go mbeidh na bearta rialála a glacadh in ann fíorthionchar éifeachtach a imirt ar an timpeallacht shóisialta agus chultúrtha, ionas go mbeidh na ráthaíochtaí dlíthiúla a chorpraítear sa Chairt ina dinimic lena ndéanfar athrú struchtúrach ar an gcaidreamh inscne. Chun na críche sin, is gá reachtaíocht a dhréachtú lena scoirfear den tuairim gur astarraingt dhlíthiúil é an duine aonair, agus lena dhíreofar níos mó ar réaltacht nithiúil an idirdhealaithe sa tsochaí;

14. á chur in iúl nach mór aghaidh a thabhairt ar an bhfachtóir inscne agus ar an gcaidreamh atá aige leis an deighilt dhigiteach, agus nach mór infheistíocht níos mó a dhéanamh sa digiteáil, sa nuálaíocht dhigiteach agus sa nascacht dhigiteach. Ba cheart don bheartas comhtháthaithe tacú le rochtain chothrom ar oiliúint agus ar fhostaíocht do mhná agus d'fhir agus ba cheart é a bheith ina chuidiú lena áirithiú nach méadófar an bhearna idir na hinscní leis an aistriú cóir, an t-aistriú glas ná an t-aistriú digiteach.

15. ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach modheolaíocht a mholadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na gclár atá maoinithe ag an Aontas ar chomhionannas inscne, trí shonraí agus táscairí inscne-shonracha a chur ar fáil, i gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach is déanaí maidir le smacht buiséadach; dá bhrí sin, ag iarraidh go dtabharfaidh an Coimisiún isteach bearta oiliúna iomchuí chun cabhrú le húdaráis bhainistíochta na modheolaíochtaí nua sin a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr;

16. á chur i bhfáth ós rud é gur bhuail paindéim COVID-19 earnálacha ina bhfostaítear líon ard ban go mór, gur éirigh na neamhionannais inscne níos measa; Bíonn mná fostaithe níos minice i ngairmeacha a mbreathnaítear orthu go traidisiúnta mar "obair na mban", amhail cúram sláinte, earnáil na miondíola agus cúram leanaí. Fágadh na mná sin mar oibrithe túslíne le linn na paindéime, agus bhí baol an víris agus éifeachtaí na géarchéime i bhfad níos tromchúisí i gcás na mban sin. Taobh amuigh de na rátaí fostaíochta níos ísle, tá tionchar COVID-19 le feiceáil arís ar an gcomhionannas inscne sna deacrachtaí breise a bhí ag mná filleadh ar an obair nuair a tháinig deireadh leis na srianta, i gcomparáid le fir: dá bhrí sin, ní mór ionstraimí iomchuí a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na mná a chaill a bpost mar gheall ar na dianghlasála chun filleadh ar an obair, agus trí leas a bhaint as an taithí a fuarthas i ngéarchéimeanna roimhe seo;

17. den tuairim thar ionstraimí beartais uile an Aontais, gurb é an beartas comhtháthaithe a rannchuidíonn go háirithe leis an gcomhionannas inscne, ó thaobh scála a mhaoinithe agus chineál agus chur chun feidhme na gclár, á chur i bhfáth go háirithe sna réigiúin sin ina dtógann na cláir sciar suntasach den bhuiséad foriomlán, go mbraitheann tionchar na gclár ar chomhionannas inscne freisin ar an gcaoi a ndéantar cláir a cheapadh agus a chur chun feidhme;

18. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, agus go háirithe ar na Ballstáit, comhordú go dlúth leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus iad ag tarraingt suas na gcomhaontuithe comhpháirtíochta d'fhonn na dúshláin a bhaineann le beartais comhionannais inscne éifeachtacha ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach a chur san áireamh;

19. á chur i bhfios go gcuirtear deis ar fáil leis na cistí éagsúla a thagann faoin mbeartas comhtháthaithe chun bearta a chur chun feidhme lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn go díreach san fhostaíocht, sa chuimsiú sóisialta, san oideachas agus i gcúram leanaí, mar atá i gcás Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Ba cheart do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) rannchuidiú níos mó a dhéanamh sa réimse sin, lena n-áirítear infheistíocht agus seirbhísí chun tacú le fiontraíocht na mban, agus an bhearna idir na hinscní sa taighde agus nuálaíocht a laghdú agus rochtain ar bhonneagar fisiciúil, TFC agus sóisialta a fheabhsú;

20. ag iarraidh, dá bhrí sin, nach mbeidh Ciste Sóisialta na hEorpa freagrach go heisiach as rannchuidiú le comhionannas inscne, ciste atá dírithe go príomha ar dhaoine, ach go dtiocfaidh sé as na cistí uile, lena n-áirítear CFRE, a bhfuil a ghníomhaíocht dírithe den chuid is mó ar ghnólachtaí, agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), a bhfuil ról tábhachtach aige maidir le cur chun cinn fhorbairt na limistéar tuaithe agus intíre, a mbíonn saincheist níos suntasaí iontu go minic maidir le comhionannas inscne agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair; is gá sineirgí a fheabhsú idir an comhtháthú, cistí téarnaimh agus cláir eile ar imeall an bheartais chomhtháthaithe;

21. á athdhearbhú go láidir nach mór i mbeartas comhtháthaithe aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhionannais inscne agus rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, agus tosaíocht á tabhairt do na cuspóirí a bhaineann leo, ós rud é go mbeadh sé neamhréadúil go bhféadfaí comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú gan rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú agus deireadh a chur leis an idirdhealú agus neamhionannas pá a dhéanann difear dóibh;

22. den tuairim, mar thoradh air sin, gur cheart, i measc na bpríomhghnéithe ba cheart a chur san áireamh go cuí agus muid ag dul ar aghaidh, na bearta beartais inscne a aithint mar uirlis chun beartas comhtháthaithe a chur i gcrích go nithiúil; á chur in iúl gur díol sásaimh dó tionscnamh an Choimisiúin roinn shonrach maidir le comhionannas inscne a áireamh san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú;

23. ag moladh go ndéanfadh údaráis bhainistíochta na gclár arna gcómhaoiniú ag an Aontas Eorpach don tréimhse 2021-2027 tionscadail agus bearta a fhorbairt atá dírithe ar na nithe seo a leanas: (a) tacú le cothromaíocht oibre is saoil, borradh a chur faoi ghnólachtaí agus straitéisí tiomnaithe a fhorbairt san ionad oibre, (b) athimeascadh na mban a chaill a bpost de bharr COVID-19 a spreagadh; (c) seirbhísí cúraim a neartú agus a fheabhsú chun an t-ualach ar mhná a laghdú; (d) bearta sonracha, spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun mná a spreagadh chun dul isteach i réimsí gníomhaíochta inar fir formhór na ndaoine go traidisiúnta, e) steiréitíopaí inscne agus róil inscne a chomhrac agus idirdhealú agus ciapadh gnéasach agus ciapadh atá bunaithe ar inscne a chosc san ionad oibre; (f) scileanna sonracha agus saineolas gairmiúil a úsáid chun an próiseas iomlán maidir le príomhshruthú inscne a threorú (g) tacaíocht agus treoirlínte úsáideacha a sholáthar do thairbhithe cistí Eorpacha chun cabhrú leo gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú níos fearr sna réimsí éagsúla idirghabhála, idir bheartais fostaíochta agus thaighde agus fhorbairt, idir chosaint an chomhshaoil agus iompar poiblí agus teicneolaíochtaí digiteacha; (h) mná a spreagadh le bheith ina bhfiontraithe; (i) a chinntiú go gcuirfear san áireamh i ndearadh an bhonneagair an cuspóir maidir le sábháilteacht na mban a fheabhsú, (j) bearta a chur chun cinn chun comhoideachas a bhaint amach agus steiréitíopaí agus róil inscne i seomraí ranga a dhíothú; agus (k) deireadh a chur le léiriú gnéasaíoch na mban sna meáin;

24. ag moladh go n-oibreoidh na húdaráis bhainistíochta le linn na clárthréimhse 2021-2027 le chéile, go ndéanfaidh siad comhórdú agus go n-iarrfaidh siad tacaíocht ó chomhlachtaí comhionannais chun scileanna sonracha agus eolas sonrach a shealbhú chun gné na hinscne a chomhtháthú go córasach le linn an timthrialla maoinithe, i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gclár oibríochtúil, chun gur féidir tionchar na gclár sin a mheasúnú maidir le bearnaí inscne a laghdú le linn agus i ndiaidh a gcur chun feidhme;

25. ag iarraidh go ndéanfar meastóireacht níos leithne ar mhúnlaí maidir le heagrú na seirbhísí poiblí (e.g. iompar poiblí), agus maidir le scéimeanna tacaíochta i gcoitinne freisin, chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis na cuspóirí ó thaobh comhionannas inscne a chur chun cinn,

26. den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirfear gné na hinscne san áireamh freisin sna pleananna téarnaimh náisiúnta faoin ionstraim théarnaimh 'Next Generation EU', trí phrionsabail agus uirlisí an mheasúnaithe ar chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm ar a bpríomhthionscadail;

27. ag moladh go gcuirfí na sonraí agus an staidreamh is gá ar fáil do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla chun measúnuithe iomchuí a dhéanamh ar neamhionannais inscne atá ann cheana;

28. ag iarraidh go gcuirfí uirlisí amhail measúnú tionchair inscne agus buiséadú inscne a ionchorprú ar bhealach níos forleithne i gcláir Eorpacha, mar is annamh fós a úsáidtear iad faoi láthair;

29. ag tagairt don taithí a fuarthas sa tréimhse 2014-2020 maidir leis na pointí criticiúla seo a leanas gur chóir aird faoi leith a thabhairt orthu: (a) an bhearna idir ráitis oifigiúla agus dul chun cinn nithiúil; (b) an easpa eolas leordhóthanach maidir le conas príomhshruthú inscne a chur chun feidhme, go háirithe i dtaca le tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa; (c) an gá atá ann áit níos feiceálaí a thabhairt do chúrsaí inscne i socruithe a bhaineann le critéir roghnúcháin agus córais meastóireachta, (d) is inmhianaithe go mbeidh nasc níos láidre idir straitéisí náisiúnta agus bearta beartais chomhtháthaithe i réimse an chomhionannais inscne; agus (e) a úsáidí a bheadh sé córas rialachais a fhorbairt lena n-áiritheofar comhordú agus faireachán ar phríomhshruthú inscne;

30. á chur i bhfáth gur cheart do na húdaráis bhainistíochta smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú le comhlachtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i gcur chun cinn an chomhionannais inscne, agus gur cheart borradh a chur faoin oiliúint, faoin gcomhordú agus faoin meastóireacht, maidir le húdaráis bhainistíochta agus comhpháirtíochtaí araon.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# COISTE NA RÉIGIÚN

## AN 147ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR (CRUINNIÚ HIBRIDEACH AR *INTERACTIO*), 2021.12.1–2021.12.2

## Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Cur chuige Eorpach maidir leis an intleacht shaorga – Gníomh um an Intleacht Shaorga

**(tuairim athbhreithnithe)**

(2022/C 97/12)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir:** | Guido RINK (NL/PSE), Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Emmen |
| **Doiciméid tagartha:** | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Fostering a European approach to Artificial Intelligence* [Cur chuige Eorpach a chothú maidir leis an intleacht shaorga] (níl leagan Gaeilge ann)<br>COM(2021) 205<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais<br>COM(2021) 206 |

I. **MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE**

**Leasú 1**

Aithris 1

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Is é is cuspóir don Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna an Aontais. Leis an Rialachán seo, déantar roinnt cúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail a shaothrú, amhail ardleibhéal cosanta maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha, agus áirithítear leis saorghluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí IS-bhunaithe, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit srianta a fhorchur ar fhorbairt, margú agus úsáid córas intleachta saorga, ach amháin i gcás údarú sainráite ag an Rialachán seo. | Is é is cuspóir don Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ***agus cearta bunúsacha na saoránach a chosaint*** trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna an Aontais. Leis an Rialachán seo, déantar roinnt cúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail a shaothrú, amhail ardleibhéal cosanta maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha, agus áirithítear leis saorghluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí IS-bhunaithe, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit srianta a fhorchur ar fhorbairt, margú agus úsáid córas intleachta saorga, ach amháin i gcás údarú sainráite ag an Rialachán seo. |

*Cúis*

Is é atá i gceist leis an tagairt do chearta bunúsacha béim a leagan ar an nasc le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

**Leasú 2**

Aithris nua le cur isteach i ndiaidh Aithris 6

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Is próiseas leanúnach é sainiú na gcóras intleachta saorga, próiseas inar cheart an comhthéacs ina n-oibríonn an intleacht shaorga a chur san áireamh, inar cheart coinneáil bord ar bhord le forbairtí sochaíocha sa réimse seo agus nár cheart neamhaird a dhéanamh ann ar an nasc idir éiceachóras an bhairr feabhais agus éiceachóras na hiontaoibhe.*** |

*Cúis*

Tá gá le cur chuige oiriúnaitheach athraitheach chun dul chun cinn a dhéanamh san intleacht shaorga agus sa teicneolaíocht. Léiríonn an aithris seo gur cheart don sainmhíniú ar an intleacht shaorga athrú de réir mar a athraíonn an saol agus mar a athraíonn córais agus feidhmchláir na hintleachta saorga.

**Leasú 3**

Aithris 20

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun a áirithiú go n-úsáidtear na córais sin ar bhealach freagrach comhréireach, tá sé tábhachtach freisin a shuí gur cheart eilimintí áirithe a chur san áireamh i ngach ceann de na trí chás a liostaítear go cuimsitheach agus a sainítear go cúng, go háirithe a mhéid a bhaineann le nádúr an cháis ba chúis leis an iarraidh agus iarmhairtí na húsáide i leith chearta agus shaoirsí na ndaoine uile lena mbaineann agus na coimircí agus coinníollacha dá bhforáiltear leis an úsáid. Thairis sin, maidir le húsáid córas intleachta saorga le haghaidh cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí "fíor-ama" i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart í a bheith faoi réir teorainneacha ***iomchuí*** i dtaca le ham agus spás, ag féachaint go háirithe don fhianaise nó do na tásca maidir leis na bagairtí, na híospartaigh nó an déantóir. Ba cheart bunachar sonraí tagartha na ndaoine a bheith iomchuí lena úsáid i ngach ceann de na trí chás a luaitear thuas. | Chun a áirithiú go n-úsáidtear na córais sin ar bhealach freagrach comhréireach, tá sé tábhachtach freisin a shuí gur cheart eilimintí áirithe a chur san áireamh i ngach ceann de na trí chás a liostaítear go cuimsitheach agus a sainítear go cúng, go háirithe a mhéid a bhaineann le nádúr an cháis ba chúis leis an iarraidh agus iarmhairtí na húsáide i leith chearta agus shaoirsí na ndaoine uile lena mbaineann agus na coimircí agus coinníollacha dá bhforáiltear leis an úsáid. ***Ba cheart dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ábhartha roimh aon úsáid eisceachtúil a bhainfí as na córais sin.*** Thairis sin, maidir le húsáid córas intleachta saorga le haghaidh cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí "fíor-ama" i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart í a bheith faoi réir teorainneacha ***diana*** i dtaca le ham agus spás, ag féachaint go háirithe don fhianaise nó do na tásca maidir leis na bagairtí, na híospartaigh nó an déantóir. Ba cheart bunachar sonraí tagartha na ndaoine a bheith iomchuí lena úsáid i ngach ceann de na trí chás a luaitear thuas. |

*Cúis*

Níor cheart cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí "fíor-ama" a úsáid ar nós cuma liom.

**Leasú 4**

Aithris 21

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Maidir le gach úsáid de chianchóras sainaitheanta bithmhéadraí “fíor-ama” i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart di a bheith faoi réir údarú sonrach sainráite ag údarás breithiúnach nó ag údarás riaracháin neamhspleách Ballstáit. Ba cheart an t-údarú sin a fháil ***i bprionsabal*** sula n-úsáidfear an córas, ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil bonn cirt leo, is é sin, cásanna ina bhfuil sé dodhéanta go héifeachtúil agus go hoibiachtúil údarú a fháil sula n-úsáidfear an córas de thairbhe na húsáide sin. ***Sna cásanna práinneacha sin***, ba cheart an úsáid a theorannú don íosmhéid a bhfuil géarghá leis agus í a bheith faoi réir na gcoimircí agus na gcoinníollacha iomchuí, de réir mar a chinntear leis an dlí náisiúnta ***agus a shonraítear i gcomhthéacs gach cás práinneach ar leith ag an údarás forfheidhmithe dlí féin***. Ina theannta sin, ba cheart don údarás forfheidhmithe dlí féachaint le húdarú a fháil ***a luaithe is féidir sna cásanna sin, agus na cúiseanna nach rabhthas in ann é a iarraidh níos luaithe a thabhairt***. | Maidir le gach úsáid de chianchóras sainaitheanta bithmhéadraí “fíor-ama” i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart di a bheith faoi réir údarú sonrach sainráite ag údarás breithiúnach nó ag údarás riaracháin neamhspleách Ballstáit. Ba cheart an t-údarú sin a fháil sula n-úsáidfear an córas, ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil bonn cirt leo, is é sin, cásanna ina bhfuil sé dodhéanta go héifeachtúil agus go hoibiachtúil údarú a fháil sula n-úsáidfear an córas de thairbhe na húsáide sin. ***Ar aon nós***, ba cheart an úsáid a theorannú don íosmhéid a bhfuil géarghá leis agus í a bheith faoi réir na gcoimircí agus na gcoinníollacha iomchuí, de réir mar a chinntear leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart don údarás forfheidhmithe dlí ***na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha lena mbaineann a chur ar an eolas láithreach agus*** féachaint le húdarú a fháil ***ó na húdaráis inniúla***. |

***Cúis***

Is ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha atá an fhreagracht pholaitiúil agus riaracháin as na spásanna poiblí a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Ba cheart dóibh, dá bhrí sin, a bheith páirteach go cuí in úsáid na gcóras sin i spásanna poiblí. I gcásanna práinneacha nuair nach mbeadh sé réasúnach fanacht chun dul i gcomhairle leo roimh ré, ba cheart an t-údarás áitiúil nó réigiúnach lena mbaineann a chur ar an eolas láithreach faoi úsáid na gcóras bithmhéadrach sa spás poiblí.

**Leasú 5**

Aithris 39

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Le córais intleachta saorga a úsáidtear i mbainistíocht imirce, bainistíocht tearmainn agus bainistíocht rialaithe teorann, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear do dhaoine a bhíonn i riocht soghonta go minic agus a bhíonn ag brath ar thorthaí ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí inniúil. Dá bhrí sin, tá tábhacht ar leith ag baint le cruinneas, neamh-idirdhealaitheacht agus trédhearcacht na gcóras intleachta saorga a úsáidtear sna comhthéacsanna sin chun urramú chearta bunúsacha an duine a ndearnadh difear dóibh a ráthú, go háirithe maidir lena gcearta chun saorghluaiseachta, chun neamh-idirdhealú, chun an saol príobháideach agus sonraí pearsanta a chosaint, chun cosaint idirnáisiúnta a fháil agus chun dea-riaracháin. Is ***iomchuí***, dá bhrí sin, aicme ardriosca a thabhairt ar chórais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid ag na húdaráis phoiblí inniúla a bhfuil cúraimí orthu i réimse na bainistíochta imirce, tearmainn agus rialaithe teorann mar bhrathadóirí éithigh agus uirlisí comhchosúla nó chun staid mhothúchánach duine nádúrtha a bhrath; chun rioscaí áirithe a mheasúnú a bhaineann le daoine nádúrtha ag teacht isteach i gcríoch Bhallstáit nó ag déanamh iarratas ar víosa nó ar thearmann; chun fírinneacht dhoiciméad ábhartha na ndaoine nádúrtha a dheimhniú; chun cúnamh a thabhairt d'údaráis phoiblí inniúla i dtaca le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann, ar víosa nó ar cheadanna cónaithe agus na gearáin lena mbaineann maidir leis an gcuspóir incháilitheacht na ndaoine nádúrtha a bhfuil iarratas ar stádas á dhéanamh acu a dheimhniú. Maidir le córais intleachta saorga i réimse na bainistíochta imirce, tearmainn agus rialaithe teorann a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh na ceanglais nós imeachta ábhartha a chomhlíonadh a leagtar síos le Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le haon reachtaíocht ábhartha eile. | Le córais intleachta saorga a úsáidtear i mbainistíocht imirce, bainistíocht tearmainn agus bainistíocht rialaithe teorann, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear do dhaoine a bhíonn i riocht soghonta go minic agus a bhíonn ag brath ar thorthaí ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí inniúil. Dá bhrí sin, tá tábhacht ar leith ag baint le cruinneas, neamh-idirdhealaitheacht agus trédhearcacht na gcóras intleachta saorga a úsáidtear sna comhthéacsanna sin chun urramú chearta bunúsacha an duine a ndearnadh difear dóibh a ráthú, go háirithe maidir lena gcearta chun saorghluaiseachta, chun neamh-idirdhealú, chun an saol príobháideach agus sonraí pearsanta a chosaint, chun cosaint idirnáisiúnta a fháil agus chun dea-riaracháin. Is ***gá***, dá bhrí sin, aicme ardriosca a thabhairt ar chórais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid ag na húdaráis phoiblí inniúla a bhfuil cúraimí orthu i réimse na bainistíochta imirce, tearmainn agus rialaithe teorann mar bhrathadóirí éithigh agus uirlisí comhchosúla nó chun staid mhothúchánach duine nádúrtha a bhrath; chun rioscaí áirithe a mheasúnú a bhaineann le daoine nádúrtha ag teacht isteach i gcríoch Bhallstáit nó ag déanamh iarratas ar víosa nó ar thearmann; chun fírinneacht dhoiciméad ábhartha na ndaoine nádúrtha a dheimhniú; chun cúnamh a thabhairt d'údaráis phoiblí inniúla i dtaca le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann, ar víosa nó ar cheadanna cónaithe agus na gearáin lena mbaineann maidir leis an gcuspóir incháilitheacht na ndaoine nádúrtha a bhfuil iarratas ar stádas á dhéanamh acu a dheimhniú. Maidir le córais intleachta saorga i réimse na bainistíochta imirce, tearmainn agus rialaithe teorann a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh na ceanglais nós imeachta ábhartha a chomhlíonadh a leagtar síos le Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le haon reachtaíocht ábhartha eile. |

***Cúis***

Is é atá i gceist leis an leasú seo go gcuirtear in iúl gur gá na córais intleachta saorga lena mbaineann a chur faoi réir córas níos déine le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca.

**Leasú 6**

Aithris 43

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais ar chórais intleachta saorga ardriosca maidir le cáilíocht na dtacar sonraí a úsáidtear, doiciméadacht theicniúil agus coimeád taifead, trédhearcacht agus soláthar faisnéise d'úsáideoirí, formhaoirseacht dhaonna agus stóinseacht, cruinneas agus cibearshlándáil. Tá gá leis na ceanglais sin chun na rioscaí i dtaca leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus cearta bunúsacha a mhaolú go héifeachtach, de réir mar is infheidhme i bhfianaise na críche atá ***beartaithe don chóras***, agus nach bhfuil aon bheart trádála is lú srianadh ar fáil go réasúnta, chun srianta trádála nach bhfuil bonn cirt leo a sheachaint. | Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais ar chórais intleachta saorga ardriosca maidir le cáilíocht na dtacar sonraí a úsáidtear, doiciméadacht theicniúil agus coimeád taifead, trédhearcacht agus soláthar faisnéise d'úsáideoirí, formhaoirseacht dhaonna agus stóinseacht, cruinneas agus cibearshlándáil. Tá gá leis na ceanglais sin chun na rioscaí i dtaca leis an tsláinte***, an tsábháilteacht, slándáil sonraí, cearta tomhaltóirí*** agus cearta bunúsacha a mhaolú go héifeachtach, de réir mar is infheidhme i bhfianaise na críche atá ***leis an gcóras***, agus nach bhfuil aon bheart trádála is lú srianadh ar fáil go réasúnta, chun srianta trádála nach bhfuil bonn cirt leo a sheachaint. ***Ba cheart daoine nádúrtha nó grúpaí daoine a ndéanfar difear dóibh de thoradh córais ardriosca intleachta saorga a bheith curtha ar mhargadh an Aontais nó curtha i mbun seirbhíse ar shlí eile a chur ar an eolas ar bhealach atá iomchuí, so-rochtana agus sothuigthe, agus rochtain a bheith acu ar fhaisnéis fhollasach sho-rochtana atá ar fáil go poiblí ina mínítear go bhfuil siad faoi réir na gcóras sin.*** |

***Cúis***

Ba cheart na daoine nó na grúpaí daoine a bhféadfadh úsáid córas intleachta saorga ardriosca difear a dhéanamh dóibh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán, a chur faoi réir na gceanglas trédhearcachta agus faisnéise maidir le soláthraithe agus úsáideoirí. Tuigtear go háirithe le "sothuigthe" teanga atá sothuigthe agus so-rochtana ag an úsáideoir, lena n-áirítear teangacha labhartha agus teangacha comharthaíochta.

**Leasú 7**

Aithris nua a chur isteach i ndiaidh Aithris 44

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Staonfaidh soláthraithe na gcóras intleachta saorga ó aon bheart lena gcuirtear chun cinn ina gcóras bainistithe cáilíochta idirdhealú gan chúis bunaithe ar inscne, tionscnamh, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, nó idirdhealú ar aon fhoras eile.*** |

***Cúis***

Is gníomh de chuid an duine is bun le hidirdhealú neamhdhleathach. Ba cheart do sholáthraithe na gcóras intleachta saorga staonadh ó aon bhearta ina gcóras cáilíochta a bhféadfaí idirdhealú a chur chun cinn leo.

**Leasú 8**

Aithris 47

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun aghaidh a thabhairt ar an doiléireacht a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh córais intleachta saorga áirithe dothuigthe nó róchasta le haghaidh daoine nádúrtha, ba cheart ceangal a bheith ann maidir le ***méid áirithe*** trédhearcachta i ndáil le córais intleachta saorga ardriosca. Ba cheart úsáideoirí a bheith in ann aschur an chórais a léirmhíniú agus a úsáid go hiomchuí. Ba cheart, dá bhrí sin, doiciméadacht ábhartha agus treoracha maidir le húsáid a bheith ag gabháil le córais intleachta saorga ardriosca, ina gcumhdófaí faisnéis ghonta shoiléir, lena n-áirítear faisnéis i ndáil le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta bunúsacha agus maidir le hidirdhealú. | Chun aghaidh a thabhairt ar an doiléireacht a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh córais intleachta saorga áirithe dothuigthe nó róchasta le haghaidh daoine nádúrtha ***nó údaráis phoiblí ar gach leibhéal rialachais***, ba cheart ceangal a bheith ann maidir le ***leibhéal ard*** trédhearcachta i ndáil le córais intleachta saorga ardriosca. Ba cheart úsáideoirí a bheith in ann aschur an chórais a léirmhíniú agus a úsáid go hiomchuí. Ba cheart, dá bhrí sin, doiciméadacht ábhartha agus treoracha maidir le húsáid a bheith ag gabháil le córais intleachta saorga ardriosca, ina gcumhdófaí faisnéis ghonta shoiléir, lena n-áirítear faisnéis i ndáil le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta bunúsacha agus maidir le hidirdhealú. |

***Cúis***

Déantar cuntasacht na ndaoine sin a dhearann na córais intleachta saorga ardriosca a lagú nuair a úsáidtear na focail "méid áirithe trédhearcachta".

**Leasú 9**

Aithris 48

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart córais intleachta saorga ardriosca a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi gur féidir le daoine nádúrtha formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras sin. Chun na críche sin, ba cheart do sholáthraí an chórais bearta iomchuí maidir le maoirseacht dhaonna a shainaithint sula gcuirfear an córas ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Go sonrach, i gcás inarb iomchuí, ba cheart a ráthú leis na bearta sin go bhfuil an córas faoi réir srianta oibríochtúla ionsuite nach féidir leis an gcóras é féin a shárú agus atá freagrúil don oibreoir daonna, agus go bhfuil an inniúlacht, oiliúint agus údarás is gá ag na daoine nádúrtha ar sannadh an mhaoirseacht dhaonna orthu chun an ról sin a dhéanamh. | Ba cheart córais intleachta saorga ardriosca a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi gur féidir le daoine nádúrtha ***agus údaráis phoiblí ar gach leibhéal rialachais*** formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras sin. Chun na críche sin, ba cheart do sholáthraí an chórais bearta iomchuí maidir le maoirseacht dhaonna a shainaithint sula gcuirfear an córas ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Go sonrach, i gcás inarb iomchuí, ba cheart a ráthú leis na bearta sin go bhfuil an córas faoi réir srianta oibríochtúla ionsuite nach féidir leis an gcóras é féin a shárú agus atá freagrúil don oibreoir daonna, agus go bhfuil an inniúlacht, oiliúint agus údarás is gá ag na daoine nádúrtha ar sannadh an mhaoirseacht dhaonna orthu chun an ról sin a dhéanamh. |

***Cúis***

Féinmhínitheach.

**Leasú 10**

Aithris 67

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart an mharcáil CE a bheith ar chórais intleachta saorga ardriosca chun a shonrú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo sa dóigh is gur féidir leo gluaiseacht gan bhac laistigh den mhargadh inmheánach. Níor cheart do na Ballstáit constaicí ***éagóracha*** a chruthú maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus a bhfuil an mharcáil CE orthu, a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse. | Ba cheart an mharcáil CE a bheith ar chórais intleachta saorga ardriosca chun a shonrú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo sa dóigh is gur féidir leo gluaiseacht gan bhac laistigh den mhargadh inmheánach. Níor cheart do na Ballstáit constaicí a chruthú maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus a bhfuil an mharcáil CE orthu, a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse. ***Beidh sé de chumhacht ag na Ballstáit cleachtais intleachta saorga ardriosca agus córais intleachta saorga ardriosca a rialáil ar bhonn cúiseanna sáraitheacha a bhfuil bonn cirt leo a bhaineann le leasanna slándála poiblí agus náisiúnta.*** |

***Cúis***

Cé nár cheart do na Ballstáit bac a chur ar chur i bhfeidhm an Rialacháin, ba cheart dóibh a bheith in ann leas a bhaint as an gceart chun córais intleachta saorga ardriosca a rialáil i gcás ina mbeadh leasanna slándála poiblí agus náisiúnta i mbaol.

**Leasú 11**

Aithris 70

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Córais intleachta saorga áirithe atá beartaithe le hidirghníomhú le daoine nádúrtha nó le hinneachar a ghiniúint, d'fhéadfadh siad rioscaí sonracha a chothú maidir le pearsanú nó meabhlaireacht gan beann ar cé acu a bhfuil siad incháilithe mar ardriosca nó nach bhfuil. ***In imthosca áirithe, b***a cheart, dá bhrí sin, úsáid na gcóras sin a bheith faoi réir oibleagáidí sonracha trédhearcachta gan dochar do na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh córas intleachta saorga ardriosca. Go sonrach, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga***, ach amháin má tá an méid sin soiléir ó imthosca agus comhthéacs na húsáide***. Thairis sin, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha nuair atá siad neamhchosanta ar chóras aitheanta mothúcháin nó ar chóras catagóirithe bhithmhéadraigh. Ba cheart an fhaisnéis agus na fógraí sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Thairis sin, maidir le húsáideoirí a úsáideann córas intleachta saorga chun inneachar íomhá, fuaime nó físe a ghiniúint nó a láimhsiú atá an-chosúil le daoine, áiteanna nó imeachtaí atá ann cheana agus a mbeadh an chuma bhréige air do dhuine go bhfuil sé barántúil, ba cheart dóibh a nochtadh gur cruthaíodh nó gur láimhsíodh an t-inneachar go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. | Córais intleachta saorga áirithe atá beartaithe le hidirghníomhú le daoine nádúrtha nó le hinneachar a ghiniúint, d'fhéadfadh siad rioscaí sonracha a chothú maidir le pearsanú nó meabhlaireacht gan beann ar cé acu a bhfuil siad incháilithe mar ardriosca nó nach bhfuil. ***B***a cheart, dá bhrí sin, úsáid na gcóras sin a bheith faoi réir oibleagáidí sonracha trédhearcachta gan dochar do na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh córas intleachta saorga ardriosca. Go sonrach, ba cheart a chur in iúl ***go córasach*** do dhaoine nádúrtha go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga. Thairis sin, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha nuair atá siad neamhchosanta ar chóras aitheanta mothúcháin nó ar chóras catagóirithe bhithmhéadraigh. Ba cheart an fhaisnéis agus na fógraí sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Thairis sin, maidir le húsáideoirí a úsáideann córas intleachta saorga chun inneachar íomhá, fuaime nó físe a ghiniúint nó a láimhsiú atá an-chosúil le daoine, áiteanna nó imeachtaí atá ann cheana agus a mbeadh an chuma bhréige air do dhuine go bhfuil sé barántúil, ba cheart dóibh a nochtadh gur cruthaíodh nó gur láimhsíodh an t-inneachar go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. |

***Cúis***

Agus daoine nádúrtha ag idirghníomhú le córais intleachta saorga, níor cheart aon eisceacht a bheith ann ón gceanglas maidir le trédhearcacht agus fógra a thabhairt.

**Leasú 12**

Aithris 76

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach agus comhchuibhithe an Rialacháin seo a éascú, ba cheart Bord Eorpach um Intleacht Shaorga a bhunú. Ba cheart don Bhord a bheith freagrach as roinnt cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear tuairimí, moltaí, comhairle nó treoir a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann cheana i dtaca leis na ceanglais a bhunaítear sa Rialachán seo agus comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le ceisteanna áirithe a bhaineann leis an intleacht shaorga. | Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach agus comhchuibhithe an Rialacháin seo a éascú, ba cheart Bord Eorpach um Intleacht Shaorga a bhunú. Ba cheart don Bhord a bheith freagrach as roinnt cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear tuairimí, moltaí, comhairle nó treoir a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann cheana i dtaca leis na ceanglais a bhunaítear sa Rialachán seo agus comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le ceisteanna áirithe a bhaineann leis an intleacht shaorga. ***Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird Eorpaigh um Intleacht Shaorga leasanna shochaí na hEorpa a léiriú. Ba cheart don Bhord a bheith cothrom ó thaobh inscne de.*** |

***Cúis***

Ba cheart don Bhord Eorpach um Intleacht Shaorga leasanna ginearálta shochaí na hEorpa a léiriú go cuí. Ar na leasanna sin tá cearta an duine, an aeráid agus úsáid réasúnach fuinnimh na gcóras intleachta saorga, an tsábháilteacht, an cuimsiú sóisialta, an tsláinte, etc. Tá an chothromaíocht inscne ina réamhchoinníoll maidir leis an éagsúlacht agus tuairimí á n-eisiúint, treoirlínte á ndréachtú, etc.

**Leasú 13**

Aithris 77

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Tá ról lárnach ag na Ballstáit ó thaobh an ***Rialacháin*** seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ina thaobh sin, ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo. Chun éifeachtúlacht eagraíochta na mBallstát a fheabhsú agus chun pointe aonair teagmhála a shocrú i leith an phobail agus comhpháirtithe eile ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart údarás náisiúnta amháin a ainmniú i ngach Ballstát mar údarás maoirseachta náisiúnta. | Tá ról lárnach ag na Ballstáit ó thaobh an ***Rialachán*** seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ina thaobh sin, ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo. Chun éifeachtúlacht eagraíochta na mBallstát a fheabhsú agus chun pointe aonair teagmhála a shocrú i leith an phobail agus comhpháirtithe eile ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart údarás náisiúnta amháin a ainmniú i ngach Ballstát mar údarás maoirseachta náisiúnta. ***Tabharfar cúraimí maoirseachta nó forfheidhmithe do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcás ina measfaidh an Ballstát gurb iomchuí sin.*** |

***Cúis***

D'fhonn a áirithiú gur féidir an Rialachán agus an creat maoirseachta agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Bhallstát cúraimí maoirseachta nó forfheidhmithe a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, i gcás inar gá agus nuair is féidir.

**Leasú 14**

Aithris 79

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun a áirithiú go ndéantar na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú go hiomchuí agus go héifeachtach, ar reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais í, ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíontacht táirgí, ina iomláine, a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/1020. I gcás inar gá le haghaidh a sainordaithe, ba cheart d'údaráis ***náisiúnta phoiblí*** nó comhlachtaí náisiúnta poiblí, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, rochtain a bheith acu ar aon doiciméadacht a chruthaítear faoin Rialachán seo. | Chun a áirithiú go ndéantar na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú go hiomchuí agus go héifeachtach, ar reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais í, ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíontacht táirgí, ina iomláine, a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/1020. I gcás inar gá le haghaidh a sainordaithe, ba cheart d'údaráis nó comhlachtaí náisiúnta poiblí ***agus, i gcás inarb infheidhme, d'údaráis nó comhlachtaí áitiúla nó réigiúnacha***, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, rochtain a bheith acu ar aon doiciméadacht a chruthaítear faoin Rialachán seo. |

***Cúis***

Cuirtear san áireamh sa leasú seo na struchtúir éagsúla rialachais i mBallstáit an Aontais.

**Leasú 15**

Aithris 83

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. | Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal náisiúnta***, réigiúnach agus áitiúil***, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. |

***Cúis***

Cuirtear san áireamh sa leasú seo na struchtúir éagsúla rialachais i mBallstáit an Aontais.

**Leasú 16**

TEIDEAL I, Airteagal 3(1) – Sainmhínithe

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ciallaíonn "córas intleachta saorga" (córas IS) bogearraí a fhorbraítear de réir ceann amháin nó níos mó de na teicnící agus ***cur*** chuige a liostaítear in Iarscríbhinn I, bogearraí is féidir aschuir a ghiniúint amhail ábhar, tuartha, moltaí nó cinntí a imríonn tionchar ar na timpeallachtaí lena n-idirghníomhaíonn siad, le haghaidh sraith áirithe cuspóirí arna sainiú ag an duine; | ciallaíonn "córas intleachta saorga" (córas IS) bogearraí a fhorbraítear de réir ceann amháin nó níos mó de na teicnící agus ***cuir*** chuige a liostaítear ***(go neamh-uileghabhálach)*** in Iarscríbhinn I***, agus atá nasctha le cleachtais shóisialta, féiniúlacht agus cúltúr***, bogearraí is féidir aschuir a ghiniúint amhail ábhar, tuartha, moltaí nó cinntí a imríonn tionchar ar na timpeallachtaí lena n-idirghníomhaíonn siad, le haghaidh sraith áirithe cuspóirí arna sainiú ag an duine ***tríd an timpeallacht ina bhfuil sé a scrúdú trí bhíthin sonraí a bhailiú, na sonraí struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha a bailíodh a léirmhíniú, eolas a bhainistiú, nó an fhaisnéis a fhaightear ó na sonraí sin a phróiseáil***; |

*Cúis*

Is éard atá i gcóras intleachta saorga meascán de ghnéithe teicniúla lena nasctar sonraí, algartaim agus ríomhchumhacht le cleachtais shóisialta, leis an tsochaí, le féiniúlacht agus le cultúr. Ba cheart, dá bhrí sin, don sainmhíniú ar chomhiomlán síorathraitheach sochtheicniúil den sórt sin an aimsir a sheasamh agus ba cheart é a nuashonrú go rialta chun tionchar méadaitheach na hintleachta saorga ar an tsochaí a léiriú go cruinn, agus dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga a bhíonn ag síorathrú a shainaithint, lena n-áirítear an nasc idir bainistiú eolais agus an intleacht shaorga. Sa chomhthéacs seo, ba cheart algartam a forbraíodh as algartam eile a bheith faoi réir an Rialacháin freisin.

**Leasú 17**

Airteagal 5(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Toirmeascfar ar na cleachtais intleachta saorga seo a leanas: | Toirmeascfar ar na cleachtais intleachta saorga seo a leanas: |
| (a) córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é a gcuirtear teicnící fothairseachúla in úsáid nach bhfuil fios ag an duine orthu chun iompar an duine a shaobhadh go hábhartha ar mhodh is cúis le díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch don duine sin nó do dhuine eile, nó ar dócha gurb é is cúis leis sin; | (a) córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é ***in***a gcuirtear teicnící fothairseachúla in úsáid nach bhfuil fios ag an duine orthu chun iompar an duine a shaobhadh go hábhartha ar mhodh is cúis le díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch don duine sin nó do dhuine eile, nó ar dócha gurb é is cúis leis sin***, a sháraíonn nó ar dócha go sáróidh sé cearta bunúsacha duine eile nó grúpa daoine, lena n-áirítear a sláinte agus sábháilteacht fhisiciúil nó shíceolaíoch, a bhfuil nó ar dócha go mbeidh éifeacht dhochrach aige ar thomhaltóirí, lena n-áirítear caillteanas airgid nó idirdhealú eacnamaíoch, nó a bhaineann an bonn, nó ar dócha go mbainfidh sé an bonn, ón daonlathas agus ón smacht reachta***; |
| (b) córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é a théann i dtír ar aon cheann de leochaileachtaí atá ag grúpa sonrach daoine i ngeall ar a n-aois, ar a míchumas fisiciúil nó meabhrach, d'fhonn iompar duine a bhaineann leis an ngrúpa sin a shaobhadh go hábhartha ar mhodh is cúis le díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch don duine sin nó do dhuine eile, nó ar dócha gurb é is cúis leis sin; | (b) córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse nó a úsáid, ar córas é a théann i dtír ar aon cheann de leochaileachtaí atá ag grúpa sonrach daoine i ngeall ar a n-aois, ar a míchumas fisiciúil nó meabhrach, d'fhonn iompar duine a bhaineann leis an ngrúpa sin a shaobhadh go hábhartha ar mhodh is cúis le díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch don duine sin nó do dhuine eile, nó ar dócha gurb é is cúis leis sin; |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (c) maidir le córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid ag údaráis phoiblí nó é sin thar a gceann chun meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht daoine nádúrtha nó chun é a aicmiú thar thréimhse áirithe ama bunaithe ar a n-iompraíocht shóisialta nó a saintréithe pearsanta nó pearsantachta ar eolas nó tuartha, agus ***an scór sóisialta*** as a dtiocfaidh ***ceachtar díobh seo a leanas nó an dá cheann díobh seo a leanas:***<br>***(i) cóir dhíobhálach nó neamhfhabhrach a dhéanamh le daoine nádúrtha áirithe nó le grúpaí iomlána díobh i gcomhthéacsanna sóisialta nach mbaineann leis na comhthéacsanna inar gineadh nó inar bailíodh na sonraí i dtosach;***<br>***(ii) cóir dhíobhálach nó neamhfhabhrach a dhéanamh le daoine nádúrtha áirithe nó le grúpaí iomlána díobh nach bhfuil bonn cirt léi nó atá díréireach lena n-iompraíocht shóisialta lena thromchúis atá sí;*** | (c) maidir le córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid ag údaráis phoiblí nó é sin thar a gceann chun meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht daoine nádúrtha ***nó grúpaí daoine*** nó chun é a aicmiú thar thréimhse áirithe ama bunaithe ar a n-iompraíocht shóisialta nó a saintréithe pearsanta nó pearsantachta ar eolas nó tuartha, as a dtiocfaidh ***scóráil shóisialta bunaithe ar an intleacht shaorga le haghaidh cuspóir ginearálta;*** |
| (d) úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama i spásanna atá inrochtana don phobal chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ach amháin a mhéid agus atá géarghá le húsáid den sórt sin le haghaidh ceann de na cuspóirí seo a leanas:<br>(i) cuardach spriocdhírithe ar íospartaigh shonracha coireachta a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear leanaí ar iarraidh;<br>(ii) garbhagairt shonrach shubstaintiúil láithreach ar bheatha nó ar shábháilteacht fhisiciúil daoine nádúrtha nó ionsaí sceimhlitheoireachta a chosc;<br>(iii) déantóir ciona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle ([62]), nó duine atá faoi dhrochamhras ina leith, a bhrath, a logánú, a shainaithint nó a ionchúiseamh, ar cion is inphionóis sa Bhallstát lena mbaineann le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse trí bliana ar a laghad agus mar a shainmhínítear i ndlí an Bhallstáit sin. | (d) ***maidir le córas intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid ag údaráis phoiblí nó é sin thar a gceann, trí scóráil shóisialta bunaithe ar an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm gan formhaoirseacht dhaonna le haghaidh cuspóirí sonracha, is é sin i gcomhthéacsanna sóisialta nach mbaineann leis na comhthéacsanna inar gineadh nó inar bailíodh na sonraí i dtosach, chun meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht daoine nádúrtha nó grúpaí daoine nó chun é a aicmiú thar thréimhse áirithe ama bunaithe ar a n-iompraíocht shóisialta nó a saintréithe pearsanta nó pearsantachta ar eolas nó tuartha, leis an scór sóisialta as a dtiocfaidh cóir dhíobhálach nó neamhfhabhrach a dhéanamh le daoine nádúrtha áirithe nó le grúpaí iomlána díobh nach bhfuil bonn cirt léi nó atá díréireach lena n-iompraíocht shóisialta nó le tromchúis na hiompraíochta sin;*** |

([62]) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***(e)*** úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama i spásanna atá inrochtana don phobal chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, ach amháin a mhéid agus atá géarghá le húsáid den sórt sin le haghaidh ceann de na cuspóirí seo a leanas:<br>(i) cuardach spriocdhírithe ar íospartaigh shonracha coireachta a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear leanaí ar iarraidh;<br>(ii) garbhagairt shonrach shubstaintiúil láithreach ar bheatha nó ar shábháilteacht fhisiciúil daoine nádúrtha nó ionsaí sceimhlitheoireachta a chosc;<br>(iii) déantóir ciona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle ([62]), nó duine atá faoi dhrochamhras ina leith, a bhrath, a logánú, a shainaithint nó a ionchúiseamh, ar cion is inphionóis sa Bhallstát lena mbaineann le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse trí bliana ar a laghad agus mar a shainmhínítear i ndlí an Bhallstáit sin.<br>([62]) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1). |

***Cúis***

Is féidir le teicnící fothairseachúla, go ginearálta, an bonn a bhaint den tsaoirse, de chearta an duine agus, dá réir sin, d'fheidhmiú an smachta reachta dhaonlathaigh. Ag an am céanna, d'fhéadfadh an intleacht shaorga an bonn a bhaint de chearta tomhaltóirí. Is é an cuspóir leis an téacs breise ná an méid sin a shoiléiriú.

Maidir le haicmiú sóisialta a bheith in úsáid ag údaráis phoiblí nó thar a gceann, ba cheart toirmeasc a chur ar a leithéid más le haghaidh cuspóirí ginearálta atá sé, i bhfianaise na gcontúirtí a bhaineann le cleachtais den sórt sin, mar atá mínithe in Aithris 17. Níor cheart giniúint ná bailiú sonraí le haghaidh cuspóirí sonracha a cheadú ach amháin faoi fhormhaoirseacht dhaonna agus ar choinníoll nach sáraíonn sé an ceart chun dínite agus an ceart chun neamh-idirdhealú agus luachanna an chomhionannais agus an cheartais.

**Leasú 18**

Airteagal 5(4)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Féadfaidh Ballstát a chinneadh foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí “fíor-ama” a údarú go hiomlán nó i bpáirt i spásanna atá inrochtana don phobal chun críoch fhorfheidhmiú an dlí laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a liostaítear i míreanna 1, pointe (d), 2 agus 3. Leagfaidh an Ballstát sin síos ina dhlí náisiúnta na rialacha mionsonraithe is gá maidir leis na húdaruithe dá dtagraítear i mír 3 a iarraidh, a eisiúint agus a fheidhmiú mar aon le maoirseacht a bhaineann leis na húdaruithe sin. Maidir leis na cuspóirí a liostaítear i mír 1, pointe (d), lena n-áirítear na cionta coiriúla dá dtagraítear i bpointe (iii) de, sonrófar sna rialacha sin freisin cé acu cuspóirí sin agus cé acu cionta sin a fhéadfar na húdaráis inniúla a údarú ina leith chun na córais sin a úsáid chun críoch fhorfheidhmiú an dlí. | Féadfaidh Ballstát a chinneadh foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí “fíor-ama” a údarú go hiomlán nó i bpáirt i spásanna atá inrochtana don phobal chun críoch fhorfheidhmiú an dlí laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a liostaítear i míreanna 1, pointe (d), 2 agus 3. Leagfaidh an Ballstát sin síos ina dhlí náisiúnta na rialacha mionsonraithe is gá maidir leis na húdaruithe dá dtagraítear i mír 3 a iarraidh, a eisiúint agus a fheidhmiú mar aon le maoirseacht a bhaineann leis na húdaruithe sin. Maidir leis na cuspóirí a liostaítear i mír 1, pointe (d), lena n-áirítear na cionta coiriúla dá dtagraítear i bpointe (iii) de, sonrófar sna rialacha sin freisin cé acu cuspóirí sin agus cé acu cionta sin a fhéadfar na húdaráis inniúla a údarú ina leith chun na córais sin a úsáid chun críoch fhorfheidhmiú an dlí. ***Leagfar síos leis na rialacha sin na socruithe maidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha lena mbaineann a chur ar an eolas agus maidir leis an gcaoi le dul i gcomhairle leo. Rachfar i gcomhairle leo roimh aon úsáid eisceachtúil a bhainfear as na córais sin i spásanna poiblí. I gcásanna práinneacha nuair nach mbeadh sé réasúnach fanacht chun dul i gcomhairle leo roimh ré, cuirfear an t-údarás áitiúil nó réigiúnach lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi úsáid an chleachtais ábhartha intleachta saorga.*** |

***Cúis***

Is ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha atá an fhreagracht pholaitiúil agus riaracháin as na spásanna poiblí a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith in ann ionchur a sholáthar sula n-úsáidfear na cleachtais intleachta saorga sin agus ba cheart iad a chur ar an eolas go cuí maidir le haon úsáid eisceachtúil a bhainfí as na córais intleachta saorga chun an dlí a fhorfheidhmiú.

I gcásanna práinneacha nuair nach mbeadh sé réasúnach fanacht chun dul i gcomhairle leo roimh ré, cuirfear an t-údarás áitiúil nó réigiúnach lena mbaineann ar an eolas láithreach.

**Leasú 19**

Airteagal 13

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Airteagal ***13*** Trédhearcacht agus soláthar na faisnéise d’úsáideoirí | Airteagal ***13a*** Trédhearcacht agus soláthar na faisnéise d’úsáideoirí |
| 1. Déanfar córais ardriosca intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi is go n-áiritheofar go mbeidh a bhfeidhmiú trédhearcach go leor chun go mbeidh úsáideoirí in ann aschur an chórais a léirmhíniú agus é a úsáid mar is iomchuí. Áiritheofar cineál agus méid iomchuí trédhearcachta d’fhonn comhlíontacht an úsáideora agus an tsoláthraí lena n-oibleagáidí ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 3 den Teideal seo. | 1. Déanfar córais ardriosca intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi is go n-áiritheofar go mbeidh a bhfeidhmiú trédhearcach go leor chun go mbeidh úsáideoirí in ann aschur an chórais a léirmhíniú agus é a úsáid mar is iomchuí. Áiritheofar cineál agus méid iomchuí trédhearcachta ***agus míniú sothuigthe*** d’fhonn comhlíontacht an úsáideora agus an tsoláthraí lena n-oibleagáidí ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 3 den Teideal seo. ***Cuirfear an míniú sin ar fáil ar a laghad i dteanga na tíre ina bhfuil an córas intleachta saorga in úsáid.*** |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Beidh treoracha úsáide ag gabháil le córais intleachta saorga ardriosca i bhformáid dhigiteach iomchuí nó ar bhealach eile lena n-áireofar faisnéis ghonta, iomlán, cheart agus shoiléir a bheidh ábhartha, inrochtana agus sothuigthe d'úsáideoirí. | 2. Beidh treoracha úsáide ***inrochtana agus sothuigthe*** ag gabháil le córais intleachta saorga ardriosca i bhformáid dhigiteach iomchuí nó ar bhealach eile lena n-áireofar faisnéis ghonta, iomlán, cheart agus shoiléir a bheidh ábhartha, inrochtana agus sothuigthe d'úsáideoirí. |
| 3. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, sonrófar an méid seo a leanas: | 3. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2, sonrófar an méid seo a leanas: |
| (a) céannacht agus sonraí teagmhála an oibreora agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí údaraithe an oibreora; | (a) céannacht agus sonraí teagmhála an oibreora agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí údaraithe an oibreora; |
| (b) saintréithe, inniúlachtaí agus teorainneacha feidhmíochta an chórais intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear an méid seo a leanas: | (b) saintréithe, inniúlachtaí agus teorainneacha feidhmíochta an chórais intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear an méid seo a leanas: |
| (i) an chríoch atá beartaithe dó; | (i) an chríoch atá beartaithe dó; |
| (ii) an leibhéal cruinnis, stóinseachta agus cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 15, a ndearnadh an córas intleachta saorga ardriosca a thástáil agus a bhailíochtú ina leith agus ar féidir a bheith ag súil leis, agus aon imthosca atá ar eolas agus intuartha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leibhéal cruinnis, stóinseachta agus cibearshlándála a mheastar a bheith ann; | (ii) an leibhéal cruinnis ***(arna shloinneadh de réir an scála tomhais ábhartha maidir le samhlacha a mheas)***, stóinseachta agus cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 15, a ndearnadh an córas intleachta saorga ardriosca a thástáil agus a bhailíochtú ina leith agus ar féidir a bheith ag súil leis, agus aon imthosca atá ar eolas agus intuartha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leibhéal cruinnis, stóinseachta agus cibearshlándála a mheastar a bheith ann; |
| (iii) aon imthosca atá ar eolas nó intuartha, a bhaineann le húsáid an chórais intleachta saorga ardriosca i gcomhréir leis an gcríoch atá beartaithe dó nó faoi dhálaí mí-úsáide atá measartha intuartha, a bhféadfadh rioscaí a bheith ann mar thoradh air don tsláinte agus don tsábháilteacht, nó do chearta bunúsacha; | (iii) aon imthosca atá ar eolas nó intuartha, a bhaineann le húsáid an chórais intleachta saorga ardriosca i gcomhréir leis an gcríoch atá beartaithe dó nó faoi dhálaí mí-úsáide atá measartha intuartha, a bhféadfadh rioscaí a bheith ann mar thoradh air don tsláinte agus don tsábháilteacht, nó do chearta bunúsacha; |
| (iv) feidhmíocht an chórais a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí daoine a mbeartaítear an córas a úsáid orthu; | (iv) feidhmíocht an chórais a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí daoine a mbeartaítear an córas a úsáid orthu; |
| (v) nuair is iomchuí, sonraíochtaí le haghaidh na sonraí ionchuir, nó le haghaidh aon fhaisnéis ábhartha eile i dtéarmaí na dtacar sonraí oiliúna, bailíochtaithe agus tástála arna n-úsáid, agus an chríoch atá beartaithe don chóras intleacht shaorga á cur san áireamh. | (v) nuair is iomchuí, sonraíochtaí le haghaidh na sonraí ionchuir, nó le haghaidh aon fhaisnéis ábhartha eile i dtéarmaí na dtacar sonraí oiliúna, bailíochtaithe agus tástála arna n-úsáid, agus an chríoch atá beartaithe don chóras intleacht shaorga á cur san áireamh. |
| | ***(vi) na paraiméadair a úsáideadh chun an tsamhail agus na bearta arna ndéanamh a chur in oiriúint d'fhonn ró-oiriúnú agus tearc-oiriúnú a chosc.*** |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (c) na hathruithe ar an gcóras intleachta saorga ardriosca agus ar a fheidhmíocht arna réamhchinntiú ag an soláthraí tráth an mheasúnaithe comhréireachta tosaigh, más ann dó; | (c) na hathruithe ar an gcóras intleachta saorga ardriosca agus ar a fheidhmíocht arna réamhchinntiú ag an soláthraí tráth an mheasúnaithe comhréireachta tosaigh, más ann dó; |
| (d) na bearta formhaoirseachta daonna dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear na bearta teicniúla arna gcur i bhfeidhm chun léirmhíniú na n-úsáideoirí ar aschur na gcóras intleachta saorga a éascú; | (d) na bearta formhaoirseachta daonna dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear na bearta teicniúla arna gcur i bhfeidhm chun léirmhíniú na n-úsáideoirí ar aschur na gcóras intleachta saorga a éascú; |
| (e) saolré ionchasach an chórais intleachta saorga ardriosca agus aon bhearta cothabhála agus cúraim is gá chun feidhmiú cuí an chórais intleachta saorga sin a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le nuashonruithe bogearraí. | (e) saolré ionchasach an chórais intleachta saorga ardriosca agus aon bhearta cothabhála agus cúraim is gá chun feidhmiú cuí an chórais intleachta saorga sin a áirithiú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le nuashonruithe bogearraí. |
| | ***13b – Trédhearcacht agus faisnéis do dhaoine a ndéanfar difear dóibh*** |
| | ***Daoine nó grúpaí daoine a bhfuil sé beartaithe córais ardriosca intleachta saorga a úsáid maidir leo, cuirfear ar an eolas iad ar bhealach atá iomchuí, so-rochtana agus sothuigthe, agus beidh rochtain acu ar fhaisnéis fhollasach sho-rochtana atá ar fáil go poiblí ina mínítear an úsáid sin.*** |

***Cúis***

Chun éiceachóras na hiontaoibhe a neartú, ba cheart na treoracha úsáide maidir le córais intleachta saorga ardriosca a bheith so-rochtana agus ar fáil go poiblí. Ba cheart na treoracha sin a bheith scríofa i dteanga de chuid na tíre ina n-úsáidfear an córas intleachta saorga, agus iad a bheith sothuigthe don léitheoir.

Ar mhaithe le trédhearcacht agus "inmhínitheacht" na n-algartam, ba cheart a bheith in ann míniú a thabhairt ar na paraiméadair a úsáideadh chun an tsamhail a chur in oiriúint agus ar na bearta a rinneadh d'fhonn ró-oiriúnú agus tearc-oiriúnú a chosc.

Is é a leagtar síos le hAirteagal 13b oibleagáid maidir le trédhearcacht agus faisnéis i leith daoine a idirghníomhaíonn leis an gcóras intleachta saorga nó a bhféadfadh córas intleachta saorga difear a dhéanamh dóibh.

**Leasú 20**

Airteagal 14(4)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Trí na bearta dá dtagraítear i mír 3, maidir leis na daoine aonair a mbeidh formhaoirseacht dhaonna sannta dóibh, beidh siad in ann an méid seo a leanas a dhéanamh de réir mar is iomchuí sna himthosca: | Trí na bearta dá dtagraítear i mír 3, maidir leis na daoine aonair a mbeidh formhaoirseacht dhaonna sannta dóibh, beidh siad in ann an méid seo a leanas a dhéanamh de réir mar is iomchuí sna himthosca: |
| (a) tuiscint iomlán a fháil ar inniúlachtaí agus ar theorainneacha an chórais intleachta saorga ardriosca agus a bheith in ann faireachán cuí a dhéanamh ar oibriú an chórais sin, sa chaoi go mbeifear in ann aimhrialtachtaí, mífheidhmithe agus feidhmíocht gan choinne a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir; | (a) tuiscint iomlán a fháil ar inniúlachtaí agus ar theorainneacha an chórais intleachta saorga ardriosca agus a bheith in ann faireachán cuí a dhéanamh ar oibriú an chórais sin, sa chaoi go mbeifear in ann aimhrialtachtaí, mífheidhmithe agus feidhmíocht gan choinne a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir; |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (b) a bheith ar an eolas i gcónaí faoin gclaonadh a d'fhéadfadh a bheith ann brath go huathoibríoch ar an aschur arna tháirgeadh ag córas intleachta saorga lena mbaineann riosca ard ("claontacht uathoibrithe"), go háirithe i gcás córas intleachta saorga ardriosca a úsáidtear chun faisnéis nó moltaí a chur ar fáil do chinntí a bheidh le déanamh ag daoine nádúrtha; | (b) a bheith ar an eolas i gcónaí faoin gclaonadh a d'fhéadfadh a bheith ann brath go huathoibríoch ar an aschur arna tháirgeadh ag córas intleachta saorga lena mbaineann riosca ard ("claontacht uathoibrithe") ***agus faoi gach cineál eile claontachta***, go háirithe i gcás córas intleachta saorga ardriosca a úsáidtear chun faisnéis nó moltaí a chur ar fáil do chinntí a bheidh le déanamh ag daoine nádúrtha; |
| (c) a bheith in ann aschur an chórais intleachta saorga ardriosca a léirmhíniú i gceart, agus saintréithe an chórais agus na huirlisí agus na modhanna ateangaireachta atá ar fáil á gcur san áireamh go háirithe; | (c) a bheith in ann aschur an chórais intleachta saorga ardriosca a léirmhíniú i gceart, agus saintréithe an chórais agus na huirlisí agus na modhanna ateangaireachta atá ar fáil á gcur san áireamh go háirithe; |
| (d) a bheith in ann a chinneadh, in aon chás ar leith, gan úsáid a bhaint as an gcóras intleachta saorga ardriosca nó gan neamhaird a dhéanamh ar aon slí eile, aschur an chórais intleachta saorga ardriosca a shárú nó a aisiompú; | (d) a bheith in ann a chinneadh, in aon chás ar leith, gan úsáid a bhaint as an gcóras intleachta saorga ardriosca nó gan neamhaird a dhéanamh ar aon slí eile, aschur an chórais intleachta saorga ardriosca a shárú nó a aisiompú; |
| (e) a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh maidir le hoibriú an chórais intleachta saorga ardriosca nó an córas a idirbhriseadh trí chnaipe "stad" nó trí nós imeachta eile den chineál sin. | (e) a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh maidir le hoibriú an chórais intleachta saorga ardriosca nó an córas a idirbhriseadh trí chnaipe "stad" nó trí nós imeachta eile den chineál sin. |

***Cúis***

Tá cineálacha éagsúla claontachta a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú. Ar shamplaí díobh tá claontacht an dearthóra nó an úsáideora féin (claontacht shóisialta), claontacht maidir lenar réiteach oiriúnach ar an bhfadhb atá sa chóras intleachta saorga atá in úsáid (claontacht theicniúil) agus claontachtaí de chineál staidrimh.

**Leasú 21**

Airteagal 14 – mír nua le cur isteach i ndiaidh mhír 5

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Aon chinneadh arna dhéanamh ag córais intleachta saorga de réir an méid dá dtagraítear in Iarscríbhinn III (5)(a) agus (b), beidh sé faoi réir idirghabháil ón duine agus beidh sé bunaithe ar dhianphróiseas cinnteoireachta. Ráthófar rannpháirtíocht an duine sna cinntí sin.*** |

***Cúis***

Níl i gceist in Airteagal 14 ach formhaoirseacht dhaonna ar na córais intleachta saorga ardriosca. I gcás cinntí rialtais, tá sé tábhachtach a chur i bhfáth nach mór idirghabháil ón duine, teagmháil an duine agus urramú na nósanna imeachta a áirithiú.

**Leasú 22**

Airteagal 17(1) – pointí nua le cur isteach i ndiaidh phointe (m)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Cuirfidh soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca córas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an Rialachán seo. Déanfar an córas sin a dhoiciméadú ar bhealach córasach agus in ord, i bhfoirm beartais, nósanna imeachta agus treoracha i scríbhinn, agus beidh, ar laghad, na gnéithe seo a leanas san áireamh leis sin: | Cuirfidh soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca córas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an Rialachán seo. Déanfar an córas sin a dhoiciméadú ar bhealach córasach agus in ord, i bhfoirm beartais, nósanna imeachta agus treoracha i scríbhinn, agus beidh, ar laghad, na gnéithe seo a leanas san áireamh leis sin: |
| (a) straitéis maidir le comhlíonadh rialála, lena n-áirítear comhlíonadh na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus na nósanna imeachta chun modhnuithe ar na córais intleachta saorga a bhainistiú; | (a) straitéis maidir le comhlíonadh rialála, lena n-áirítear comhlíonadh na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus na nósanna imeachta chun modhnuithe ar na córais intleachta saorga a bhainistiú; |
| (b) teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le dearadh, rialú deartha agus fíorú deartha an chórais intleachta saorga ardriosca; | (b) teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le dearadh, rialú deartha agus fíorú deartha an chórais intleachta saorga ardriosca; |
| (c) teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le forbairt, rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta an chórais intleachta saorga ardriosca; | (c) teicnící, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí córasacha atá le húsáid maidir le forbairt, rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta an chórais intleachta saorga ardriosca; |
| (d) nósanna imeachta iniúchóireachta, scrúdaithe agus bailíochtaithe atá le déanamh roimh an gcóras intleachta saorga ardriosca a fhorbairt, lena linn agus ina dhiaidh, agus a mhinice is gá iad a dhéanamh; | (d) nósanna imeachta iniúchóireachta, scrúdaithe agus bailíochtaithe atá le déanamh roimh an gcóras intleachta saorga ardriosca a fhorbairt, lena linn agus ina dhiaidh, agus a mhinice is gá iad a dhéanamh; |
| (e) sonraíochtaí teicniúla, lena n-áirítear caighdeáin, atá le cur i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha i bhfeidhm ina n-iomláine, na modhanna atá le húsáid chun a áirithiú go gcomhlíonann an córas intleachta saorga ardriosca na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 2 den Teideal seo; | (e) sonraíochtaí teicniúla, lena n-áirítear caighdeáin, atá le cur i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha i bhfeidhm ina n-iomláine, na modhanna atá le húsáid chun a áirithiú go gcomhlíonann an córas intleachta saorga ardriosca na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 2 den Teideal seo; |
| (f) córais agus nósanna imeachta um bainistíocht sonraí, lena n-áirítear bailiú sonraí, anailísíocht sonraí, lipéadú sonraí, stóráil sonraí, scagadh sonraí, mianadóireacht sonraí, comhiomlánú sonraí, coinneáil sonraí agus aon oibríocht eile maidir leis na sonraí a fheidhmítear roimh chórais ardriosca intleachta saorga a chur ar an margadh agus a chur i mbun seirbhíse agus chun na gcríoch sin; | (f) córais agus nósanna imeachta um bainistíocht sonraí, lena n-áirítear bailiú sonraí, anailísíocht sonraí, lipéadú sonraí, stóráil sonraí, scagadh sonraí, mianadóireacht sonraí, comhiomlánú sonraí, coinneáil sonraí agus aon oibríocht eile maidir leis na sonraí a fheidhmítear roimh chórais ardriosca intleachta saorga a chur ar an margadh agus a chur i mbun seirbhíse agus chun na gcríoch sin; |
| (g) an córas bainistíochta riosca dá dtagraítear in Airteagal 9; | (g) an córas bainistíochta riosca dá dtagraítear in Airteagal 9; |
| (h) córas faireacháin iarmhargaidh a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le hAirteagal 61; | (h) córas faireacháin iarmhargaidh a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le hAirteagal 61; |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (i) nósanna imeachta a bhaineann le teagmhais thromchúiseacha agus mífheidhmiú a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 62; | (i) nósanna imeachta a bhaineann le teagmhais thromchúiseacha agus mífheidhmiú a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 62; |
| (j) cumarsáid le húdaráis inniúla náisiúnta, le húdaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis earnála, a láimhseáil, trí rochtain a thabhairt ar shonraí nó trí thacú léi, le comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh, le hoibreoirí eile, le custaiméirí nó le páirtithe leasmhara eile; | (j) cumarsáid le húdaráis inniúla náisiúnta, le húdaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis earnála, a láimhseáil, trí rochtain a thabhairt ar shonraí nó trí thacú léi, le comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh, le hoibreoirí eile, le custaiméirí nó le páirtithe leasmhara eile; |
| (k) córais agus nósanna imeachta maidir le taifid a choimeád ar gach doiciméad agus faisnéis ábhartha; | (k) córais agus nósanna imeachta maidir le taifid a choimeád ar gach doiciméad agus faisnéis ábhartha; |
| (l) bainistiú acmhainní, lena n-áirítear bearta a bhaineann le slándáil an tsoláthair; | (l) bainistiú acmhainní, lena n-áirítear bearta a bhaineann le slándáil an tsoláthair; |
| (m) creat cuntasachta lena leagtar amach freagrachtaí na bainistíochta agus na foirne eile maidir le gach gné a liostaítear sa mhír seo. | (m) creat cuntasachta lena leagtar amach freagrachtaí na bainistíochta agus na foirne eile maidir le gach gné a liostaítear sa mhír seo; |
| | ***(n) bearta chun idirdhealú gan chúis atá bunaithe ar ghnéas, bunadh eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, nó ar aon fhoras eile, a chosc;*** |
| | ***(o) míniú ar an gcaoi ar cuireadh saincheisteanna eiticiúla san áireamh agus an córas intleachta saorga ardriosca á dhearadh.*** |

***Cúis***

Cuirtear i bhfios go láidir leis an téacs breise seo gur cheart go mbeadh an chuimsitheacht agus an comhrac i gcoinne idirdhealú gan chúis ina ngnéithe tábhachtacha den chóras cáilíochta.

Ba cheart don chóras déanamh de réir na luachanna eiticiúla is mian le húsáideoir an chórais intleachta saorga a bhunú le haghaidh an chórais sin nó a bhféadfadh an soláthraí glacadh leis go réasúnach go mbunófaí iad maidir le córas intleachta saorga ardriosca. Is gá don soláthraí a bheith in ann a mhíniú conas a cuireadh an méid sin san áireamh.

**Leasú 23**

Airteagal 19(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Déanfaidh soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca a áirithiú go gcuirtear an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta i bhfeidhm ar a gcórais i gcomhréir le hAirteagal 43 sula gcuirfear ar an margadh iad nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse iad. I gcás inar léiríodh comhlíontacht na gcóras intleachta saorga leis na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 2 den Teideal seo tar éis an mheasúnaithe comhréireachta sin, tarraingeoidh na soláthraithe suas dearbhú comhréireachta AE i gcomhréir le hAirteagal 48 agus déanfaidh siad an mharcáil comhréireachta CE a ghreamú de i gcomhréir le hAirteagal 49. | Déanfaidh soláthraithe córas intleachta saorga ardriosca a áirithiú go gcuirtear an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta i bhfeidhm ar a gcórais i gcomhréir le hAirteagal 43 sula gcuirfear ar an margadh iad nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse iad. I gcás inar léiríodh comhlíontacht na gcóras intleachta saorga leis na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 2 den Teideal seo tar éis an mheasúnaithe comhréireachta sin, tarraingeoidh na soláthraithe suas dearbhú comhréireachta AE i gcomhréir le hAirteagal 48 agus déanfaidh siad an mharcáil comhréireachta CE a ghreamú de i gcomhréir le hAirteagal 49. ***Déanfaidh soláthraithe na gcóras intleachta saorga ardriosca dearbhú comhréireachta AE maille le hachoimre ar an measúnú comhréireachta a fhoilsiú in áit atá inrochtana don phobal.*** |

***Cúis***

D'fhonn an iontaoibh as na córais intleachta saorga a neartú, ní mór do sholáthraithe na gcóras intleachta saorga ardriosca a bheith trédhearcach. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an pobal in ann a sheiceáil go ndearnadh an measúnú comhréireachta mar is ceart i gcomhréir le rialacha an Rialacháin.

**Leasú 24**

Airteagal 29, mír nua le cur isteach i ndiaidh mhír 6

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Beidh úsáideoirí córas intleachta saorga ardriosca freagrach as measúnú eiticiúil a dhéanamh sula gcuirfear an córas in úsáid. Beidh siad in ann míniú a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid na teicneolaíochta sin ar dhaoine agus ar an tsochaí. Sonróidh siad an chríoch atá beartaithe acu maidir le húsáid an chórais intleachta saorga, na luachanna uileghabhálacha, an chaoi a ndearnadh na luachanna sin a ualú agus cibé a cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme iad sa chóras. Déanfaidh siad measúnú ar thionchar iarbhír an chórais ar dhaoine agus ar an tsochaí feadh shaolré an chórais intleachta saorga.*** |

***Cúis***

Is coincheap leathan atá san eitic. Is féidir eitic na teicneolaíochta a chleachtadh ar an iliomad bealach, bainfeadh sin leis na bunúis theoiriciúla nó leis na modheolaíochtaí, uirlisí agus luachanna deartha praiticiúla. Cuireann daoine áirithe agus grúpaí daoine áirithe an-bhéim ar luachanna, bídís ina luachanna sonracha nó ina luachanna coincheapúla. Tá sé tábhachtach an réimse luachanna morálta a d'fhéadfaí a chur chun feidhme a chaomhnú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar shaolré an chórais intleachta saorga.

**Leasú 25**

Airteagal 52(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Maidir le córais intleachta saorga atá ceaptha idirghníomhú le daoine nádúrtha, áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar na córais sin a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a chuirfidh daoine nádúrtha ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga***, ach amháin más léir sin ó na himthosca agus ó chomhthéacs na húsáide***. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga arna n-údarú leis an dlí cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ach amháin má bhíonn na córais sin ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú. | Maidir le córais intleachta saorga atá ceaptha idirghníomhú le daoine nádúrtha, áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar na córais sin a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a chuirfidh daoine nádúrtha ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga arna n-údarú leis an dlí cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ach amháin má bhíonn na córais sin ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú. ***Ní bheidh réimse roghanna ná seasamh dlíthiúil na ndaoine nádúrtha a idirghníomhaíonn le córais intleachta saorga teoranta de thoradh na hidirghníomhaíochta sin.*** |

***Cúis***

I gcás ina n-úsáidfí uirlisí teicneolaíochta mar mheán idirghníomhaithe le daoine nádúrtha, d'fhéadfadh sé go mbeadh an baol ann go gcuirfí teorainn leis na roghanna a dhéanfadh na daoine nádúrtha atá ag idirghníomhú leis na huirlisí sin. Ba cheart daoine nádúrtha a chur ar an eolas go cuí i gcónaí nuair a bhíonn teagmháil acu le córais intleachta saorga agus níor cheart é sin a bheith faoi réir tuiscint a fháil ar chás ar leith. Ba cheart cearta daoine nádúrtha a ráthú i gcónaí agus iad ag idirghníomhú le córais intleachta saorga.

**Leasú 26**

Airteagal 57(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Is éard a bheidh sa Bhord na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, a ndéanfaidh ceann an údaráis sin nó oifigeach ardleibhéil coibhéiseach de chuid an údaráis sin ionadaíocht orthu, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Féadfar cuireadh a thabhairt d'údaráis náisiúnta eile le freastal ar na cruinnithe, i gcás ina mbaineann na hábhair a phléifear leo. | Is éard a bheidh sa Bhord na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, a ndéanfaidh ceann an údaráis sin nó oifigeach ardleibhéil coibhéiseach de chuid an údaráis sin ionadaíocht orthu, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Féadfar cuireadh a thabhairt d'údaráis náisiúnta***, réigiúnacha agus áitiúla*** eile le freastal ar na cruinnithe, i gcás ina mbaineann na hábhair a phléifear leo. |

***Cúis***

Ba cheart an deis a bheith ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha páirt a ghlacadh san fhaireachán a dhéantar ar chórais intleachta saorga agus tuairisciú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.

**Leasú 27**

Airteagal 58

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Le linn dó comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún i gcomhthéacs Airteagal 56(2), déanfaidh an Bord an méid seo a leanas go háirithe: | Le linn dó comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún i gcomhthéacs Airteagal 56(2), déanfaidh an Bord an méid seo a leanas go háirithe: |
| (a) saineolas agus dea-chleachtais a bhailiú agus a roinnt idir na Ballstáit; | (a) saineolas agus dea-chleachtais a bhailiú agus a roinnt idir na Ballstáit***, agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha***; |
| (b) rannchuidiú le cleachtais riaracháin aonfhoirmeacha sna Ballstáit, lena n-áirítear le haghaidh feidhmiú na mboscaí gainimh rialála dá dtagraítear in Airteagal 53; | (b) rannchuidiú le cleachtais riaracháin aonfhoirmeacha sna Ballstáit, lena n-áirítear le haghaidh feidhmiú na mboscaí gainimh rialála dá dtagraítear in Airteagal 53; |
| (c) tuairimí, moltaí nó aighneachtaí i scríbhinn a eisiúint maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas | (c) tuairimí, moltaí nó aighneachtaí i scríbhinn a eisiúint maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas |
| (i) sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann faoi láthair i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach i dTeideal III, Caibidil 2,<br>(ii) caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 a úsáid,<br>(iii) doiciméid treorach a ullmhú, lena n-áirítear na treoirlínte maidir le fíneálacha riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 71 a shocrú. | (i) sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann faoi láthair i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach i dTeideal III, Caibidil 2,<br>(ii) caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 a úsáid,<br>(iii) doiciméid treorach a ullmhú, lena n-áirítear na treoirlínte maidir le fíneálacha riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 71 a shocrú. |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|

*Cúis*

Is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is gaire don phobal áitiúil agus do na geilleagair áitiúla. Ba cheart dóibh a bheith san áireamh go follasach a fhad a bhaineann sé leis an eolas atá acu a roinnt.

**Leasú 28**

Airteagal 59(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Bunóidh nó ainmneoidh gach Ballstát údaráis inniúla náisiúnta chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú. Eagrófar údarás inniúil náisiúnta sa chaoi go gcaomhnófar oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a gcuid gníomhaíochtaí agus cúraimí. | Bunóidh nó ainmneoidh gach Ballstát údaráis inniúla náisiúnta chun cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú. Eagrófar údarás inniúil náisiúnta sa chaoi go gcaomhnófar oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a gcuid gníomhaíochtaí agus cúraimí. ***Tabharfar de chumhacht do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cúraimí maoirseachta nó forfheidhmithe a chur i gcrích i gcás ina measfaidh an Ballstát gurb iomchuí sin.*** |

*Cúis*

D'fhonn a áirithiú gur féidir an Rialachán agus an creat maoirseachta agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm, ba cheart don Bhallstát a bheith in ann an chumhacht a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, i gcás inar gá agus nuair is féidir, cúraimí maoirseachta nó forfheidhmithe a chur i gcrích. Sa chomhthéacs sin, ní mór tacaíocht agus oiliúint a chur ar fháil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le go mbeidh lánchumhacht acu cúraimí maoirseachta nó forfheidhmithe a chur i gcrích.

**Leasú 29**

Airteagal 69(3)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Féadfaidh soláthraithe aonair córas intleachta saorga, nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu, nó iad araon, cóid iompair a tharraingt suas, lena n-áirítear i dteannta rannpháirtíocht úsáideoirí agus aon pháirtí leasmhar agus a eagraíocht ionadaíoch. Féadfar córas intleachta saorga amháin nó níos mó a chumhdach le cóid iompair, agus aird á tabhairt ar chosúlacht chuspóir beartaithe na gcóras ábhartha. | Féadfaidh ***údaráis náisiúnta, áitiúla nó réigiúnacha,*** soláthraithe aonair córas intleachta saorga, nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu, nó iad araon, cóid iompair a tharraingt suas, lena n-áirítear i dteannta rannpháirtíocht úsáideoirí agus aon pháirtí leasmhar agus a eagraíocht ionadaíoch. Féadfar córas intleachta saorga amháin nó níos mó a chumhdach le cóid iompair, agus aird á tabhairt ar chosúlacht chuspóir beartaithe na gcóras ábhartha. |

*Cúis*

Ba cheart an chumhacht dhlíthiúil a thabhairt do na húdaráis náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha cóid iompair a tharraingt suas maidir leis na córais intleachta saorga a d'fhorbair siad nó a úsáideann siad.

**Leasú 30**

IARSCRÍBHINN I – Teicnící agus cuir chuige intleachta saorga dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe 1

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Ag féachaint do staid reatha na heolaíochta, áirítear san intleacht shaorga na teicnící agus na modhanna seo a leanas:*** |
| (a) Cuir chuige meaisínfhoghlama, lena n-áirítear foghlaim faoi mhaoirseacht, foghlaim neamh-mhaoirsithe agus foghlaim trí atreisiúcháin, trí réimse modhanna lena n-áirítear an domhainfhoghlaim; | (a) Cuir chuige meaisínfhoghlama, lena n-áirítear foghlaim faoi mhaoirseacht, foghlaim neamh-mhaoirsithe agus foghlaim trí atreisiúcháin, trí réimse modhanna lena n-áirítear an domhainfhoghlaim; |
| (b) Cuir chuige loighicbhunaithe agus eolasbhunaithe, lena n-áirítear léiriú ar eolas, ríomhchlárú ionduchtach (loighciúil), bunachair eolais, innill infeiris agus asbhainte, córais réasúnaíochta agus shaineolacha (siombalach); | (b) Cuir chuige loighicbhunaithe agus eolasbhunaithe, lena n-áirítear léiriú ar eolas, ríomhchlárú ionduchtach (loighciúil), bunachair eolais, innill infeiris agus asbhainte, córais réasúnaíochta agus shaineolacha (siombalach); |
| (c) Cuir chuige staidrimh, meastachán Bayes, modhanna cuardaigh agus optamúcháin. | (c) Cuir chuige staidrimh, meastachán Bayes, modhanna cuardaigh agus optamúcháin. |

***Cúis***

Ba cheart don sainmhíniú agus an liosta de theicnící intleachta saorga an aimsir a sheasamh. Ní liosta uileghabhálach ba cheart a bheith sa liosta de theicnící agus cuir chuige shonracha a úsáidtear chun córais intleachta saorga a fhorbairt agus ba cheart an liosta sin a bheith bunaithe go soiléir ar an staid eolaíoch mar atá faoi láthair.

**Leasú 31**

Iarscríbhinn III, 1-5

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Is iad na córais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6(2) na córais intleachta saorga a liostaítear in aon cheann de na réimsí seo a leanas: | Is iad na córais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6(2) na córais intleachta saorga a liostaítear in aon cheann de na réimsí seo a leanas: |
| 1. Sainaithint bhithmhéadrach agus catagóiriú daoine nádúrtha: | 1. Sainaithint bhithmhéadrach agus catagóiriú daoine nádúrtha: |
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh cian-sainaithint bhithmhéadrach “fíor-ama” agus “iar-aimseartha” daoine nádúrtha; | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh cian-sainaithint bhithmhéadrach “fíor-ama” agus “iar-aimseartha” daoine nádúrtha; |
| 2. Bonneagar criticiúil a bhainistiú agus a oibriú: | 2. Bonneagar criticiúil a bhainistiú agus a oibriú: |
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid mar chomhpháirteanna sábháilteachta i mbainistíocht agus in oibriú tráchta bóthair agus i soláthar uisce, gáis, téimh agus leictreachais. | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid mar chomhpháirteanna sábháilteachta i mbainistíocht agus in oibriú tráchta bóthair agus i soláthar uisce, gáis, téimh agus leictreachais***, agus sa bhonneagar teileachumarsáide, dáilte uisce agus idirlín***. |

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 3. Oideachas agus gairmoiliúint: | 3. Oideachas agus gairmoiliúint: |
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun rochtain ar institiúidí oideachais agus gairmoiliúna a chinneadh nó chun daoine nádúrtha a shannadh orthu; | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun rochtain ar institiúidí oideachais agus gairmoiliúna a chinneadh nó chun daoine nádúrtha a shannadh orthu; |
| (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn in institiúidí oideachais agus gairmoiliúna agus chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtithe i scrúduithe a bhfuil gá coitianta leo chun cead isteach in institiúidí oideachais a fháil. | (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn in institiúidí oideachais agus gairmoiliúna agus chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtithe i scrúduithe a bhfuil gá coitianta leo chun cead isteach in institiúidí oideachais a fháil. |
| 4. Fostaíocht, bainistiú fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht: | 4. Fostaíocht, bainistiú fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht: |
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun daoine nádúrtha a earcú nó a roghnú, go háirithe chun folúntais a fhógairt, scagthástáil nó scagadh a dhéanamh ar iarratais agus chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí le linn agallaimh nó scrúduithe; | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun daoine nádúrtha a earcú nó a roghnú, go háirithe chun folúntais a fhógairt, scagthástáil nó scagadh a dhéanamh ar iarratais agus chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí le linn agallaimh nó scrúduithe; |
| (b) Intleacht shaorga atá beartaithe lena húsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le caidrimh chonarthacha a chur chun cinn agus a fhoirceannadh, ar caidrimh chonarthacha iad a bhaineann leis an obair, chun tascanna a leithdháileadh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar iompraíocht daoine i gcaidrimh den sórt sin. | (b) Intleacht shaorga atá beartaithe lena húsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le caidrimh chonarthacha a chur chun cinn agus a fhoirceannadh, ar caidrimh chonarthacha iad a bhaineann leis an obair, chun tascanna a leithdháileadh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar iompraíocht daoine i gcaidrimh den sórt sin. |
| 5. Rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha príobháideacha agus ar sheirbhísí poiblí agus sochair phoiblí agus tairbhiú díobh: | 5. Rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha príobháideacha agus ar sheirbhísí poiblí agus sochair phoiblí agus tairbhiú díobh: |
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid ag údaráis phoiblí nó thar ceann údaráis phoiblí chun meastóireacht a dhéanamh ar incháilitheacht daoine nádúrtha le haghaidh sochair agus seirbhísí cúnaimh phoiblí, agus chun sochair agus seirbhísí den sórt sin a dheonú, a laghdú, a chúlghairm, nó a aiséileamh; | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid ag údaráis phoiblí nó thar ceann údaráis phoiblí chun meastóireacht ***agus cinneadh*** a dhéanamh ar incháilitheacht daoine nádúrtha le haghaidh sochair agus seirbhísí cúnaimh phoiblí, agus chun sochair agus seirbhísí den sórt sin a dheonú, a laghdú, a chúlghairm, nó a aiséileamh; |
| (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun ***meastóireacht a dhéanamh ar*** acmhainneacht chreidmheasa daoine nádúrtha nó ***chun*** a scór creidmheasa a ***bhunú***, cé is moite de chórais intleachta saorga a chuireann soláthraithe ar mhionscála i mbun seirbhíse le haghaidh a n-úsáide féin; | (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun acmhainneacht chreidmheasa daoine nádúrtha nó a scór creidmheasa a ***chinneadh***, cé is moite de chórais intleachta saorga a chuireann soláthraithe ar mhionscála i mbun seirbhíse le haghaidh a n-úsáide féin; |
| (c) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun seirbhísí céadfhreagartha éigeandála a sheoladh, nó chun tosaíocht a bhunú agus seirbhísí céadfhreagartha éigeandála á seoladh, lena n-áirítear ag comhraiceoirí dóiteáin agus cúnamh leighis. | (c) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun seirbhísí céadfhreagartha éigeandála a sheoladh, nó chun tosaíocht a bhunú agus seirbhísí céadfhreagartha éigeandála á seoladh, lena n-áirítear ag comhraiceoirí dóiteáin agus cúnamh leighis. |

***Cúis***

Is cuid lárnach den bhonneagar criticiúil é an bonneagar teileachumarsáide, dáilte uisce agus idirlín.

Braitheann aicmiú na gcóras ardriosca ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na córais sin do na saoránaigh. Níl ardriosca i gceist le meastóireacht anailíseach agus theoiriciúil ar incháilitheacht daoine le haghaidh sheirbhísí na n-údarás poiblí. Tríd an bhfocal "cinneadh" a chur isteach sa téacs mar chomhlánú ar "meastóireacht", cuirtear i bhfios go láidir go mbíonn an baol sin ann agus cinneadh á dhéanamh, go háirithe do na daoine lena mbaineann.

II. **MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

### Éiceachóras an bhairr feabhais

1. á chur i bhfáth nach féidir, gan ról suntasach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, sprioc an Choimisiúin a bhaint amach, mar atá, ceannaire domhanda a dhéanamh den Aontas Eorpach i bhforbairt fhreagrach agus dhuinelárnach na hintleachta saorga. Is iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is fearr atá in ann cabhrú chun timpeallacht a chruthú a bheadh dírithe ar bhorradh a chur faoin infheistíocht san intleacht shaorga sna blianta amach romhainn agus chun cur leis an iontaoibh as an intleacht shaorga;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach, chomh maith le páirt a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil dóibh d'fhonn cur lena n-inniúlachtaí sa réimse, go háirithe mar go bhféadfadh ról maoirseachta agus forfheidhmithe a bheith acu;

3. á thabhairt dá aire go bhfuil cistí Eorpacha á gcur ar fáil de réir a chéile d'fhorbairt na hintleachta saorga; ag tarraingt aird, ainneoin sin, ar an gcur chuige ilroinnte atá ann de thoradh réimse éagsúil clár a bheith ann, rud a chuireann leis an mbaol go mbeadh ilroinnt agus forluí ann;

4. ag iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún spásanna coiteanna maithe ilfhoirmeacha sonraí a fhorbairt agus a nascadh inar féidir cásanna úsáide sochaíocha a réiteach trí úsáid a bhaint as sonraí poiblí agus príobháideacha. Tá gá freisin le hailíniú a dhéanamh leis na tionscnaimh reachtacha faoin Straitéis Eorpach maidir le Sonraí;

*Éiceachóras na hiontaoibhe*

5. á chur in iúl gurb oth leis nach ndéantar tagairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha sa togra le haghaidh rialacháin, ainneoin go mbeidh feidhm ag an gcreat dlíthiúil maidir le gníomhaithe poiblí agus gníomhaithe príobháideacha araon;

6. á thabhairt dá aire, i ndáil leis sin, gur féidir le córais intleachta saorga ról tábhachtach a imirt sa chaoi a n-idirghníomhaíonn na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha leis na saoránaigh agus a soláthraítear seirbhísí. Ina theannta sin, tá sé d'acmhainn ag córais intleachta saorga, i measc nithe eile, cur le héifeachtúlacht na hearnála poiblí agus cabhrú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar na hathruithe is gá a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an taithí atá faighte ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chur san áireamh go gníomhach san athbhreithniú leanúnach ar an Rialachán;

7. á iarraidh go dtabharfaí soiléiriú breise ar na sainmhínithe ar "soláthraí" agus "úsáideoir", go háirithe i gcásanna ina ndéanann cuideachtaí, institiúidí taighde, údaráis phoiblí agus cónaitheoirí forbairt agus tástáil le chéile ar chórais intleachta saorga i saotharlanna beo. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar shaoránaigh nó ar thomhaltóirí a ndéanann cinntí arna ndéanamh leis an intleacht shaorga i gcórais a úsáideann úsáideoirí gairmiúla difear dóibh;

8. á chur i bhfáth gur gá dul i gcomhairle roimh ré leis na húdaráis ábhartha áitiúla agus réigiúnacha nuair atá córais intleachta saorga le cur in úsáid mar chianchórais chun sainaithint bhithmhéadrach a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha i bhfíor-am i spásanna poiblí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;

9. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an comhairliúchán poiblí ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na rialacha dliteanais shibhialta a chur in oiriúint do dhúshláin shonracha na haoise digití agus na hintleachta saorga [1]; ag dréim leis go dtiocfaidh creat cothrom le dáta as sin a bheidh dírithe ar é a áirithiú go mbeidh sásamh le fáil ag tomhaltóirí i leith damáiste a dhéantar le feidhmchláir intleachta saorga;

10. ag fiafraí cén fáth nach bhfuil córais intleachta saorga a úsáidtear i bpróisis dhaonlathacha amhail toghcháin ar liosta na gcóras intleachta saorga ardriosca;

11. á iarraidh go mbeadh córais intleachta saorga ardriosca faoi réir na gceanglas céanna trédhearcachta agus faisnéise maidir le daoine nádúrtha agus a bhfuil feidhm acu faoi láthair maidir le húsáideoirí;

12. ag leagan béim ar na rioscaí agus na himpleachtaí móra do chearta an duine a bhaineann le húsáid an aicmithe shóisialta;

13. go mór in amhras, ina leith sin, ar an dá chás atá leagtha amach sa Rialachán [2] mar fhorais lena chinneadh cén uair a d'fhágfadh an t-aicmiú sóisialta go gcaithfí go díobhálach nó go neamhfhabhrach le daoine aonair nó grúpaí daoine, ós rud é go bhfuil sé thar a bheith deacair a chruthú gurb ann d'fhorais den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, tá an Coiste á áitiú go ndéanfaí cosaintí láidre a fhoirmliú go soiléir d'fhonn a áirithiú nach rachfar timpeall ar an gcosc ar chleachtais aicmithe shóisialta;

---

(1) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12979-Civil-liability-adapting-liability-rules-to-the-digital-age-and-artificial-intelligence/public-consultation_ga

(2) Airteagal 5(1)(c).

14. á thabhairt dá aire go dtugtar aghaidh in aithrisí an Rialacháin ar na rioscaí dá nochtar daoine aonair mar thoradh ar idirghníomhaíocht le córais intleachta saorga ardriosca i gcomhthéacs, *inter alia*, an oideachais, na hoiliúna, na fostaíochta, na bainistíochta acmhainní daonna, na rochtana ar fhéinfhostaíocht agus na rochtana ar sheirbhísí bunriachtanacha áirithe poiblí agus príobháideacha;

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar aicmiú ardriosca na gcóras intleachta saorga sin a bhfuil sé beartaithe ag údaráis phoiblí iad a úsáid ([3]);

16. ag iarraidh ar údarás comhairle thábhachtach *ex ante* a chur ar fáil maidir le léirmhíniú na bhforálacha sa Rialachán, agus freisin i gcás an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Cuirfidh sé sin leis an deimhneacht dhlíthiúil agus laghdófar na costais a bhaineann le córais intleachta saorga a dhearadh agus a chur chun feidhme;

17. á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, cé chomh tábhachtach agus atá an tsoiléireacht i bhfoclaíocht an Rialacháin, rud atá ríthábhachtach chun éiceachóras na hiontaoibhe a fhorbairt agus chun deireadh a chur le héiginnteacht dhlíthiúil maidir le córais intleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid. D'fhágfadh sin go seachnófaí míthuiscintí i dtaobh na gceanglas atá beartaithe agus go laghdófaí a mhéid is féidir na rioscaí a bhaineann le míbhainistiú a dhéanamh ar fheidhmchláir intleachta saorga, rud a d'fhágfadh go mbeadh an rialachán chomh héifeachtach agus is féidir agus na pionóis chomh hinchreidte agus is féidir. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le clár oibre an Choimisiúin Eorpaigh maidir le rialáil níos fearr, tá sé ríthábhachtach forluí agus/nó coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann leis na rialacha reatha a bhrath go luath agus deireadh a chur leis nó leo;

18. á thabhairt dá aire go bhfuil na córais intleachta saorga céanna in úsáid ag a lán údaráis áitiúla agus réigiúnacha le haghaidh na gcúraimí céanna. Is cuideachtaí príobháideacha a dhearann na córais sin i bhformhór na gcásanna;

19. á thabhairt dá aire nach bhfuil an togra le haghaidh rialacháin neamhspleách ar reachtaíocht eile atá ann maidir le cearta na saoránach a ráthú agus nach mór féachaint air i gcomhthéacs na reachtaíochta eile sin. Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit a áirithiú, ar bhonn leanúnach, go ndéanfaidh siad na bearta riaracháin is gá le go mbeidh sé ar a gcumas déileáil leis na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga san earnáil phoiblí;

20. á thabhairt dá aire go gciallaíonn sé sin, i gcás an mheasúnaithe comhréireachta, gur cuideachtaí agus comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh atá ag i mbun léirmhíniú a thabhairt ar na rialacha Eorpacha agus náisiúnta, agus go mbíonn tionchar aige sin ar chleachtais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a úsáideann na córais intleachta saorga sin. Fágann sin gur deacair a chinneadh a mhéid a chuirtear an beartas áitiúil agus réigiúnach san áireamh sna córais intleachta saorga sin. Tá aird á tabhairt ag an gCoiste, dá bhrí sin, ar riachtanais shonracha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus ar an bhfírinne go bhféadfadh an cur chuige céanna i ngach cás an bonn a bhaint d'éifeachtacht na gcóras intleachta saorga maidir leis na riachtanais sin a shásamh. Thairis sin, molann an Coiste gur cheart go dtabharfaí de chumhacht do na Ballstáit rialáil a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca ar bhonn cúiseanna sáraitheacha a bhfuil bonn cirt leo a bhaineann le leas an phobail;

21. á iarraidh, i ndáil leis sin, go mbeadh na measúnuithe comhréireachta trédhearcach agus so-rochtana ag an bpobal. Thairis sin, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha páirt a ghlacadh san fhaireachán a dhéantar ar chórais intleachta saorga, tuairisciú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, agus ionchur foirmiúil a bheith acu sa mheastóireacht a dhéanann an Coimisiún Eorpach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin;

22. á chur in iúl go láidir go n-éilíonn cur i bhfeidhm an bhosca gainimh rialála na coinníollacha cearta dlí, modheolaíochta agus eitice a chruthú chun go mbeifear in ann an teicneolaíocht agus an reachtaíocht a fhorbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht. Ba cheart critéir shoiléire a leagan síos le go bhféadfaidh cuideachtaí a bheith rannpháirteach sa bhosca gainimh rialála. Chun a áirithiú gur féidir le heagraíochtaí tomhaltóirí forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a fhorfheidhmiú, ní mór an gníomh sin a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint ((AE) 2020/1828);

**Feachtais faisnéise**

23. ag leagan béim ar an tábhacht a bhaineann le feachtais phoiblí, ionas go mbeidh an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi chórais intleachta saorga a bheith ann agus faoina úsáidí atá siad agus faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtoradh; á chur i bhfios go láidir freisin a phráinní atá sé go mbeadh faisnéis chuimsitheach ag na tomhaltóirí faoin intleacht shaorga/cinnteoireacht le meaisín; ag iarraidh, chun na críche sin, ar an gCoimisiún Eorpach maoiniú a chur ar fáil d'fheachtais den chineál sin;

([3]) Iarscríbhinn III(5)(a).

**An t-ualach riaracháin**

24. á chur in iúl gur cúis imní dó an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh an Rialacháin atá beartaithe. Is féidir leis an ualach riaracháin bac a chur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha an nuálaíocht a chur chun cinn agus córais intleachta saorga a chur in úsáid ([4]);

**Comhréireacht agus coimhdeacht**

25. den tuairim go gcomhlíonann an dréachtrialachán ceanglais phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta. Tá an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo agus oiriúnacht na mbunús dlí a roghnaigh an Coimisiún soiléir agus comhsheasmhach. Bhí roinn ar leith maidir leis an gcoimhdeacht san áireamh sa mheasúnú tionchair. Thairis sin, níor eisigh aon pharlaimint náisiúnta tuairim réasúnaithe maidir le neamhchomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta faoin spriocdháta le haghaidh aighneachtaí, an 2 Meán Fómhair 2021.

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS

---

([4]) I staidéar a rinneadh le déanaí (*Study to Support an Impact Assessment of Regulatory Requirements for Artificial Intelligence in Europe*, lch. 12), le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, measadh, ar bhonn toimhdí réasúnta, go bhféadfadh costas idir EUR 16 800 agus EUR 23 000 ar an meán a bheith i gceist le deimhniú a fháil le haghaidh córas intleachta saorga, costas arb ionann é, a bheag nó a mhór, agus 10–14 % de na costais forbartha.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA